



AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA UM THAILTE MÓNA



2015



***An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta***
***Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht***

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
7 Plás Íle, Baile Átha Cliath 2, D02 TW98, Éire

f: +353-1-888 3242 r: nature.conservation@ahg.gov.ie g: www.npws.ie

Príomh-ghrianghraf clúdaigh: Portach Dhoire an Fhia, Co. Ros Comáin

Grianghraif le caoinchead agus cóipcheart ó:

NPWS, Bord na Móna, RPS, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Cairde Chomhshaol na hÉireann agus an IPC



*An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta*
*Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht*

BAINISTIÚ TAILTE MÓNA NA HÉIREANN

Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna 2015



Portach Chloch na Rón, Co. na Gaillimhe

CLÁR ÁBHAR

CUID 1

1 RÉAMHRÁ 004

- 1.1 Tailte Móna in Éirinn 005
1.2 Tailte Móna Cosanta in Éirin 007

2 AN DEARCADH ATHRAITHEACH I LEITH TAILTE MÓNA NA HÉIREANN 008

- 2.1 Tuiscint Nua 009
2.2 Cothromaíocht a Lorg idir
Luachanna Traidisiúnta agus Folaithe 009
2.3 Conspóid faoi bhaint móna –
spreagadh an athraithe 011
2.4 An Bealach ar Aghaidh 013

CUID 2

3 FORBAIRT NA STRAITÉISE 014

4 FÍS AGUS LUACHANNA 018

5 BAINISTIÚ ÁR DTAILTE MÓNA: PRIONSABAIL, BEARTAIS AGUS GNÍOMHARTHA 024

- 5.1 Forbhreathnú 024
5.2 Úsáidí Reatha 025
5.3 Tailte Móna agus an tAthrú Aeráide 034
5.4 Cáilíocht Aeir 036
5.5 Suíomhanna Tailte Móna Cosanta 037
5.6 Tailte Mona lasmuigh de
na Suíomhanna Cosanta 045
5.7 Dúshaothrú Freagrach 048
5.8 Athchóiriú & Athshlánúchán
na Suíomhanna Neamh-Ainmnithe 050
5.9 Cáilíocht Uisce, Creat-Treoir Uisce agus Tuilte 050
5.10 Feasacht & Oideachas Poiblí 055
5.11 Turasóireacht & Úsáid Áineasa 058
5.12 Dumpáil Neamhúdraithe 059
5.13 An Taighde 059

CUID 3

6 FORFHEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACHT 060

AGUISÍNÍ

AGUISÍN 1 ACHOIMRE AR NA PRIONSABAIL AGUS NA BEARTA 062

AGUISÍN 2 GLUAIS 070

AGUISÍN 3 TREORACHA AN AE DÁ DTAGRAÍTEAR SA STRAITÉIS 076

AGUISÍN 4 NAISC & TUILLEADH FAISNÉISE 080

1. RÉAMHRÁ



Baint na Móna, Cnoic Shíofra, Co. Mhaigh Eo

Is éicea-chórais bhogaigh iad na **tailte móna** le cruachadh an ábhair orgánaigh ar a dtugtar móin mar eochairghné leo; tagann an t-ábhar móna sin ó ábhar plandaí marbha agus atá ag dreo go mall faoi choinníollacha fliuchrais. Is portaigh den chuid is mó atá i dtailte móna na hÉireann, agus cion beag eanach ann. Tá riocht nádúrtha ar roinnt de na portaigh agus na heanaigh, ach táthar tar éis an tromlach a athrú ag lámha an duine.

Is tailte móna iad na **heanaigh** a fhaigheann uisce anuas ar an bhfrasaíocht a bhí i dtadhall le hithir mhianrach nó le buncharraig.

Is tailte móna iad na **Portaigh** nach bhfaigheann uisce ach amháin tríd an bhfrasaíocht, agus ar lag ó thaobh cothaitheach iad agus ar aigéadach iad. Roinntear na portaigh a thuilleadh ina bportaigh ardaithe (ar lú ná aon trian d'achar na bportach iad) agus ina mbratphortaigh arb iad an príomhchatagóir tailte móna in Éirinn é.

Is **portach ardaithe** é an portach i gcruth cruinneachánach nó atá ardaithe os cionn na talún máguaird agus nach bhfaigheann uisce ach amháin ón atmaisféar. Faightear iad siúd i lár tíre na hÉireann mar a raibh lochanna oighreacha ann tráth den saol.

Is **bratphortach** é an portach a chumhdaíonn an tírdhreach droimneach faoina bhun ar nós brait. Is iad bratphortaigh an Atlantaigh an príomhchatagóir díobh siúd, agus is flúirseach iad i gContaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, Chiarraí, an Chláir agus Shligigh. Faightear na bratphortaigh shléibhe níos forleithne sa tír-raon cnocach (d'airde os cionn 200m).

1.1 Tailte Móna in Éirinn

Tá na tailte móna tar éis bheith mar chuid de thórdhreach na hÉireann ón Oighear-Aois ba dhéanaí, agus is cuid dár n-éiceachórais is sine iad in éineacht le hiarmhair na bhforaoisí cianaosta. Is iad tailte móna na tíre an fiántas deiridh atá againn, agus iad leathbhealach idir talamh agus uisce, ag soláthar gnáthóg neamhghnách dá bhflóra agus fána uathúil agus sainiúil. Clúdaíonn siad achar mór de dhromchla na talún, mar phortaigh ardaithe, mar bhratphortaigh nó mar eanaigh; agus is tírdhreacha suaithinseacha iad i go leor codanna den tír.



Sciollam na Móna (*Narthecium ossifragum*)

Clúdaíonn ithreacha móna timpeall 21% d'achar talún na tíre. B'ionann bun-achar na bportach ardaithe sa Stát agus tuairim 311,000 ha agus b'ionann bun-achar na mbratphortach bogs agus tuairim 774,000 ha. Ba choitianta iad na heanaigh in Éirinn tráth den saol, ach táthar tar éis iad go léir a mhíntíriú cé is moite de timpeall 20,000 ha lena mbaineann tábhacht chaomhnaithe (Foss, P. (2007)). Rinneadh meastachán nach meastar ach 10% den phortach ardaithe bunúil agus 28% d'acmhainn bhunúil na mbratphortach bheith oiriúnach dá gcaomhnú (tailte móna nádúrtha). Táthar tar éis fuilleach na dtailte móna a bhainistiú a bheag ná a mhór.

Is faoi úinéireacht phríobháideach atá go leor de thailte móna na hÉireann cé gur leis an Stát nó le cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit ar nós Choillte agus Bhord na Móna achair nach beag freisin. Bhí dlúthnasc ag muintir na hÉireann trí stair fhada d'fhorbairt chultúrtha agus eacnamúil. D'éirigh baint na móna mar bhreosla ní ba thábhachtaí de réir mar ar cailleadh ár bhforaoisí dúchasach agus is amhlaidh atá na glúnta de theaghlaigh Éireannach tar éis brath ar an móin mar an t-aon fhoinsé téimh acu. Táthar tar éis na tailte móna a fhorbairt leis na mílte blianta anuas, agus cruthaíodh amhábhbar tábhachtach eacnamúil leo ar ar bhraith beatha na muintire tuaithe go géar.

Is gníomhaíocht lena mbaineann luachanna traidisiúnta ar fud go leor tailte móna í baint na móna ag saoránaigh dá n-éilimh bhreosla tí féin. Cé nach bhfuil rún ar bith ag an Rialtas deireadh a chur leis an gceart traidisiúnta chun móin a bhaint i gcomhair úsáide tí an duine, caithfear dul i ngleic leis na dúshláin bhainistíochta a tháinig aníos le blianta beaga anuas. Is féidir leis an ngníomhaíocht úd leanúint ar aghaidh amach anseo i go leor ceantar. Caithfear baint na móna a laghdú áfach mar a dtagann sí i gcoimhlint leis na cuspóirí agus ceangaltais chaomhnaithe atá ar an Stát. Is í an aidhm a bheidh ann chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ina hiomláine ar chearta na ndaoine a bhaineann an mhóin trí chúiteamh nó athlonnú, de réir mar is gá agus ar mhaithe leis an leas coiteann.

Leithdháileadh na bpríomhchatagóirí úsáide talún a bhaineann leis na tailte móna.

Tailte Móna Nádúrtha	269,270ha ¹
Tailte móna réitithe (A nDeachaigh Baint Móna Tí i bhFeidhm Orthu)	612,380ha ²
Tailte móna foraoisithe	300,000ha ³
Tailte móna arna bhfeirmeoireacht (féarach)	295,000ha ⁴
Tailte móna lagphortaigh thionsclaíocha	70,000ha ⁵
Lagphortach athshlánaithe	18000 ⁶

1 Malone, S, agus O'Connell, C. 2009. Plean Gnímh na hÉireann um Chaomhnú Tailte Móna 2020 – Cailliúint na Bithéagsúlachta a Stad. Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Loilíoch Mór.

2 Malone, S, agus O'Connell, C. 2009. Plean Gnímh na hÉireann um Chaomhnú Tailte Móna 2020 – Cailliúint na Bithéagsúlachta a Stad. Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Loilíoch Mór.

3 Black, K., O'Brien P., Redmond J., Baret F. & Twomey M. 2008. Méid an fhoraoisithe le déanaí ar thailte móna in Éirinn. Irish Forestry 65 (1&2): 71-81

4 7 CRF Tábla 5.C, An Tuarascáil Fardail Náisiúnta 2007-2009 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

5 Is le Bord na Móna 57,000ha (lena n-áirítear dromchlaí crua agus imill) agus is meastachán atá san fhuilleach ar an achar atá ina lagphortach ag cuideachtaí príobháideacha a bhaineann an mhóin don ghairneoireacht den chuid is mó.


6 Figiúirí arna soláthar ag Bord na Móna, lena mbaineann athfhluchadh na lagphortach de chuid is mó agus foraoisithe freisin chomh maith le húsáideoirí cultúrtha agus tráchtála eile.

IRELAND PEATLAND MAP

SCALE: 1:375,000
 1 inch = 37.5 Kilometres
 1 inch = 24.8 Miles

Prepared and Published by National Soil Survey, An Fhios Solais

- Sea Boundaries
- Boundaries
- Rivers
- Water Labels
- Streams
- Altitudes
- County Boundaries
- Towns and Villages
- Irish Inland Boundary



SOIL CORRELATION AND MAP COMPLETION REVISIONS

Compiled from data supplied by the following:

- Soil Survey Office, Dublin
- Soil Survey Office, Galway
- Soil Survey Office, Limerick
- Soil Survey Office, Wick
- Department of Lands, Dublin
- Department of Agriculture, Dublin
- Department of Geology, Dublin
- Department of Public Works, Dublin
- Department of Public Health, Dublin
- Department of Public Safety, Dublin
- Department of Public Safety, Dublin
- Department of Public Safety, Dublin

The representation of the Republic of Ireland on this map has been authorized by the Controller of Her Majesty's Stationery Office.

2 inch scale: frequent boundaries below 100m; 10 inch scale: frequent boundaries below 100m; 10 inch scale: frequent boundaries below 100m

Peat Type	Industrial Category	Symbol	Area (ha)
Raised Bog	Machine Peat	Yellow	12,000
	Wet Peat	Red	24,000
	Wet Peat	Red	3,000
	Wet Peat	Red	10,000
Blanket Bog	Machine Peat	Orange	600
	Wet Peat	Orange	700

Peat Type	Peat Sub-type	Symbol	Area (ha)	Vegetation ^a	Soil (m)	Altitude (m)	Average Depth (m)	Moisture Supply	Photographic Division	Geology
Raised Bog	True Mire Type	Red	20,000	Andromeda heath (Mg. Borealis), heath (Mg. Borealis), heath (Mg. Borealis), heath (Mg. Borealis)	<1,000		7.0	Ombrotrophic	Undulating Lowland	Primarily Carboniferous limestone glacial with other Borealis, Mire and Ombrotrophic Borealis glacial soils
	Transitional Type	Dark Red	35,000	Sphagnum medium, Sphagnum submedium, Sphagnum medium	1,000 to 1,200		2.0	Ombrotrophic	Undulating Lowland	
	Wet modified	Pink	17,000	Species local in Ireland			1.0	Mesotrophic		
Blanket Bog	Low Level Atlantic Type	Blue	20,000	Ericaceae heath (Mg. Borealis), heath (Mg. Borealis), heath (Mg. Borealis), heath (Mg. Borealis)			2.0	Ombrotrophic (in small flush areas in mesotrophic)	Flat to Undulating Lowland	Granite, Metasedimentary, Gneiss, Quartzite and Old Red Sandstone
	Wet modified Atlantic Type	Dark Blue	14,000	Species local in Ireland	94,000		1.0		Mountain and Old Land	Rock and glacial drift
	High Level Atlantic Type	Green	20,000	Ericaceae heath (Mg. Borealis), heath (Mg. Borealis), heath (Mg. Borealis), heath (Mg. Borealis)			1.0			

^aThese definitions characteristic to each soil sub-type are given in the following species list for a greater or lesser extent in all five types (Culture and Soil Survey Office).
 Soil Survey Office, Dublin, 1968. *Soil Survey of Ireland: A Report on the Progress of the Survey*. Dublin: Stationery Office.

1.2 Tailte Móna Cosanta in Éirinn

Is é Natura 2000 croílár beartais dúlra & bithéagsúlachta an AE. Is líonra limistéar dúlra faoi chosaint ar fud an AE é, a bunaíodh faoin Treoir maidir le Gnáthóga 1992. Is éard is aidhm leis an líonra chun fadmarthain na speiceas agus na ngnáthóg is luachmhaire agus is mó faoi bhagairt san Eoraip a ráthú. Baineann Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta (LCS) (ar a dtugtar Suíomhanna lena mbaineann Tábhactach don Phobal nó STP i gcomhthéacs an AE) leis arna sainiú ag na Ballstáit faoin Treoir maidir le Gnáthóga, agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LfCS) arna sainiú faoin Treoir maidir le hÉin 1979. Comhlíonann bunú an líonra ceantar faoi chosaint seo freisin oibleagáid an Chomhphobail faoi Choinbhinsiún na NA maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch.

D'ainmnigh Éire idir na blianta 1997 agus 2002 53 suíomh portaigh ardaithe san iomlán lena sannadh mar Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta. Is ann sna LCS is portaigh ardaithe a fhaightear an chuid is mó d'iarbhair fheidhmeacha na gceantar fairsing portach ardaithe lenar

clúdaíodh go leor de lár na tíre tráth den saol. An ghné is annaimhe leo is ea go bhfuil achair nach beag de phortach ardaithe gníomhach fós iontu mar ar ceart iad na riochtaí do chruthú leanúnach na móna agus mar ar féidir leis na gnáthspeicis phlandaí agus ainmhithe bheith flúirseach. Táthar tar éis 75 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LON) is bratphortaigh a shainiú faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra chun bheith mar fhorlíonadh don líonra sin.

Táthar tar éis 50 limistéar a aithint in Éirinn mar Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta do chosaint an bhratphortaigh leis. Áirítear leis na LCS sin ceantair bhratphortaigh ísealchríche agus sléibhe ar feadh chósta an iarthair den chuid is mó, ach a bhfuil leithdháileadh forleathan acu sna hardtailte freisin. Ní fhaightear na coinníollacha aeráideacha is gá do chruthú na mbratphortach ach amháin i suíomhanna teoranta ar fud an domhain, in Albain agus san Iorua sa leathsféar ó thuaidh mar shampla nó sa Nua-Shéalainn agus san Airgintín sa leathsféar ó dheas. Táthar tar éis 73 suíomh breise ina bhfaightear gnáthóg bratphortaigh a shainiú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha faoi dhlí na hÉireann.



2. AN DEARCADH ATHRAITHEACH I LEITH TAILTE MÓNA NA HÉIREANN



Gleann Delphi, Co. Mhaigh Eo

Baineadh leas as taitle móna don fhoraoisiú, do bhaint teaghlaigh agus thionsclaíoch na móna, d'íníor agus míntíriú talmhaíochta agus baineadh leas astu i gcomhair cineálacha éagsúla forbartha bonneagair. Féadann taitle móna na hÉireann bheith fós mar óstionad do na gníomhaíochtaí úd amach anseo. Chuaigh Bord na Móna i mbun táirgeadh móna ar scála mór sna portaigh ardaithe agus lagphortaigh san fhichiú haois, a bhunaigh an Stát chun na críche sin agus a dhíríonn go príomha anois ar na portaigh ardaithe draenáilte i lár tíre na hÉireann. Rannchuireann na gníomhaíochtaí úd go mór i gcónaí leis an bforbairt eacnamúil trí thacaíocht a thabhairt don fhostaíocht go díreach agus go hindíreach chomh maith le foinse shlán fuinnimh dhúchasaigh a sholáthair. Draenáladh agus míntíriodh go leor taitle móna na hÉireann dá leas sa talmhaíochta agus san fhoraoiseacht freisin. D'éirigh feasacht agus léirthuisicint le déanaí i measc eochairlucht ceaptha beartais agus i measc an phobail i gcoitinne faoi luachanna eile na bportach feidhmeach agus faoi na tairbhí a bhaineann leo.

2.1 Tuiscint Nua

Ba é an Stát a chuir chun cinn forbairt eacnamúil tailte móna na hÉireann, lenar áiríodh chomh déanach leis na 1980í mar a soláthraíodh fóirdheontais d'athfhorbairt na bportach príobháideach. D'éirigh an tuiscint timpeall an ama chéanna, ar aon dul leis an tuiscint a d'fhás go hidirnáisiúnta faoin tábhacht a bhaineann le cosaint acmhainne bitheolaíochta agus éiceolaíochta an domhain, go rabhtas i mbaol in Éirinn fuilleach a tailte móna slána a chailliúint dá ndúshaothrú. Threoraigh an méid sin an Stát chun tailte móna ba thábhachtaí dá gcosaint a aithint. Leagadh na bunchlocha sna Limistéir Inspéise Eolaíochta d'ainmnithe ní ba dheireanaí mar Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra. Ba in oirthear lár na tíre a fuarthas fuilleach na bportach slán nó leathshlán ba mhó (An Longfort, Cill Dara, Laois & Uíbh Fhailí). Ba le Bord na Móna nó le Coimisiún na Talún den chuid ba mhó líon mór de na suíomhanna úd nuair a ceapadh dá n-ainmniú iad. Bhí Bord na Móna tar éis na suíomhanna úd a shealbhu lena ndúshaothrú tráchtála. Aistríodh úinéireacht na dtailte úd chuig an Stát, chuig An Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i láthair na huaire, chun críocha caomhnaithe, le comhaontú Bhord na Móna agus Choimisiún na Talún. Nochtadh le linn an phróisis chun portaigh ardaithe a aithint dá gcosaint gur lú, agus gur lú mealltachta dá mbaint mhórhionsclaíoch iad go leor de na portaigh ní ba shláine, agus gur sna ceantair níos sia thiar ar nós oirthear na Gaillimhe agus Ros Comáin a bhí siad suite. Bhí go leor acu siúd faoi úinéireacht phríobháideach nó faoi réir moincheart arna ndeonú ag Coimisiún na Talún. B'éigean scoth na suíomhanna úd a chosaint - ag féachaint chun oidhreachta nádúrtha tailte móna na hÉireann a chosaint agus chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla faoin Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh; laistigh de Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha na hÉireann.

Baineann luach suntasach freisin ó thaobh na héiceolaíochta agus an tírdhreacha de - cé is moite de na portaigh ardaithe; leis na bratphortaigh ar chlár imeall an iarthair agus ar na claonta cnoic. Is foinse thábhachtach fós freisin iad don bhreosla teaghlaigh sna ceantair úd. Ar deireadh is tailte móna iad na heanaigh a cruthaíodh ó fhásra a fhaigheann insreabhadh screamhuiscí gan staonadh. Is tearc iad na heanaigh nádúrtha, óir gur draenáladh 97% d'eanáigh na tíre don talmhaíocht (Foss, P. (2007)). Tá na samplaí is fearr d'fhuilleach eanach na hÉireann le fáil laistigh de na Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta a roghnaíodh dá gcosaint.

2.2 Cothromaíocht a Lorg idir Luachanna Traidisiúnta agus Folaithe

Tá na tailte móna, i ngan fhios dúinn a bheag ná a mhór, tar éis tairbhí "folaithe" eile a sholáthar dúinne ar mhínic nár tugadh mórán airde dóibh le linn cinnteoireachta. Baintear leas as an téarma "seirbhísí éiceachórais" chun cur síos ar an réimse tairbhí a éiríonn as córas nádúrtha agus ar féidir iad a dhíorthú uaidh. Is éiceachóras í an fhoraois mar shampla ar féidir léi speicis a sholáthar lena bhfiach le haghaidh beathaithe chomh maith le toradh le haghaidh cothaithe. Baineann tábhacht leis na foraoisí freisin do chosaint na hithreach, feidhmíonn siad eochair-róil i rialáil na haeráide agus an uisce, agus is limistéir thábhachtacha conláiste iad freisin agus is féidir leo adhmaid do bhreosla agus tógáil a sholáthar má dhéantar bainistiú inbhuanaithe orthu. Cosúil leis sin, is acmhainní bitheolaíochta iad na tailte móna a chruthaíonn éiceachórais leithleacha lena mbaineann tábhacht áitiúil agus náisiúnta. Ní nach cosúil leis an bhforaoiseacht ámh, níl an mhóin in-athnuaithe ar scála ama daonna.

Baineann réimse tairbhí leis na tailte móna don fholláine dhaonna. Is soiléir roinnt acu sin, ach is doiléire roinnt eile acu. Aithnítear roinnt tairbhí go traidisiúnta agus tá aithne ag éirí aníos i gcás roinnt eile. Caithfear réimse leathan saincheisteanna a bhreithniú lena n-áireofar úsáidí talún reatha agus féideartha na todhchaí agus impleachtaí na n-úsáidí sin chun teacht ar fhíorluach agus ar fhíorchumas ár dtailte móna. Is tríd an bhfioc eolaíochta a mhúnlófar a treo a ngabhfar chuici in Éirinn maidir le bainistiú a hacmhainne tailte móna. Táthar tar éis dul i mbun taighde fhairsing i leith ról agus fheidhmiú na dtailte móna agus tá a thuilleadh saothair ar bun ina leith. Aithníodh réimsí taighde breise mar chuid den straitéis seo. Feidhmeoidh breithniúcháin agus ceanglais dlíthiúla náisiúnta, an AE agus idirnáisiúnta tionchar freisin ar úsáid tailte móna na hÉireann amach anseo.

Soláthraíonn tailte móna réimse seirbhísí éiceachórais agus meastar iad bheith i measc na n-éiceachóras is tábhachtaí ar domhan, de bharr a n-eochairluacha don bhithéagsúlacht, do rialáil na haeráide, do scagachán agus soláthar an uisce, agus mar thacaíocht thábhachtach do leas na ndaoine (m.sh. foinse na folláine agus na feasa). Ina theannta sin is amhlaidh atá na tailte móna ina dtírdhreacha uathúla a fhéadann feidhmiú mar cheantair chonláiste do dhaoine áitiúla agus do chuariteoirí, agus dá mealltar turasóirí (is gníomhaíochtaí móra caithimh aimsire iad an chnocadóireacht, faire ar fhiadhúlra agus an iascaireacht in Éirinn iad) óna dtagann tairbhe eacnamúil.

Le blianta beaga anuas, i dteannta leis an tuiscint agus an buaireamh méadaithe i leith an athraithe aeráide, is amhlaidh a bhunaigh an taighde eolaíochta an tábhacht a bhaineann le tailte móna mar stórais charbóin agus mar thaca i gcoinne roinnt d'éifeachtaí réamhthuartha an athraithe aeráide. Baineann na tailte móna an carbón


go mall den atmaiséar de réir mar a fhorbraíonn siad, agus stóráilann siad i gcruth na móna é. Is trí bhaint na dé-ocsaíde carbóin den atmaisféar thar achar fada agus trí astú gásanna eile ceaptha teasa ar nós an mheatáin, a théann portaigh nádúrtha i bhfeidhm agus a rialálann siad an aeráid dhomhanda. Is thar achar fada ama atá na tailte móna tar éis bheith “ag fuarú” an atmaisféir go nádúrtha, rud nach ionann leis an “téamh” de bhunadh daonna ó astú na dé-ocsaíde carbóin isteach san atmaisféar. Cosúil leis an bhforaois bháistí sna teochreasa nár réitíodh riamh, is amhlaidh a fheidhmíonn na tailte móna ar nós rialtóirí aeráide nádúrtha. Téann an próiseas i bhfrithing ach a mbíonn siad díghráidithe, trína ndraenáil, a ngearradh nó a ndó. Anuas ar na hastuithe dé-ocsaíde carbóin a thagann ó dhó na móna, is amhlaidh anois a astaíonn na portaigh dhraenáilte méideanna abhalmhóra dé-ocsaíde carbóin de réir mar a dhianscaoiltear an mhóin ar stóráiladh iontu.

Feidhmíonn na tailte móna ról tábhachtach i gcothabháil cháilíocht an uisce. Cuidíonn na caonaigh, arb iad an phríomhchuid fásra i dtalamh móna fholláin, chun éilleáin a scagadh agus chun uisce “glan” a scaoileadh amach. Féadtar méid agus luach an uisce neamhscagtha a fhágann an portach a mhéadú tríd an dochar a dhéantar do thailte

móna, go háirithe mar ar cruthaíodh cainéil ón mbaint, agus mar ar draenáladh agus ar cailleadh fásra iontu. Féadtar na tailte móna bheith tábhachtach freisin chun sreabhanna isteach sna sruthchúrsaí a rialáil, agus is féidir leo tuilte agus triomach a mhaolú. Féadtar na seirbhísí úd a dhíghrádú nó a chailliúint ina n-íomláine, nuair a dhéantar dochar nó nuair a bhainistítear na tailte móna go míchuí, óna dtagann costais bhreise ag éirí as tuilte ar mhaoin agus ar thalamh, dochar d’aibhneacha agus lochanna, cailliúintí láithreacha sceathraí agus iasclainne, costas méadaithe leis an gcóireáil uisce agus astuithe méadaithe na dé-ocsaíde carbóin chun an atmaisféir.

Ní thuigtear go forleathan ról na dtailte móna um sholáthar uisce ghlain, um rialáil na haeráide agus um sholáthar tacaíochta do bhithéagsúlacht uathúil agus luachanna comhbhainteacha aeistéitiúla agus turasóireacha, os coinne luachanna táirgthe a bhaineann le talamh móna dhraenáilte i gcruth na móna nó na tacaíochta don talmhaíocht agus don fhoraoiseacht. Is eochairchuid den chinnteoireacht stuama í tuiscint ar na seirbhísí éiceachórais ag na tailte móna sin maidir le bainistiú agus úsáid na dtailte móna, a lárnófar ar chothromú éilimh agus leasanna an phobail go léir.

Seirbhísí éiceachórais agus úsáidí tailte móna agus a dtairbhí comhbhainteacha



2.3 Conspóid faoi bhaint móna - spreagadh an athraithe

Tá saincheist um bainistiú tailte móna na hÉireann tar éis éirí ina ábhar mór díospóireachta agus díospóide le blianta beaga anuas de réir mar a d'fheidhmigh an Rialtas chun acmhainn LCS portaigh ardaithe na hÉireann a chosaint i gcomhréir le hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Gnáthóga.

Teastaíonn cosaint agus rialáil níos éifeachtaí i ndáil le gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh de bharr meathlaithe sna suíomhanna tailte móna faoi chosaint ó ainmníodh lena sainiú iad agus ó tugadh caingean sáraithe i gcoinne na hÉireann. Tháinig breithiúnas i gcoinne na hÉireann thiar sa bhliain 1999 i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndáil le cur chun feidhme na Treorach maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta do bhaint na móna. Coinníonn saincheist chosaint na dtailte móna faoin Treoir sin agus faoin Treoir maidir le Gnáthóga uirthi ina hábhar buairimh don Choimisiún Eorpach.

Léirigh an Coimisiún Eorpach dlúthspéis i bhfeidhmíocht na hÉireann roimhe sin chun na portaigh ardaithe a bhainistiú, óir gurb in Éirinn atá tuairim 60% den ghnáthóg atá fágtha in Iarthar na hEorpa. Rinne an Coimisiún Eorpach caingean i gcoinne na hÉireann thiar sna 1990í as mainneachtain chun dúshaothrú leanúnach mórsála tionsclaíoch na dtailte móna a chosc gan measúnú a dhéanamh air faoin Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta. Ghlac Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh leis an gcás i gcoinne na hÉireann agus níor dúnadh caingean sáraithe i gcoinne na hÉireann ach amháin tar éis d'achair bhreise fairsinge an phortaigh bheith sainithe ina LONí agus do ghéarú na ndlíthe pleanála.

Cuireadh tús leis an bpróiseas ainmniúcháin a imlínítear thuas thiar sa bhliain 1997 agus ghlac an Stát céimeanna chun dúshaothrú tráchtála na bportach ardaithe a thabhairt chun críche - ag íoc cúitimh le cuideachtaí arbh éigean dóibh deireadh a chur lena n-oibríochtaí. Tugadh isteach "maolú" 10 mbliana áfach thiar sa bhliain 1999 do bhainteoirí teaghlaigh, in éineacht le scéim cheannaigh dheonaigh. Bhíodhas ag súil go dtiocfadh deireadh de réir a chéile leis an mbaint don teaghlach thar an tréimhse ama sin. Ba le hinneall a rinneadh beagnach gach baint "teaghlaigh" faoi tráth sin agus ba léir faoi lár na ndéich mbliana ina dhiaidh sin go raibh an bhaint ag leanúint ar aghaidh ag leibhéal a raibh tionchar tromchúiseach aige ar stádas caomhnaithe Limistéar Caomhantais Speisialta do phortaigh ardaithe na hÉireann.

TAILTE MÓNA & COMHLÍONADH LE DLÍ AN AE

Tugadh roinnt cásanna i gcoinne na hÉireann as sárúithe líomhnaithe de dhlí an AE maidir le bainistiú a thailte móna. Foráiltear don phróiseas i gConarthaí an AE agus tugtar cúram don Choimisiún as a chinntiú go sásaíonn na ballstáit a gcuid ceanglas dlíthiúil comhaontaithe. Sa chás nach féidir leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstát éigin aontú ar bheartas chun na saincheistanna faoi dhíospóid a réiteach, tarchuirtear an t-ábhar chun Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE). Tarchuireadh roinnt cásanna dá leithéid i gcoinne na hÉireann, lenar áiríodh na cinn seo a leanas i ndáil le bainistiú na dtailte móna.

C392/96. Ba é cinneadh na Cúirte thiar sa bhliain 1999 gur chuir Éire ceanglais na treorach MTT chun feidhme go mícheart maidir le baint na móna, míntíriú chun críocha talmhaíochta agus foraoisiú. Áiríodh le réiteach an cháis úd leasuithe don dlí pleanála agus ainmniú tailte móna ina Limistéir Oidhreachta Nádúrtha.

C67/99 Ba é cinneadh na Cúirte sa bhliain 2001 nár ainmnigh Éire liosta leordhóthanach suíomhanna lena sainiú mar LCS. B'éigean suíomhanna breise a ainmniú, lenar áiríodh suíomhanna tailte móna, leis an gcinneadh sin.

C-117/00, An Coimisiún v. Éire - Ba é cinneadh na Cúirte thiar sa bhliain 2002 nár sholáthair Éire dóthain cosanta do ghnáthóga éin shonraigh óna ró-iníor ag caoraigh sna hardtailte agus sna suíomhanna arna sainiú faoin Treoir maidir le hÉin.

C215-06 Ba é cinneadh na Cúirte thiar sa bhliain 2008 gur mhainnigh Éire chun iarratas pleanála a chur faoi Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta i gcás feirme gaoithe ag Daraidh Braoin.

C66-06 Ba é cinneadh na Cúirte thiar sa bhliain 2008 nach raibh Éire ag cur cheanglais na treorach MTT chun feidhme i gceart. Tháinig leasuithe mar thoradh air sin don reachtaíocht pleanála agus talmhaíochta, lenar áiríodh gnéithe a bhaineann le draenáil na mbogach.

Tá caingean breise réamhchúirte i leith sáraithe ar siúl faoi láthair maidir le baint móna ó LCS agus LONí. Is féidir rochtain a fháil ar gach breithiúnas de chuid na CBAE tríd an láithreán gréasáin seo a leanas:

<http://curia.europa.eu/fr/content/juris/index.htm>

D'éisigh an Coimisiún Eorpach Litir Fógra Fhoirmiúil i mí Eanáir 2011 inar imlíníodh a thuairim gur mhainnigh ar Éirinn chun a cuid oibleagáidí faoi dhlí an AE a shásamh maidir le LCS agus LONí ó thaobh rialáil bhaint na móna. Bhain foclaíocht thréan leis an litir, agus áiríodh léi bagairt chun "bearta eatramhacha" a ghlacadh i gcoinne an Stáit, ar cosúil é le hurghaire a lorg ag cur iallaigh ar an Stát na suíomhanna sin a chosaint. Tháinig Tuairim Réasúnta ina diaidh sin i mí an Mheithimh na bliana 2011. Áirítear leis na saincheisteanna a líomhnaíodh i gcoinne na hÉireann:

- Gur cúis le tionchair dhiúltacha comhshaoil í baint leanúnach na móna ar LCS agus LONí is portaigh ardaithé agus is bratphortaigh, agus nach rabhthas ag cur na bhforálacha dlíthiúla i ndáil le cosaintí faoi na Treoracha maidir le Gnáthóga agus Tionchar Timpeallachta chun feidhme sa chleachtadh;
- Nach foláir d'Éirinn an dochar a rinneadh sna gnáthóga LCS a dheisiú, nó cúiteamh a íoc as, ó roghnaíodh na suíomhanna i leith;
- Nár cuireadh chun feidhme i gcleachtadh na hoibleagáidí faoinn Treoir, agus rialacháin Éireannacha, chun baint na móna a mheasúnú mar thoradh ar an "maolú" neamhrechtúil do bhaint na móna a tugadh isteach thiar sa bhliain 1999;
- Nár fhéach Éire riamh le díolúine a fháil don bhaint leanúnach, do ghabh sa treis ar an leas poiblí, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Gnáthóga, (lena n-áirítear an ceanglas chun taispeáint nach raibh aon mhalairt ann nó gurbh fhéidir bearta cúitimh a ghlacadh); agus
- Is amhlaidh, in ainneoin athruithe do na rialacháin Mheasúnachta Tionchair Timpeallachta mar fhreagra do bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa bhliain 1999, nach bhfuil Éire ag cur na Treorach sin chun feidhme i leith tionscadal bainte móna in Éirinn sa chleachtadh.

Bhunaigh an Rialtas i mí Aibreáin 2011 an Chomhairle Tailte Móna chun geallsealbhóirí a thabhairt le chéile agus thug sé tiomantas d'ullmhú Straitéise do Thailte Móna chun beartas foriomlán a leagan amach i leith tailte móna na hÉireann. Iarradh ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna fadtéarmacha mar chuid de dhréachtstraitéis do thailte móna, ach freisin chun na dúshláin láithreacha a bhreithniú i ndáil le baint na móna sna suíomhanna sainithe. Ba í géire na conspóide a lean ar chinneadh na bliana 2010 toirmeasc a fhorghníomhú i leith bhaint na mónra ar na suíomhanna LCS ba phortaigh ardaithé ba chionsiocard leis seo. Lean tarraingt siar roinnt den lucht bainte móna agus de na conraitheoirí ó chomhphlé i ndiaidh tréimhse idirghníomhaithe idir an Chomhairle, na conraitheoirí móna agus úinéirí na mbruach móna.

Tionóladh Fóram do na Tailte Móna i mí Feabhra na bliana 2012 faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Quirke. Shloinn an Breitheamh Quirke ina thuairisc don fhóram gur tharla "cliseadh cumarsáide agus cliseadh muiníne idir na páirtithe ábhartha a d'fhéadfadh bheith deacair chun a réiteach" maidir le forfheidhmiú Treoir an AE maidir le Gnáthóga arna cur chun feidhme i leith na bportach. Níltear in aon amhras gur éirigh roinnt den bhearna cumarsáide ón achar ama idir deonú éifeachtach maolaithe 10 mbliana as baint leanúnach ag lucht bainte móna teaghlaigh agus na cinntí deiridh i ndáil le críochnú an mhaolaithe úd. B'éard ba chiall leis an maolú, mar a luaigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta sa Dáil an 7 Márta 2012, gur ligeadh do gach páirtí dearmad a dhéanamh ar na saincheisteanna úd nó go dtí an nóiméad deireanach. I dteannta leis an imní faoi na toirmisc reatha i leith bhaint na móna, bhí buaireamh i measc úinéirí na mbruach móna agus na gconraitheoirí móna maidir leis na srianta a thabharfar isteach sa todhchaí sna LCS is bratphortaigh, sna Limistéir Oidhreachta Nádurtha (LONí) agus b'fhéidir freisin sna portaigh neamhshainithe faoin tuath go léir.

Ba cheart go ndíbreofaí aon eagla gan fhoras leis an Straitéis seo do na Tailte Móna gur mian leis an Rialtas deireadh a chur le baint na móna in Éirinn, agus go soiléireofaí ag an am céanna go gcaithfear tailte móna a bhainistiú ar bhealach cothrom. Baineann cosaint na gceart traidisiúnta agus soláthar cúitimh chóir mar a dteastaíonn ón Stát cleachtadh leanúnacha na gceart sin a laghdú, dul i ngleic le hastuithe gáis cheaptha teasa agus truaillithe aeir, cosaint a thabhairt d'acmhainní uisce agus bithéagsúlachta, dul i mbun na forbartha inbhuanaithe agus chun a chinntiú go sásaíonn Éire a cuid oibleagáidí dlíthiúla.

Níl aon rún ag an Rialtas deireadh a chur le cleachtadh traidisiúnta bhaint na móna i gcomhair úsáide pearsanta an duine féin, ach tá sé tiomanta chun a chinntiú go seastar le dlí na tíre maidir le cosaint an dúlra. Is féidir le forfheidhmiú na ndlíthe sin cur isteach ar oibriú cleachtas traidisiúnta a bhaineann leis an úinéireacht ámh. Baineann dúshlán lena bhforfheidhmiú dá réir. Tá an Rialtas tiomanta do shásamh an dúshláin sin ar bhealach trédhearcach, ag obair le pobail chun na bearta a fhaightear sa Straitéis seo a fhorfheidhmiú go dlíthiúil.

2.4 An Bealach ar Aghaidh

Foráiltear do bhealach ar aghaidh mar chuid den Straitéis seo. Foilsíodh an Dréachtphlean um Bainistiú Náisiúnta LCS is Portach Ardaithe i mí Eanáir 2014 i dteannta le hathbheithniú cuimsitheach ar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LONí) agus ar phortaigh ardaithe neamhshainithe, arna múnú ag athchumrú radacach ár ngréasán LONí. Forálfar leis sin do thorthaí caomhnaithe rífheabhsaithe, agus seachnófar na limistéir ina mbaintear go leor móna agus laghdóidh sé na costais go mór don cháiniocóir. Áireofar roinnt portach faoi úinéireacht Bhord na Móna a tháinig faoi réir iarrachta caomhnaithe agus athchóirithe saindirithe ag an gCuideachta, leis an ngréasán LON. Áireofar leis freisin suíomhanna eile lena mbaineann luach caomhnaithe mar nach mbaintear mórán móna ná móin ar bith. Táthar ag dúil go ndíshaineofar go leor suíomhanna mar chuid den phróiseas seo atá ina Limistéir Oidhreachta Nádúrtha is portaigh ardaithe i láthair na huair. Beidh sé sin mar chúnaimh chun tacú ó bhonn le cosaint na LCS is portaigh ardaithe.



Sciobaire Dubh (*Sympetrum danae*)

3. FORBAIRT NA STRAITÉISE



Feadóg Bhuí (*Pluvialis apricaria*)

Éiríonn forbairt na Straitéise Náisiúnta um Thailte Móna foriomláine as an éileamh chun cur chuige straitéiseach leathan a ghlacadh do bhainistiú tailte móna na hÉireann amach anseo. D'éirigh deacrachtaí aníos d'Éirinn chun ceanglais dlíthiúla an AE a shásamh mar thoradh ar bhearnaí agus laigeachtaí beartais i ndáil le rialáil na gníomhaíochta ar thailte móna nach beag na hÉireann (os cionn 20% d'achar talún an Stáit).

Is éard is cuspóir laistiar den Straitéis prionsabail soiléire a leagan síos lena dtreorófar beartas an Rialtais i ndáil gach talamh móna na hÉireann. Cuirfear na prionsabail sin chun feidhme trína n-áireamh leis na pleananna, beartais agus gníomhartha earnálacha níos mionsonraithe, ar glacadh leo agus a rinneadh i leith gach limistéar beartais. Táthar ag iarraidh ar chomhlachtaí leath-Stáit sa mhéid agus a cheadaítear dóibh faoina sainchúraim reachtúla, agus ar údarais phoiblí le freagrachtaí earnálacha, mar chuid den Straitéis seo, chun measúnú a dhéanamh ar léiriú na luachanna agus na bprionsabal arna leagan amach sa phlean agus sna beartais reatha, agus ar an gcaoi a ndéanfaidh siad athailíniú ar a gcuid beartas agus pleananna, más gá, chun iad a chuir go comhsheasmhach leis an Straitéis um Thailte Móna.

Múnlaíodh forbairt na Straitéise seo leis an tuarascáil BOGLAND 2011 arna foilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ina soláthraítear anailís agus torthaí ar mhórsála. Moladh sa tuarascáil go dteastaíonn ó Éirinn an chaoi ina mbreathnaítear agus a ndéantar an acmhainn talún móna a bhainistiú i láthair na huairé más mian linn na slánú na n-iltairbhí a thairgtear leis na héiceachórais nádúrtha seo agus iarmhairtí costasacha an bhainistithe dhobhuanaithe a chosc.

(TUARASCÁIL BOGLAND: <http://erc.epa.ie/safer/iso19115/displayISO19115.jsp?isoID=236>)

COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

Tar éis chinneadh an Rialtas thiar sa bhliain 2011 inar faomhadh forbairt Straitéise, chuathas i mbun na tréimhse tosaigh den chomhairliúchán poiblí go luath sa bhliain 2012 maidir le scóp na Straitéise agus fuarthas tuairim 700 aighneacht. Ba ríthábhachtach iad na haighneachtaí úd chun a chinntiú gur breithníodh réimse leathan tuairimí agus saincheisteanna ar dtús. Rinneadh a dréachtú i gcomhairliúchán leis an gComhairle Tailte Móna agus leis na Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus cuideachtaí leath-Stáit ábhartha - Coillte agus Bord na Móna.

Thug an Rialtas faomhadh do dhréacht den Straitéis seo i mí Eanáir 2014, agus d'fhoilsigh í mar chuid d'fhoireann cáipéisí straitéiseacha lenar áiríodh Dréachtphlean Náisiúnta um Bainistiú na LCS is Portaigh Ardaithe, agus Athbhreithniú ar Líonra na Limistéar Oidhreacht Nádúrtha is Portaigh Ardaithe. Seoladh an dara comhairliúchán poiblí i leith na dtrí cháipéis, ónar tháinig 1,500 aighneacht breise, ar bhain an chuid ba mhó díobh le saincheisteanna sa Phlean Bainistíochta LCS. Tugadh roinnt saincheisteanna aníos ámh i gcomhthéacs na cáipéise seo agus rinneadh breithniúchán breise orthu agus an cháipéis á tabhairt chun críche.

Mar a luadh thuas, is amhlaidh a bunaíodh an Chomhairle Tailte Móna faoi chathaoirleacht neamhspleách chun cúnaimh a thabhairt don Rialtas agus do gheallsealbhoirí maidir le saincheisteanna áirithe i ndáil le bainistiú tailte móna na hÉireann. D'fheidhmigh an Chomhairle eochair-ról i bhforbairt na straitéise agus i soláthar dearcaidh náisiúnta, rialtasaigh agus neamhrialtasaigh i leith na saincheisteanna; agus leanfaidh an ról sin ar aghaidh sa toadhcháil.

Táthar tar éis an struchtúr forfheidhmiúcháin a mholtar i ndrúacht na cáipéise seo a chur i dtoll a chéile i bhfoirm Ghrúpa Forfheidhmiúcháin idir-rannach don Straitéis um Thailte Móna, a oibríonn faoi Chathaoirleach na Comhairle Tailte Móna a bunaíodh i rith na bliana 2014 chun bailchríochnú na Straitéise seo a mhaoirsiú. Rannchuir an Grúpa freisin le críochnú na straitéise, agus feidhmeoidh siad eochair-ról um maoirsiú agus tuairisciú arna forfheidhmiú.

CREATLACH AMA

Clúdóidh an Straitéis an tréimhse idir na bliana 2015 agus 2025, agus tiocfaidh sí faoi réir athbhreithniú i lár a timhriail sa bhliain 2020 chomh maith le monatóireacht agus tuairisciú leanúnach ar dhul chun cinn (féach Caibidil 6). Leagfar amach i gCaibidil 5 den Straitéis na beartais, prionsabail agus gníomhartha sna heochair-limistéir a bheidh mar threoir do bhainistiú gach talamh móna i dtreo na gcuspóirí.





4. FÍS AGUS LUACHANNA

FÍSRÁITEAS:

Is éard is aidhm leis an Straitéis seo creatlach fhadtéarmach a sholáthar ónar féidir gach talamh móna laistigh den Stát a bhainistiú go freagrach d'fhonn a rannchur sóisialta, comhshaoil agus eacnamúil do leas na glúine seo agus na nglúnta amach romhain a bharrfheabhsú.

Is féidir leis na roghanna a dhéantar i mbainistiú na dtailte móna rannchur le gnóthú cuspóirí agus oibleagáidí don leas coiteann nó baint díobh, a dtéann an Stát ina mbun faoi Chomhaontuithe Idirnáisiúnta, faoi dhlí an AE agus faoin dlí náisiúnta. Rachfar i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla ar cháilíocht an uisce, rialú tuilte, iascaigh, aibhneacha, srutháin agus lochanna, fiadhúlra cosanta cáilíocht an aeir agus an t-athrú aeráide; ag brath ar na roghanna a dhéantar.

Is í an aidhm chun an cumas do bhainistiú níos éifeachtaí de bhainistiú gach talamh móna na hÉireann a shaothrú ina iomláine. Teastaíonn cur chuige straitéiseach ar fud go leor earnálacha agus limistéar beartais. Aithnítear sa Straitéis oibleagáidí ag éirí as Comhaontuithe Idirnáisiúnta ar nós RAMSAR, an Coinbhinsiúm um Éagsúlacht Bitheolaíochta (CÉB), agus Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), reachtaíocht an AE, lena n-áirítear an Chreat-Treoir Uisce, An Teoir um Aer níos Glaine don Eoraip (AnGE), an Treoir um Thuilte, an Treoir um Dhliteanais Chomhshaoil, an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta, na Treoracha maidir le Gnáthóga agus Éin, agus na rialacháin a bhaineann leis an athrú aeráide, nach foláir d'Éirinn fúthu measúnú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar an gcaoi a ndéantar bainistiú ar a tailte móna agus ar an gcaoi a rialáiltear gníomhaíochtaí éagsúla orthu.

CUSPÓIRÍ NA STRAITÉISE

Aithnítear sa straitéis go leanfaidh tailte móna na hÉireann ar aghaidh ag rannchur le héagsúlacht leathan éileamh daonna agus á gcur chun ilúsáidí.

Maidir leis an Straitéis:

- treoróidh sí cur chuige na hÉireann do bhainistiú na dtailte móna agus don chaoi chun na tairbhí a thagann ónár n-acmhainn tailte móna fhorleathan a bharrfheabhsú sna blianta fada amach romhainn.
- cuirfear chun feidhme i leith gach talamh móna í, lena n-áirítear ithreacha móna. Is ionann a fhorleithead sin agus 1.47m heicteár. Díreofar í ar úinéirí, úsáideoirí tailte móna agus ar an bpobal i gcoitinne den chuid is mó, a mbaineann leas as na seirbhísí a sholáthraítear leis na tailte móna. Díritear freisin í ar lucht ceaptha beartais agus ar chinnteoirí.
- Cinnteoidh sí go rannchuirfidh na húdaráis Stáit ábhartha agus na cuideachtaí faoi úinéireacht Stáit a mbíonn tionchar acu ar na cinntí úd chun cuspóirí agus oibleagáidí trasghearrthacha ina mbeartais agus ina ngníomhartha a shásamh.
- Cinnteoidh sí go ndéantar tailte móna na hÉireann a bhainistiú go hinbhuanaithe ionas gur féidir leas freagrach a bhaint as a dtairbhí.
- Múnlóidh sí córais rialaitheacha iomchuí chun an dea-chinnteoireacht a éascú chun tacú leis an úsáid fhreagrach. Is aidhm léi freisin soláthar dreasachtaí iomchuí, tacaíochtaí airgeadais agus dídhreasachtaí a mhúnlú de réir mar is gá.
- Soláthróidh sí creatlach chun an úsáid is iomchuí de phortaigh réitithe agus de lagphortaigh amach anseo a bhreithniú agus a chinntiú. Moltar treoir nua do rialáil bhaint na móna trí chéile léi freisin, a thagann faoi réir an dlí phleanála agus an cheadúnúcháin Chomhtháite do Rialáil an Truailithe faoi láthair.
- Cinnteoidh sí go sainaithnítear gníomhartha sonracha do ghnóthú a cuspóirí, agus go seachadtar iad leo siúd a bhíonn bainteach le bainistiú tailte móna nó freagrach as cinntí a dtéann i bhfeidhm ar a mbainistiú. Is ann sa Straitéis seo a fhaightear roinnt gníomhartha sonracha chun na críche sin, ach tiocfaidh tuilleadh gníomhartha aníos de réir mar is gá trí bhreithniúcháin, pleananna nó straitéisí breise ar sonracha d'earnáil nó do shaincheist iad.



Drúchtín Móna (*Drosera rotundifolia*)

LUACHANNA

RAON FEIDHME

- L 1** Tá feidhm leis an Straitéis i leith na 1.47 milliún heicteár go léir d'ithreacha móna sa Stát, bídís faoi úinéireacht phoiblí nó phríobháideach. Áirítear leo sin portaigh agus eanaigh, bídís cuibheasach slán, draenáilte, creimthe, réitithe nó ina lagphortaigh agus ag céimeanna uile a ndíghrádaithe - agus gach ithir mhóna in úsáid mar mhóintigh chun críocha talmhaíochta agus foraoiseachta.
- L 2** Dírítear an Straitéis ar úinéirí, úsáideoirí tailte móna agus ar an bpobal i gcoitinne, a mbaineann leas as na hilseirbhísí a sholáthraítear leis na tailte móna. Dírítear í freisin orthu siúd a dtéann a gcinntí i bhfeidhm, agus a múnlaítear bainistiú na dtailte móna leo.
- L 3** Bíonn tionchar ag go leor geallsealbhóirí ar bhainistiú talún móna trína róil mar lucht ceaptha beartais, rialtóirí, soláthróirí tacaíochtaí nó deontas airgeadais, comhlachtaí comhthola, fiontair thráchtála nó soláthróirí seirbhísí poiblí. Is éard is aidhm leis an straitéis seo chun a chinntiú go mbíonn an t-eolas agus an tuiscint is gá ag gach aon cheann de na comhlachtaí úd i leith impleachtaí a cinntí chun a chinntiú go rannchuireann a beartais agus a gníomhartha le bainistiú freagrach na dtailte móna.

PRÍOBHÁIDEACH AGUS POIBLÍ - COSTAIS AGUS SOCHAIR

- L 4** Soláthraíonn tailte móna na hÉireann réimse leathan tairbhí agus seirbhísí lena n-áirítear tríd an talmhaíocht, cothabháil na bithéagsúlachta, stóráil agus ceapadh an charbóin, an fhoraoiseacht, rialáil uisce agus maolú tuilte, breosla do ghiniúint an leictreachais agus móin do bhailte, an fhostaíocht (idir dhíreach agus indíreach), talamh don fhuinneamh gaoithe, limistéir chonláiste, móin don ghairneoireacht agus talamh don tithíocht agus don bhonneagar. Is foinse feasa (déantáin, aeráidí seo caite), oideachais agus taighde freisin iad. Leanfaidh tailte móna na hÉireann ar aghaidh ag rannchur le héagsúlacht leathan éileamh daonna agus á gcur chun ilúsáidí. Is éard is aidhm leis an straitéis seo ná chun a chinntiú go ndéantar tailte móna na hÉireann a bhainistiú go hinbhuanaithe ionas gur féidir leas freagrach a bhaint as a dtairbhí agus gan iad a chailliúint, trí bhreithniú na dtairbhí agus na gcostas a bhaineann le húsáidí malartacha.
- L 5** Is í úsáid fhreagrach na dtailte móna a bharrfheabhsóidh rannchur na n-úsáidí éagsúla don leas daonna anois agus amach anseo, ag tabhairt san áireamh na seirbhísí eacnamúla, sóisialta agus comhshaoil a thugtar leis na tailte móna. Éascóidh é sin d'aird mhéadaithe ar luach agus costais na n-úsáidí malartacha. Ba cheart go rachfaí i mbun na talmhaíochta, na foraoiseachta, bhaint na móna agus na forbartha tráchtála ar bhealach lena n-íoslaghdaítear an dochar don chomhshaoil, a ghnóthaíonn na deiseanna maidir le cosaint agus feabhsú an chomhshaoil, agus a rannchuireann le sásamh cuspóirí agus oibleagáidí an Stáit i ndáil leis an aer, an aeráid, an uisce, an dúlra agus leis an gcomhshaoil.
- L 6** Tabharfar spreagadh le creatlach d'úsáid fhreagrach tailte móna na hÉireann chun úsáidí iomchuí, agus tabharfar díspreagadh d'úsáidí míchuí léi; is ar an gcomhthéacs a bhraithfidh an méid is iomchuí agus is míchuí. Is í aidhm na Straitéise córais rialaitheacha iomchuí a mhúnlú, ar cóiras iad a éascaíonn don dea-chinnteoireacht chun tacú leis an úsáid fhreagrach. Is aidhm léi freisin soláthar dreasachtaí iomchuí, tacaíochtaí airgeadais agus dídhreasachtaí a mhúnlú de réir mar is gá.
- L 7** Is tírdhreacha saibhre ó thaobh na seandálaíochta de iad na tailte móna. Baineann foireann shainiúil cineálacha séadchomharthaí lena n-úsáid agus tá réimse gníomhaíochtaí a rinneadh i bportaigh, rud a léirigh luachanna cultúrtha na sochaithe seo caite. Na hábhair orgánacha d'adhmaid, leathar, craiceann agus fíochán, fuill phlanda agus bia a mhaireann sa mhóin; ní hamhlaidh a mhaireann siad i gcomhthéacsanna inchomparáide sna tailte tirime. Buanaítear na séadchomharthaí seandálaíochta laistigh den mhóin agus faoina bun. Is stór í an mhóin féin don stair chomhshaoil den cheantar máguaird. Éascóid an straitéis seo do chosaint éifeachtach an ábhair sheandálaíochta i ngach aon talamh móna.

ÚSÁIDÍ REATHA & NA TODHCHAÍ - CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ

- L 8** Is gníomhaíocht lena mbaineann luachanna traidisiúnta ar fud go leor tailte móna í baint na móna ag saoránaigh dá n-éilimh bhreosla tí féin. Is féidir leis an ngníomhaíocht sin leanúint ar aghaidh amach anseo i go leor ceantar. Caithfear baint na móna a laghdú áfach mar a dtagann sí i gcoimhlint leis na cuspóirí caomhnaithe agus ceanglais dlíthiúla atá ar an Stát. Is í aidhm na Straitéise seo chun a chinntiú sna cásanna éigeantacha de sin don leas coiteann, go bhfaighidh na húinéirí talún nó na húinéirí moincheart i gceist cúiteamh agus/nó cúnamh chun socruithe malartacha a dhéanamh chun a gcuid éileamh breosla a shásamh, de réir mar is féidir.
- L 9** Tá ceantair thailte móna ann ar baineadh an mhóin iontu, agus mar a dtiocfaidh an ghníomhaíocht sin chun deiridh go cuibheasach luath amach anseo. Is í aidhm na Straitéise seo creatlach chun an úsáid is iomchuí de thailte móna mar sin amach anseo a bhreithniú agus a chinntiú.
- L 10** Tá cearta maoinne ag úinéirí talún agus úsáideoirí talún dá dtugtar cosaint sa Bhunreacht agus is amhlaidh dá réir atá siad ag lár na Straitéise. Féadann torthaí tairbheacha agus diúltacha bheith ag úsáid na dtailte móna ar an bpobal i gcoitinne agus tagann úsáidí áirithe faoi réir srianta, ceadanna agus céadúnas dlíthiúil i láthair na huair, mar a bhféadfaí dul i bhfeidhm ar an leas coiteann. Ní foláir don Stát ar uairibh cleachtadh ceart maoinne a shrianadh ar mhaithe le héilimh an leasa choitinn, dá bhforáiltear sa Bhunreacht freisin.
- L 11** Tá taithí mhór ag Éirinn i mbainistiú na dtailte móna. Is éard is aidhm leis an Straitéis seo foghlaim ó rathúlacht gníomhairí poiblí, príobháideach agus deonacha i mbainistiú tailte móna athchóirithe, athshánaithe agus inbhuanaithe; agus chun cur léi. Is aidhm léi freisin leas a bhaint as ár dtaithí chun fíis shloinnte na Straitéise seo a ghnóthú.

AERÁID, AER, UISCE & DÚLRA

- L 12** Tá an corpas saothair thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ag fás, rud a thugann bonn feasa do bhainistiú freagrach na dtailte móna i gcomhair éagsúlacht leathan leasanna coiteanna. Is í aidhm na Straitéise chun a chinntiú go múnlaítear na cinntí a théann i bhfeidhm ar bhainistiú tailte móna tríd an bhfios eolaíochta is fearr.
- L 13** Téann bainistiú tailte móna i bhfeidhm ar leibhéal, cainníocht agus cáilíocht an uisce faoin tuath máguaird. Is féidir leis dul i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce in aibhneacha agus lochanna. Chuaigh bainistiú tailte móna i bhfeidhm freisin ar na costais a bhaineann le cóireál an uisce ólta. Is féidir le sioltachán na móna díobháil a dhéanamh do shláinte na láithreacha sceathraí éisc agus de speicis uiscíochá eile. Is féidir le roghanna bainistíochta tuilte ar thailte eile agus ar mhaoín sa dobharcheantar céanna a dhéanamh níos méasa nó cuidiú chun iad a chosc. Is í aidhm na straitéise chun a chinntiú go ndéantar na tionchair sin a thaiscéaladh, a thuiscint agus a chur san áireamh ina n-iomláine leis an gceapadh beartais agus le pleanáil na húsáide talún.
- L 14** Is eochair-ábhar breithniúcháin é ról na dtailte móna sa timthriall carbóin maidir lena mbainistiú amach anseo. D'fhéadfadh impleachtaí beartais bheith aige sin d'fhreagra na hÉireann in aghaidh an athraithe aeráide. Caithfear tuiscint níos doimhne agus níos iomláine a fháil ar thionchair agus ar impleachtaí úsáidí reatha agus féideartha ár dtailte móna chun iad siúd a thaiscéaladh ina n-iomláine. Is éard is aidhm leis an straitéis seo chun a chinntiú go dtéitear i mbun an taighde agus tiomsaithe sonraí is gá chun tacú le forbairt seasaimh bheartais náisiúnta mhúnlaithé sa chomhthéacs sin.
- L 15** Is ann i dtailte móna na hÉireann a fhaightear gnáthóga agus speicis tearca agus faoi bhagairt, atá i mbaol a ndíothaithe. Tá Éire tar éis gealltanais a thabhairt chun cosaint a thabhairt do na gnáthóga agus speicis úd, trí ainmniú limistéar ionadaíoch mar Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta, Limistéir Oidhreachtá Nádúrtha nó Limistéir faoi Chosaint Speisialta. Is éard is aidhm leis an Straitéis seo chun a chinntiú go dtugtar cosaint do na limistéir úd dá uasmhéad agus is féidir, chun an leasa choitinn, agus go rannchuireann na húinéirí talún, úsáideoirí, údarais phoiblí agus eagrais neamhrialtasacha leis an gcuspoir seo.

OBAIR AS LÁMHA A CHÉILE

- L 16** Teastóidh comhoibriú agus comhpháirtíocht idir úinéirí talún, pobail, údaráis phoiblí, eagrais tráchtála agus eagrais neamhtráchtála ó bhainistiú freagrach agus inbhuanaithe na dtailte móna. Is éard is aidhm leis an Straitéis seo ná chun a chinntiú go mbíonn na tacaíochtaí, struchtúir, meicníochtaí cistithe agus creatlacha rialaitheach i bhfeidhm chun a ligean do chomhpháirtíocht mar í chun forbairt.
- L 17** Is féidir leis na roghanna a dhéantar i mbainistiú na dtailte móna rannchur le gnóthú cuspóirí agus oibleagáidí don leas coiteann nó baint díobh, a dtéann an Stát ina mbun faoi Chomhaontuithe Idirnáisiúnta, faoi dhlí an AE agus faoin dlí náisiúnta. Rachfar i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla ar cháilíocht an uisce, rialú tuilte, iascaigh, aibhneacha, srutháin agus an ghnáthóg bhruachánach, cáilíocht an aeir agus an t-athrú aeráide; ag brath ar na roghanna a dhéantar. Cinnteofar le haidhmeanna na Straitéise seo go rannchuirfidh na húdaráis Stáit ábhartha a mbíonn tionchar acu ar na cinntí úd chun cuspóirí agus oibleagáidí trasghearrthacha ina mbeartais agus ina ngníomhartha a shásamh.
- L 18** Taiscéalfar ina iomláine rannchur féideartha athshlánú, athchóiriú agus fheabhsú na dtailte móna do mhaolú an athraithe aeráide, i dteannta le caomhnú na talún móna. Is í an tosaíocht láithreach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais taighde i ndáil le hathshlánú, athchóiriú agus feabhsú agus chun bunú an eolais a theastaíonn chun tacú le forbairt seasaimh bheartais eolaigh. Áireofar leis sin forbairt bunúis theicniúil fhóintigh d'anailísiú agus tuairisciú na n-astuithe agus na n-asbhaintí gáis cheaptha teasa a bhaineann leis na bogaigh.

FEASACHT & OIDEACHAS

- L 19** An tábhacht a bhaineann le bainistiú freagrach na dtailte móna agus ní thuigtear go forleathan ná ní chuireann an pobal luach leis an gcaoi inar féidir leis dul i bhfeidhm ar an bpobal i gcoitinne. Is í aidhm na straitéise seo feasacht agus tuiscint a spreagadh i measc an phobail, na n-úinéirí talún agus na gcinnteoirí faoin luacht a bhaineann leis na tailte móna agus faoi na himpleachtaí a bhaineann le dea-chleachtas agus le droch-chleachtas bhainistíochta.



Cladonia uncialis

5. BAINISTIÚ ÁR DTAILTE MÓNA: PRIONSABAIL, BEARTAIS AGUS GNÍOMHARTHA



5.1 Forbhreathnú

I gcomhréir leis an bhfís agus leis na luachanna a leagadh amach, agus súil á caitheamh chun na todhchaí, is amhlaidh a bheidh cur chuige an Rialtais do mhúnú bainistiú tailte móna an náisiúin bunaithe ar bhreithmheas níos forleithne ar na tairbhí – na seirbhísí éiceachórais – a thagann ónár dtailte móna. Tarlaíonn úsáid agus bainistiú na talún móna i gcomhshaol rialaitheach casta de bheartais agus crealtacha dlíthiúla forluiteacha. Bíonn feidhm ag roinnt limistéar de dhíl an AE, go háirithe i ndáil le cosaint an chomhshaoil, dár n-úsáid de na tailte móna. Bíonn feidhm ag dlíthe éagsúla do shuíomhanna roghnaithe faoi chomhair chaomhnú an dúlra seachas do cheantair thailte móna eile nach iad. Feidhmíonn réimse leathan údarás poiblí ról chun an chaoin ina mbaintear leas as tailte móna a chinntiú. Is le beartais agus rialacháin éagsúla earnálacha agus roinnt ceangaltas comhthola agus ceadúnúcháin a rialaítear úsáidí reatha na dtailte móna. Bíonn tionchar ag tacaíochtaí agus dreasachtaí airgeadais arna gcistiú go poiblí ar na húsáidí.

Is soiléir nach raibh dlúth-chomhordú ann i gcónaí idir cur chuige éagsúil de réir earnála. Níor bhreithnigh an lucht ceaptha beartais impleachtaí a bpleananna agus a mbeartais ina n-iomláine riamh do ghnóthú cuspóirí eile an beartais phoiblí. Is éard is aidhm leis an Straitéis seo ná chun a chinntiú go dtapaímid deiseanna chun beartais a fhorfheidhmiú i ndáil le húsáid na talún móna ar comhlántach agus frithneartach í agus go seachnaítear an oiread agus is féidir na beartais neamhréireacha.

Leagtar amach thíos na prionsabail as a mbainfear leas chun beartais, pleananna agus cinntí earnálacha maidir le húsáid na dtailte móna amach anseo a threorú. Na húdaráis phoiblí atá freagrach as na limistéir earnálacha úd nó dá dtugtar an cúram as cuspóirí trasghearrthacha a fhorfheidhmiú trína bpleananna, beartais agus cinntí earnálacha; is iad siúd a bheidh freagrach as seachadadh cuspóirí na straitéise seo ina limistéir feidhmeacha, ag cloí lena fíis, luachanna agus prionsabail. Leagtar amach tuilleadh eolais don chur chuige chun monatóireacht agus tuairiscí a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na Straitéise i gcaibidil 6.

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

- P1** Leanfaidh tailte móna na hÉireann ar aghaidh á n-úsáid chun ilchríoch, lena n-áireofar an talmhaíocht, an fhorbairt, baint na móna, an fhoraoiseacht, an caomhnú agus mar chonláistí.
- P2** Breithneofar sochair agus costais fhéideartha eacnamúla, comhshaoil agus sóisialta na n-úsáidí talún móna agus cuirfear chun feidhme iad do na cinntí beartais agus úsáide talún.
- P3** Cinnteoidh bainistiú tailte móna na hÉireann amach anseo cosaint na ngnáthóg is tailte móna faoi bhagairt i gcomhréir leis na dlíthe comhshaoil.
- P4** Tabharfar cearta agus leasanna na n-úinéirí talún agus na n-úsáideoirí talún ar thailte móna na hÉireann san áireamh ina n-iomláine sa cheapadh beartais agus sa chinnteoireacht, in éineacht le breithniú iomlán do leasanna an phobail i gcoitinne.
- P5** Cleachtfaidh na cuideachtaí leath-Stáit, sa mhéid agus a cheadaítear dóibh faoina sainchúraimí eachtúla, agus cleachtfaidh na húdaráis phoiblí a gcuid feidhmeanna ar bhealach chun tacú le cuspóirí na Straitéise seo.
- P6** Aithnítear cleachtadh na móincheart agus úsáid na bportach ag teaghlaigh mar fhoinsé breosla mar ghníomhaíocht lena mbaineann tábhacht eacnamúil agus shóisialta shuntasach do na teaghlaigh agus na pobail lena mbaineann.
- P7** Leanfar ar aghaidh ag cleachtadh na móincheart. Caithfear baint na móna a shrianadh i gceantair áirithe áfach, mar shampla chun críocha chaomhnú an dúlra agus chun oibleagáidí dlíthiúla na hÉireann a choinneáil. Soláthrófar pacáistí cúitimh iomchuí don lucht bainte móna a dtéann sé sin i bhfeidhm orthu as cailteanais nó tabharfar cúnamh dóibh chun socruithe malartacha a dhéanamh chun a gcuid éileamh breosla a shásamh.
- P8** Tagann leibhéil arda d'astuithe gáis cheaptha teasa agus d'éilleáin aeir as dó na móna don téamh teaghlaigh, i gcomparáid le húsáid breoslaí malartacha. Breithneofar bealaí sna beartais fhuinnimh, athraithe aeráide agus do cháilíocht an aeir chun malartú chuig foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe agus níos éifeachtúla.

5.2 Úsáidí Reatha

5.2.1 Baint na móna mar bhreosla tí

Buntréith de na tailte móna is ea an tábhacht a bhain leo do phobail áitiúla, mar chodanna íocónacha den tírdhreach agus mar acmhainní breosla agus eacnamúla araon. Is ón seachtú haois a thagann na taifid scríofa is luaith d'úsáid na móna mar bhreosla. Bhíothas ag baint leasa go forleathan as an móin lámh-bhainte mar bhreosla faoin 17ú haois. Measadh idir an 18ú agus an 19ú haois gur baineadh leas as 5 milliún tonna móna in aghaidh na bliana. Ba é sin an leibhéal táirgthe agus úsáide bliantúla fós ag tús an 20ú haois, ach tháinig laghdú ar an bhfigiúr le linn na 1920í agus na 1930í. Ba idir tús na 1950í agus tús na 1990í a tharla táirgeadh tionsclaíoch na móna fódaithe ar mórskála ag Bord na Móna. Thug an Rialtas scéim portaigh phríobháidigh isteach sa bhliain 1981 faoinar tugadh fóirdheontais d'athfhorbairt na gceapóg portaigh phríobháidigh agus do cheannach an innealra. Athraíodh leis an scéim an chaoi ar táirgeadh an mhóin phríobháideach. Is le hinneall a ghearrtar an mhóin an lá inniu ann, agus is é úinéir na mbruach móna a shábhálann an mhóin de láimh. Is soiléir dá réir gur tháinig athrú mór ar shaintréithe an ghearrtha móna don teach ó laethana an tsleáin i leith. Baintear leas as dhá phríomhchineál inneall go coitianta: Baineann gearradh móna ó bhruach éadain, a maothú agus a leathadh le húsáid crannóige, as a mbaintear leas in éindeacht le tochairteoir. I gcás an dara hinneall, ar a dtugtar inneall 'ispíní', gearrann sé an mhóin de dhromchla na móna. Gearradh tuairim 600,000 tonna móna sa bhliain 2003 trí leas a bhaint as na modhanna úd. Is gníomhaíocht eacnamúil den chuid is mó í gearradh, cnuchairt agus sábháil na móna, ach baineann feidhm thábhachtach shóisialta agus chultúrtha léi toisc gur bhain gné mhór pobail léi.

Tá laghdú faoi 67% tar éis teacht ar leas na móna don téamh teaghlaigh ón mbliain 1990 i leith, le meathlú agus claochlú breise chun breoslaí teaghlaigh mhalartacha sna chéad deich mbliana den 21ú haois. Cé go mbaineann stair thraidisiúnta fhada le dó na móna in Éirinn, faightear sna hastuithe comhbhainteacha leis an aer réimhse truailléan a fhéadann díobháil a dhéanadh do shláinte an duine. Ní dócha go ndéanann dó na móna ná na mbrícíní móna díobháil do cháilíocht an aeir amuigh faoin tuath; is féidir leis, ar nós breoslaí soladacha eile, rannchur ámh le carnadh truailléan inár sráidbhailte, bailte agus cathrach, rud a fhéadann díobháil a dhéanamh do cháilíocht an aeir. Níor tháinig an mhóin ná a táirgí faoi aird na rialachán go nuige seo, a díriodh ar an ngual sna cathracha agus bailte ní ba mhó. I gcás na gcaighdeáin níos airde do cháilíocht an aeir ámh chun sláinte na ndaoine agus an comhshaoil a chosaint; teastóidh breithniúchán níos forleithne ar na hastuithe ó gach breosla soladach amach anseo. Tugadh isteach an cháin charbóin sa bhliain 2010 chun dreasacht a thabhairt don chlaochlú chuig táirgí agus seirbhísí níos glaine, níos lú ó thaobh an charbóin de. Bíonn feidhm ó 1 Bealtaine 2013 i leith le cáin charbóin do bhreosla soladach is móin ag ráta a léiríonn a truailliú carbóin choibhneasta i gcomparáid le breoslaí teaghlaigh mhalartacha.

Is gníomhaíocht lena mbaineann luachanna traidisiúnta ar fud go leor tailte móna í baint na móna ag saoránaigh dá n-éilimh bhreosla tí féin agus ní fúinn an ghníomhaíocht sin a thabhairt chun críche. Is féidir leis an ngníomhaíocht sin leanúint ar aghaidh amach anseo i go leor ceantar. Caithfear baint na móna a laghdú áfach mar a dtagann sí i gcoimhlínt leis na cuspóirí agus ceangaltais chaomhnaithe atá ar an Stát. Is í aidhm na Straitéise seo chun a chinntiú in imthosca arb éigean sin a laghdú, ar mhaithe leis an leas coiteann, go dtugtar aghaidh ina hiomláine ar chearta an lucht bainte móna tríd an gcúiteamh nó trí athlonnú.

Ba cheart go ndíbreofaí aon eagla gan fhoras leis an Straitéis seo do na Tailte Móna gur mian leis an Rialtas deireadh a chur le baint na móna in Éirinn, agus go soiléireofaí ag an am céanna go gcaithfear tailte móna na hÉireann a bhainistiú ar bhealach cothrom. Baineann cosaint na gceart traidisiúnta agus soláthar cúitimh chóir mar a dteastaíonn ón Stát cleachtadh leanúnacha na gceart sin a laghdú, dul i ngleic le hastuithe gáis cheaptha teasa agus bithéagsúlachta, dul i mbun na forbartha inbhuanaithe agus chun a chinntiú go sásaíonn Éire a cuid oibleagáidí dlíthiúla.

ASTUITHE DÉ-OCSAÍDE CARBÓIN NA MBREOSLAÍ

Imlínítear sa tábla thíos astuithe dé-ocsaíde carbóin in aghaidh an aonaid fhuinnimh ó bhreoslaí éagsúla. Freagraíonn na figiúirí níos airde do leibhéil astuithe níos airde.

	t CO ₂ /TJ (NCV)	g CO ₂ /kWh (NCV)
Breoslaí Leachtacha		
Breosla Mótair (Gásailín)	70.0	251.9
Ceirísín Scairde	71.4	257.0
Ceirísín Eile	71.4	257.0
Gás/Ola Dhíosail	73.3	263.9
Fuíoll Driogaireachta	76.0	273.6
LPG	63.7	229.3
Nafta	73.3	264.0
Cóc Peitríliam	98.9	334.5
Breoslaí Soladacha agus Díorthaigh		
Gual	94.60	340.6
Móin Mheilte	116.7	420.0
Móin Fód	104	374.4
Brícíní Móna	98.9	355.9
Gás		
Gás Nádúrtha	56.9	204.7

http://www.seai.ie/Publications/Statistics_Publications/Emission_Factors/



5.2.2 Talmhaíocht

Bhaintí leas as ciumhaisí na dtailte móna agus na mbratphortach don iníor ar feadh na mílte blianta faoi sheanchórais úinéireachta talún na hÉireann. Tar éis na 'lonnaíochtaí' éagsúla nuair a aistríodh úinéireacht na talún chuig plandóirí Briotanacha agus daingne tionachta ann do na húnéirí úra, ab amhlaidh a rinneadh iarrachtaí go fairsing na tailte móna a thiontú ina dtalamh mhaith don fheirmeoireacht. Leanadh ar aghaidh leis na hiarrachtaí úd idir an 17ú haois agus an 19ú haois, agus tá go leor den talamh sin fós in úsáid sa talmhaíocht. Tharla méadú mear ag deireadh an 18ú haois agus sa chéad leath den 19ú haois sa daonra nuair a ghabh teaghlaigh bhochta codanna de na tailte móna chucu féin, ag tógáil tithe agus ag cur prátaí. Tháinig an talamh imeallach sin faoi réir cíosa nuair a bhíodhas in ann barra nó iníor a dhéanamh uirthi, rud a bhrúigh tionóntaí bochta ní b'fháide isteach sa phortach. Tháinig an próiseas sin chun críche go tobann leis an ngorta mór, ach tá rianta an phróisis sin le feiceáil ar fud na tíre go fóill. Is é an t-iníor, ag caoraigh den chuid is mó, ar na bratphortaigh an úsáid nua-aimseartha is forleithne de thailte móna faoi chomhair na talmhaíochta. Le teacht isteach na n-íocaíochtaí cinn ab amhlaidh a rinneadh ró-iníor i gceantair ar leith trína ndearnadh díobháil do na tailte móna. Tá teacht isteach na díchúplála agus tabhairt isteach na gcreatphleananna coimíneachta le blianta beaga anuas tar éis na brúnna ró-iníor a laghdú go mór. Is gníomhaíocht inbhuanaithe é an t-iníor ar na bratphortaigh, más iomchuí iad na leibhéil stocála, nach n-ídíonn carnadh na móna agus ar cheart tacaíocht a thabhairt di. Tar éis turgnamh chun tailte móna is lagphortaigh a thiontú ina bhféarach is amhlaidh a tiontaíodh tuairim 2,500 ha den phortach úd. Is féidir limistéir lagphortaigh a thiontú, ach ní thacóidís leis an infheistíocht éigeantach i bhfianaise na bpraghsanna talún i láthair na huairé.

Déantar an fheirmeoireacht ar go leor de thailte móna na hÉireann. Is minic ar leis na feirmeoirí stráicí portaigh a bhainistiú siad freisin. Feidhmíonn na feirmeoirí eochair-ról chun tailte móna agus ithreacha móna na hÉireann a bhainistiú, agus an cumas ag a ngníomhaíochtaí bheith

tairbheach nó díobhálach. Faigheann an chuid is mó d'fheirmeoirí tacaíocht airgeadais ó chistí poiblí agus léirigh siad toilteanas chun a ngabháltais a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, faoi réir soláthair chomhairle agus tacaíochta iomchuí. Mar shampla, tá na feirmeoirí agus a n-eagrais ionadaíocha tar éis bheith cuiditheach go comhsheasmhach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar nós ró-iníor na n-ardtailte, agus an cheangaltais chun gearradh móna ar LCS is portaigh ardaithe a thabhairt chun críche.

Thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) cáineadh d'Éirinn i mí an Mheithimh 2002 ar dhá fhoras: ar an gcéad dul síos as gan cosaint a thabhairt do Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LfCS) Choimpléacs na hAbhann Duibhe-Néifinne i gContae Mhaigh Eo ó dhíobháil chreimthe ó ró-stocáil na talún le caoraigh, agus ar an dara dul síos as gan cosaint a thabhairt do ghnáthóga forleathana Cearc Fhraoigh ó dhíobháil chomhchosúil. Ba faoin Treoir maidir le hÉin (Treoir na Comhairle 79/409/CEE) a d'éirigh na sáruihte aníos, faoina dteastaíonn cosaint a thabhairt do ghnáthóga éan fiáin, agus faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga, ina leagtar síos cosaintí do na LfCS freisin.

Tagann cailliúint an fhraoigh ón ró-iníor, a gcaitheann na cearca fraoigh beathú air agus neadú ann. Áirítear le héifeachtaí eile díobháil d'fhásra eile, cailliúint na hithreacha móna, uaireanta síos go dtí an bhuncharraig, agus sioltachá agus éilliú na n-aibhneacha. Tá Éire tar éis céimeanna a ghlacadh ó shin i leith chun líon na gcaorach ar chnoic na hÉireann a laghdú, agus thug isteach tuilleadh beart cosanta eile i gCoimpléacs na hAbhann Duibhe-Néifinne i LCS Bheanna Beola/Mhaolchnoic, mar a raibh an díobháil ba ghéire ón ró-iníor. Dúnadh cás Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na hÉireann, C-117/00, thiar sa bhliain 2009 de bhun tiomantas na hÉireann chun leanúint ar aghaidh le hidirghabhálacha chun cosaint in aghaidh an ró-iníor ghéir ar choimíneachtaí ar fud na hÉireann.

Cuireadh Creatphleananna Coimíneachta chun cinn le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist ag leibhéal náisiúnta. D'éirigh go cuibheasach maith leis an gcur chuige sin, agus tá athbhreithniú de na creatphleananna úd ag ardchéim bhreithniúcháin i láthair na huairé ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, chun leibhéal fadtéarmach na stocála a chinntiú sna blianta amach romhainn.

Tugtar spreagadh d'fheirmeoirí chun cáiliú i gcomhair na n-íocaíochtaí úd faoi na scéimeanna feirme éagsúla, ar nós na híocaíochta feirme aonair agus na scéimeanna faoin gClár forbartha tuaithe, chun a gcuid gabháltas a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe trí chleachtais chomhshaoil áirithe a dhéanamh. Is trí urraim a léiriú do na dea-chleachtais talmhaíochta agus comhshaoil (DCTC) agus na ceanglais bhainistíochta reachtúla (CBRI), a rannchuirfidh na feirmeoirí

le caomhnú na dtailte móna i riocht slán. Féadfar na gníomhartha sin a fheabhsú a thuilleadh trí gníomhartha níos saindirithe ar nós beart comhoibríteach d'ardtailte agus gníomhartha caomhnaithe eile, laistigh de na beartas agra-chomhshaoil faoin gcéad Clár Forbartha Tuaithe eile. Beidh sé tábhachtach go dtabharfar dreasacht iomchuí d'aon gníomh comhlántach faoin gClár Forbartha Tuaithe chun glacadh leordhóthanach i measc feirmeoirí leis a chinntiú. Leanfar ar aghaidh ag baint leasa as pionóis tras-chomhlíonta mar a ndéanann feirmeoirí díobháil chomhshaoil do thailte móna ag sárú cheangaltais na scéime aoníocaíochta feirme.

TRAS-CHOMHLÍONADH

Oibríonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara roinnt scéimeanna lena n-áirítear caighdeáin do chothabháil agus cosaint na dtailte talmhaíochta, mar atá, Scéimna Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha (ar ar tugadh Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste roimhe seo) agus na Scéimeanna Agra-chomhshaoil, faoi fhorálacha roinnt Rialacháin Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa. Caithfear urraim a léiriú faoi fhorálacha na Scéimeanna úd, do dhea-chleachtais talmhaíochta agus comhshaoil (DCTC) agus do cheanglais bhainistíochta reachtúla (CBRI), lena n-áirítear dóibh siúd i ndáil leis na Treoracha maidir le hÉin agus maidir le Gnáthóga, chun bainistiú inbhuanaithe gach ithir a chinntiú. Is trí na himscrúduithe tras-chomhlíonta a dhéantar monatóireacht agus forfheidhmiú ar na caighdeáin úd. Tairgtear cosaintí leanúnacha faoi na forálacha úd a leasaíodh le déanaí faoi na Rialacháin CAP do bhainistiú talún agus cosaint gach ithir lena n-áirítear ithreacha móna.

COIMÍNEACHT

Tá tuairim 422,000 ha coimíneachta ann in Éirinn, dar le háireamh talmhaíochta an CSO. Foilsíodh Creatphleananna Coimíneachta thiar sa bhliain 2002 mar fhreagra do chinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le ró-iníor sna coimíneachta, mar chuid de chomhthionscnamh idir an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) agus an Roinn Talmhaíochta. Rinneadh measúnachtaí éiceolaíochta agus dréachtaíodh moltaí ina ndiaidh sin don iníor inbhuanaithe i leith gach ceantar coimíneachta aitheanta. Forordaíodh an dístocáil de réir mar ba ghá (baint roinnt den stoc ó choimíneacht) chun teacht aniar an fhásra a chinntiú. Táthar tar éis na pleananna úd a fhorfheidhmiú trí Scéimeanna REPS, AEOS agus Plean Feirme na SPNF. Chuathas i mbun athbhreithniú sa bhliain 2012 chun aon fheabhsuithe san idirlinn a thabhairt san áireamh i leith riocht an fhásra sna coimíneachtaí ar bhonn náisiúnta. Leagadh síos faoin athbhreithniú sin uaslíon agus íoslíon coibhéisí caorach a theastaíonn na ceantair choimíneachta a iníor, chun a chinntiú go gcothabháiltear na tailte i nDea-Reachta

Talmhaíochta agus Comhshaoil (DRTC). Níor shoiléirigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go fóill mionsonraí beachta na caoi a chuirfear na leibhéil stocála sin chun feidhme, ach tá tacaíochtaí ann d'fheirmeoirí coimíneachta sa scéim GLAS faoi chistiú an CFT a bheidh ar siúl síos go dtí an bhliain 2020.

DÓCHAN MAR THEICNÍOCHT BAINISTITHE TALÚN

Is uirlis chumhachtach ach chontúirteach í an dóiteán - is féidir leis bheith ina chóireáil mhear agus chostéifeachtach d'fhásra gan iarraidh faoi na lámha cearta agus faoin úsáid cheart; ach caithfear oilteacht agus tuiscint a úsáid le dóiteán gan níos mó díobhála ná maitheas a dhéanamh. Caithfidh gur fiú na tairbhí a bhaineann le dó na talún an leibhéal priacail agus iarrachta lena mbaineann. Déanfaidh an dó drochphleanáilte nó drochfheidhmithe díobháil fhadtéarmach don ithir agus don hidreolaíocht sna hardtailte nó luathfaidh sé athrú fásra gan iarraidh, lena laghdófar táirgeacht sna beostoic agus sna gnáthóga fiadhúlra ar a sheal féin. Féadann scaoileadh truaileán aeir agus gáis cheaptha teasa teacht freisin chun an atmaisféir ón dóiteán, ag dul i bhfeidhm ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Níos tábhachtaí fós is minic a thagann teagmhais chontúirteacha loiscthe sléibhe ón dóiteán a lastar faoi reachta neamhoiriúnacha.



Is iad na tailte móna den uile chineál an cineál talún is fusa a dtéann loisceadh sléibhe i bhfeidhm orthu, agus féadann iarmhairtí an dóiteáin bheith diúltach agus fadtéarmach, go háirithe sna suíomhanna sainithe faoi Natura lena mbaineann luachanna arda speiceas agus caomhnaithe gnáthóige. Tagann scriosadh gnáthóg agus fiadhúlra atá leochaileach cheana féin ó dhó neamhrialaithe na talún, agus féadtar beatha daoine agus maoin a chur i mbaol díreach. Cé is moite de na priacail díreacha úd, éiríonn acmhainní seirbhísí dóiteáin ró-shínte agus atreoraithe óna bpríomhthasc chun beatha a shábháil inár bpobail de bharr teagmhas loiscthe sléibhe neamhrialaithe. Caithfidh an tsábháilteacht agus an tuiscint do chomharsana

agus do phobail i gcoitinne bheith chun tosaigh nuair a bhítear ag pleanáil agus ag forfheidhmiú oibríochtaí dóiteáin sábháilte cúramacha rialaithe. Cuirtear toirmeasc le hAlt 40 de na hAchtanna Fiadhúlra ar ghearradh, grafadh, dó nó scriosadh an fhásra a thagann ar thalamh neamhshaothraithe nó i sceacha nó claíonna idir 1 Márta agus 31 Lúnasa le linn na tréimhse neadaithe agus póraithe d'éin agus don fhiadhúlra. Tá athbhreithniú ar Alt 40 ar bun i láthair na huair chun a chinntiú go mbíonn an córas is tairbhíúla dá chéile i bhfeidhm, agus cosaint na bithéagsúlachta a chinntiú ag an am céanna.

Measfar bainistiú agus cosc an loiscthe sléibhe mar chuid de na pleananna suímh lena bhforbairt faoi Phlean Bainistíochta Náisiúnta na LCS is Portaigh Ardaithe agus faoi cháipéisí ábhartha eile na todhchaí. Caithfear aird chúramach a thabhairt do thailte móna i gcomhthéacs an athraithe aeráide chun feasacht a spreagadh i leith phriacail an loiscthe sléibhe agus faoin ngá do bhearta bainistíochta dóiteáin iomchuí.

GNÍOMHARTHA - TALMHAÍOCHT

- G1** Leagtar síos sna ceangaltais reatha tras-chomhlíonta na dea-chleachtas talmhaíochta agus comhshaoil (DCTC) agus na ceanglais bhainistíochta reachtúla (CBRí) a chaithfear a leanúint chun bainistiú inbhuanaithe gach ithir lena n-áirítear limistéir thailte móna a chinntiú. Leasaíodh na forálacha seo le déanaí faoi na Rialacháin CAP leasaithe agus tairgeofar cosaint inbhuanaithe leo do chosaint na talún.
- G2** Dearfar bainistiú na dtailte coimíneachta, faoi scéimeanna na RTBM, ionas go gcinnteofar réimis inír iomchuí inbhuanaithe d'ithreacha móna sna hardtailte.
- G3** Gníomhartha tacaíochta saindírithe a bheidh mar bhonn faoi úsáid inbhuanaithe na talún feirme, ag tabhairt san áireamh íogaireachtaí sainiúla na dtailte móna, na n-ardtailte agus na limistéar Natura; breithneofar agus áireofar iad leis an gCéad Scéim Argra-Chomhshaoil eile ag Éirinn, faoin gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020 (CFT).
- G4** Bunófar cód dea-chleachtas i ndáil le húsáid an dóiteáin mar uirlis bhainistithe talún, chun díobháil de thaisme a chosc agus chun díobháil don chomhshaol a theorannú.

5.2.3 Baint na móna don ghairneoireacht

Baintear leas as an móin sa ghairneoireacht mar fheabhasaitheoir ithreach agus mar an bunús do mheáin fáis ('múiríní' mar a thugtar orthu). Is í an mhóin an príomhábhar as a mbaintear leas sna meáin fáis ghairmiúla. Tá tíortha eile tar éis straitéisí a chumadh chun spreagadh a thabhairt d'ábhair mhalartacha. Táthar ag déanamh taighde fhairsing ar úsáid mhéadaithe na n-ábhar malartach úd. Áirítear le hábhair eile as a mbaintear leas chun múirín a tháirgeadh don phobal i gcoitinne an choighir, snáithín adhmaid, coirt mhúirínithe agus dramhaíl bhithghiniteach mhúirínithe. Baineann tairbhí le húsáid na meáin fáis ghairneoireachta nach de bhunadh na móna iad sa mhargadh miondíola. D'fhéadfaí úsáid an mhúirín inbhuanaithe ar cairdiúil don chomhshaol é a chur chun cinn a thuilleadh agus féadann an cumas bheith ann chun an t-éileamh méadaitheach i leith táirge mar sin a líonadh. Cé nach bhfuil ann i láthair na huairé d'ábhar teicniúil malartach ar oiriúnach don chomhshaol é a d'fhéadfadh teacht in ionad na móna do tháirgeadh gairimiúil na mbarr gairneoireachta; tá an deis ann d'Éirinn an margadh sin i mbéal fáis a dhúshaothrú.

Idir Bord na Móna agus na táirgeoirí móna gairneoireachta eile lena n-áirítear Erin Peat, Klassman-Deilmann Ireland, Harte Peat agus tríocha táirgeoir móna gairneoireachta eile ar scála beag, is amhlaidh a bhaineann siad 2.6 milliún méadar ciúbach (meastachán ón mbliain 2006) den mhóin chun úsáide gairneoireachta in aghaidh na bliana. Is foinsé fostaíochta do na táirgeoirí agus dóibh siúd a bhaineann leas as na táirgí chun tacú le fás na mbarr é soláthar na meáin fáis úd.

MÓIN SA GHAIRNEOIREACHT - GNÍOMH

G5 Rachfar i mbun athbhreithniú ar úsáid na móna sa tionscal gairneoireachta.



5.2.4 Beartas Fuinnimh agus Tailte Móna

Is éard is cuspoir beartais uileghabhálach le beartas fuinnimh na hÉireann ná chun soláthairtí slána agus inbhuanaithe d'fhuinneamh ag praghas iomaíoch a chinntiú do gach tomhaltóir. Tá Éire i dtuilleamaí mór na mbreoslaí ion-taise allmhairithe i láthair na huairé chun ár n-éilimh fhuinnimh a shásamh. Cé go n-aithnítear go bhfanfaidh breoslaí ion-taise mar chuid den mheascán breoslaí go ceann i bhfad eile, táthar ag déanamh dul chun cinn i dtreo sciar an fhuinnimh in-athnuaite dár n-éilimh fhuinnimh a mhéadú. Leagadh síos sprioc fhíor-dhúshlánach agus faoi cheangal dlí ar Éirinn faoin Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite (2009/28/CE), chun a chinntiú gurb ionann an fuinneamh in-athnuaite agus 16% den tomhalt fuinnimh dheiridh faoin mbliain 2020. Mar chuid de shásamh na sprice for-iomláine, tá sé ar intinn ag an Rialtas 40% a aimsiú i leith an leictreachais in-athnuaite, 12% a aimsiú i leith an téimh in-athnuaite agus 10% ón iompar in-athnuaite. Is follas an comhéadan idir an beartas fuinnimh agus na tailte móna ó thaobh ghiniúint an leictreachais ón móin agus freisin an cumas chun feirmeacha gaoithe a lonnú ar lagphortaigh.

AN MHÓIN AGUS AN LEICTREACHAS

Táthar tar éis an mhóin a bhaint ar scála tionsclaíoch do ghiniúint an leictreachais ó na 1940í i leith. Baineadh leas as móin ó inneall sna chéad stáisiúin chumhachta, ach athraíodh an táirgeadh go dtí an móin mhuilté i rith na 1950í. Táirgeadh móramh na móna sin ó phortaigh ardaíthe lár na tíre, ar draenáladh 70,000 ha chun na críche. Braitheann an Stát do 85% ar an mbreosla allmhairithe as a éilimh fhuinnimh, agus inter alia, tá sé tar éis coinneáil air le húsáid na móna dúchasaí mar amháibhar do ghiniúint an leictreachais chun críocha na slándála fuinnimh. Tacaítear le giniúint an leictreachais ón móin ag trí stáisiún cumachta - Éadan Doire, arna reáchtáil ag Bord na Móna agus beirt ag Loch Rí agus Iarthar Uíbh Fhailí - tríd an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí don leictreachas a rachaidh in éag sa bhliain 2015 i leith ghléasra Bhord na Móna agus sna blianta 2019 agus 2020 don bheirt eile. Téann infhaighteacht na bhfóirdheontas i bhfeidhm ar thionscal na móna, trína gcuirtear chun cinn giniúint an leictreachais ó fhoinsí móna. D'fhostaigh Bord na Móna líon mór fostaithe idir deireadh na 1940í agus lár na 1980í, ach tá an líon fostaithe tar éis titim chuig os cionn 2,000 duine anois. I dteannta leis an líon fostaithe ag an BSL, ba mhór an tairbhe sóisialta agus eacnamúil a bhain leis sin do lár na tíre, chun pobail a chothú nó a chruthú. Cé gur tháinig laghdú mór i líon na bhfostaithe sa limistéar sin, fanann táirgeadh na móna don fhuinneamh ina chuid thábhachtach don gheilleagar áitiúil agus náisiúnta.

Tairgíonn comhadhaint na bithmhaise leis an móin agus breoslaí ion-taise eile roinnt tairbhí féideartha ó thaobh laghdú na n-astuithe carbóin ó ghléasraí móna amháin agus freisin, ag brath ar na taraifí a thugtar leo, chun an t-éileamh ar bhithmhais d'fhoinshe dhúchasach a spreagadh. Is teicneolaíocht í comhadhaint na bithmhaise leis an móin le tacaíocht ón scéim Taraife Fotha Isteach don Fhuinneamh In-athnuaite (REFIT).

GINIÚINT LEICTREACHAIS MHÓIN-BHREOSLAITHE - GNÍOMH

G6 Coinneoidh na cuideachtaí fuinnimh Stáit orthu ag saothrú le hearnáil na bithmhaise i leith chomhadhaint fhéideartha na stáisiún móna faoi úinéireacht an Stáit sa ghearrthéarma. Is tríd an scéim REFIT a thacófar leis na tionscadail ghiniúna cumhachta ón mbithmhais.



FEIRMEACHA GAOITHE

Ba é an fuinneamh gaoithe an rud ba mhó go nuige seo a ghin fás sa leictreachas in-athnuaite, agus ba é an ranníocóir ba mhó é do ghnóthú na sprice don bhliain 2020. Amhail deireadh na bliana 2013, is ionann méid iomlán na giniúna in-athnuaite arna nascadh leis an eangach agus os cionn 2,100 MW. Meastar go dteastófar idir 3,500 agus 4,000 MW de thuilleadh giniúna in-athnuaite ar talamh chun ligean d'Éirinn a sprioc 40% do leictreachas in-athnuaite a shásamh. Teastóidh leibhéil suntasacha forbartha chuige sin idir anois agus an bhliain 2020. Táthar tar éis glacadh le tairiscintí nasctha ar fiú 3,000 MW den ghiniúint in-athnuaite iad faoin gclár nasctha eangaí Gheata 3 faoin gCuir Chuige Grúp-Phróiseála a thug an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh isteach. Taispeántar sa chomhairle shaineolach agus san fhianaise go bhfuil an tuilleadh in Éirinn chun a cuid spriocanna náisiúnta don leictreachas in-athnuaite a ghnóthú ón nginiúint in-athnuaite amháin,

le tuilleadh toillte. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cumas ann d'fhorbairt tionscadal ag scála a bheidh dírithe ar mhargaí onnmhairithe idir an gearrthéarma agus an fadtéarma sna blianta tar éis 2020.

Baineann roinnt buntáistí leis na lagphortaigh le hais catagóirí talún eile i dtéarmaí forbairt fhéideartha feirme gaoithe ag scála éigin. Féadann forbairt iomchuí na bportach sin cúnamh le tionscadail fuinnimh a rannchuirfidh le sásamh ár spriocanna fuinnimh in-athnuaite agus le forbairt margaidh onnmhairithe don leictreachas in-athnuaite. D'fhéadfaí na feirmeacha gaoithe ar lagphortaigh a fhorbairt i gcomhar leis an gconláiste caithimh aimsire agus nádúrtha.

5.2.5 Foraoiseacht

PRIONSABAIL

P9 Breithneofar agus déanfar measúnú sa bheartas foraoiseachta an bhfuil dóthain cosanta ann i láthair na huaire chun a chinntiú nach dtarlaíonn foraoisiú míchuí ar thalamh móna.

P10 Tabharfar san áireamh sa bheartas foraoiseachta, i measc nithe eile, tionchar an phlandaithe ar an hidreolaíocht, bithéagsúlacht, tionchair ar chailteanas agus ceapadh carbóin agus an cumas do thionchair dhiúltacha ar shruthchúrsaí comharsanacha.

P11 Beidh sé mar aidhm ag An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ag údaráis ábhartha eile chun a chinntiú go dtugann na bearta foraoiseachta agus na pleananna bainistíochta cosaint do ghnáthóga tailte móna agus do speicis chomhbhainteacha, de réir mar is cuí.

Is féidir le foraoisí tacú le héiceachórais éagsúla agus is bunchuid de bhithéagsúlacht na hÉireann iad. Is féidir leis na foraoisí cuidiú freisin chun maolú sealadach a sholáthar i leith an athraithe aeráide trí cheapadh an charbóin den atmaisféar, ag soláthar breoslaí adhmaid in-athnuaite agus ag stóráil an charbóin i bhfoirm adhmaid ar feadh na mblianta fada.

"Is eochairghníomhaíocht eacnamúil í an fhoraoiseacht in Éirinn agus is é beartas an Rialtais le blianta fada é chun tacú lena forbairt. Bhí 44% nó 284,850 ha den achar foraoise suite ar ithreacha móna sa bhliain 2012, leis an móramh ar an mbratphortach (197,180 ha) agus anuilleach ar mhóin imchuach (portaigh ardaithe, eanaigh agus seascainn) (80,850 ha) agus laghortach (6,820 ha)" (An Fardal Foraoise Náisiúnta, 2012).

Tháinig foraoisiú na talún neamhiata (arb iad na hithreacha móna is mó acu) chun buaice sa bhliain 1995 le hoscionn 6,000 ha á bplandú, ach chonacthas laghdú cuimsitheach sa treocht sin ó shin i leith le tuairim 100 ha de thalamh neamhiata á bplandú sa bhliain 2013 (An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara 2015).

Ba é an Stát a rinne an chuid ba mhó den fhoraoisiú ar ithreacha móna ar bhonn stairiúil. Rinne na húinéirí talún foraoisiú príobháideach ar na tailte móna óir gur breithníodh na tailte sin bheith de luach cuibheasach íseal chun úsáide talmhaíochta nó tráchtála. Bíonn an claonadh do bharr sna tailte móna bheith níos lú le hais ithreacha mianrach áfach, agus b'imeallach é mar chleachtadh eacnamúil in éagmais dreasachtaí i bhfoirm fóirdheontas. Is féidir le cailliúint an charbóin, onnmhairiú cothaitheach agus roinnt ídithe dríodair teacht ar dtús ó phlandú ar thailte móna. Is féidir leis hidreolaíocht agus hidirgeoiceimic an dobharcheantair a athrú go mór freisin, rud a fhéadann dul i dtreo aigéadú méadaithe an screamhuisce i roinnt cásanna. Féadann tionchair dhiúltacha bheith aige sin ar cháilíocht an uisce agus ar na gnáthóga agus speicis uisceacha. Táthar tar éis go leor a fhoghlaim le blianta fada an chlár fhoraoisithe agus táthar tar éis imeacht ó phlandú mar a mbeifí ag dúil leis na tionchair úd, nó mar a mbeadh toradh íseal leis na barra.

Tharla turgnaimh fhairsinge idir na 1950í agus na 1980í i leith úsáid na laghortach don fhoraoiseacht, ach ba dhíomách iad na torthaí. Thug Bord na Móna ceantair laghortaigh ar léas do Choillte ag deireadh na 1980í agus plandaíodh iad ach rathúlacht teoranta bheith leo. Tugadh le fios sa Chlár Taighde BOGFOR (COFORD, Baile Átha Cliath, 2007), ina ndearnadh staidéar ar an bhforaoisiú ar thailte móna laghortaigh i lár na tíre, go bhféadfadh an fhoraoiseacht tráchtála bheith indéanta ar na suíomhanna laghortaigh úd. Is faoi úinéireacht an Stáit é séasca faoin gcéad den fhoraoiseacht ar ithreacha móna, leis an bhfuilleach faoi úinéireacht príobháideach. Is tailte móna iad timpeall 232,500 ha d'eastát Choillte – rud a chiallaíonn gurb é Coillte an t-úinéir tailte móna is mó sa tír. Is ón mbliain 2002 i leith atá Coillte tar éis bheith i mbun tionscadal comhbhunaithe LIFE an AE, a mbeidh athchóiriú timpeall 3,200 ha de ghnáthóga foraoisithe bratphortaigh agus portaigh ardaithe mar thoradh orthu. Pléifear ina mionsonraí an méid sin in alt 5.3.4. Ní cheadaíonn ná ní thugann an tSeirbhís Foraoiseachta de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara cabhair dheontais don fhoraoisiú ar phortaigh ardaithe ná bratphortaigh shainithe, cé is moite d'imthosca teoranta mar a bhféadtar ceadú a thabhairt don choillearnach dhúchasach ar imill na suíomhanna sainithe, le comhaontú na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta/na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra.

NÓS IMEACHTA NA SEIRBHÍSE FORAOISEACHTA

Oibríonn an tSeirbhís Foraoiseachta réimse nósanna imeachta nuair a bhítear ag measúnú iarratas ar cheadanna agus ceadúnais foraoiseachta éagsúla. Áirítear leo siúd Scagthástáil Measúnachta Cuí, Scagthástáil MTT, agus idir chomhairliúchán reachtúil agus phoiblí, agus cuimsítear leo foireann 'treoirínte' comhshaoil arb éigeantach iad do gach gníomhaíochta foraoiseachta arna rialáil ag an tSeirbhís Foraoiseachta. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ón tSeirbhís Foraoiseachta: <http://www.agriculture.gov.ie/forestservice/>

SCÉIM BHUNAITHE COILLEARNAÍ DÚCHASAÍ

Oibríonn An tSeirbhís Foraoiseachta Scéim Bhunaithe Coillearnaí Dúchasaí atá dírithe go sonrach ar chruithú coillearnaí dúchasaí nua ar shuíomhanna 'úra'; den chuid is mó ar mhaithe le cur chun cinn bhithéagsúlacht na coillearnaí dúchasaí. Is féidir leis an scéim sin réimse seirbhísí éiceachórais a sheachadadh freisin má bhaintear leas straitéiseach aisti, ar nós chosaint agus fheabhsú cháilíocht an uisce (trí mhaolánú, scagachán agus ionchuir insrutha díreacha) agus chruithú na nascála idir gnáthóga nádúrtha eile sa tírdhreach.

FORAOISEACHT - GNÍOMH

G7 Tabharfaidh na húdaráis ábhartha isteach, ag obair leis na geallsealbhoirí, treoir agus critéir do shainithint agus bhainistiú na dtailte móna amach anseo atá foraoisithe i láthair na huairé, i gcomhréir le haidhmeanna na straitéise seo. Soláthróidh siad treoir shoiléir freisin i leith fhoraoisiú na n-ithreacha móna amach anseo.

Leithdháileadh bunúsach tailte móna na hÉireann (seachas eanaigh) agus na hachair mheasta arna gcosaint (LCS agus LON) agus faoi úinéireacht an Stáit (Foinsí ón DAHG, Coillte agus Bord na Móna)

	Achar bunúsach ⁷	Tailte Móna cosanta	Cosanta neas-slán ⁸	Faoi úinéireacht an SPNF	Faoi úinéireacht Choillte	Faoi úinéireacht Bhord na Móna
Portach Ardaithe	237,190	35,000	21,519	7000	31,725 ⁹	2,900 ¹⁰
Bratphortach	765,890	182,063	143,248	34,339	188,334 ¹¹	1,530 ¹²
Lagphortach Tionsclaíoch		-	-	-	12,450	75,000

5.2.6 Bainistiú na dtailte faoi úinéireacht poiblí

PRIONSABAIL

P12 Is de réir chuspóirí na Straitéise a dhéanfar bainistiú ar na tailte móna sin faoi úinéireacht an Stáit amach anseo.

Is le comhlachtaí poiblí achair shuntasacha de thailte móna na hÉireann, agus is iad a dhéanann bainistiú orthu, lena n-áirítear Coillte, Bord na Móna agus Airí Rialtais éagsúla. Is leis an Stát aon trian amháin de phortaigh na hÉireann trí chéile (diomaite d'éanaigh), agus is le Coillte an chuid is mó acu. (Féach an tábla thuas)

BAINISTIÚ TAILTE FAOI ÚINÉIREACHT PHOIBLÍ - GNÍOMH

G8 Déanfar bainistiú reatha na limistéar tailte móna faoi úinéireacht an Stáit a bhreithmheas, agus breithneofar roghanna bainistíochta malartacha leis an aidhm seachadadh gach seirbhís éiceachórais ó thailte móna feidhmeacha a mhéadú.

5.2.7 Iarúsáid na lagphortach tionsclaíoch agus na dtailte móna iarfhoraoisithe

PRIONSABAIL

P13 Leanfaidh Bord na Móna ar aghaidh ag déanamh measúnú agus breithmheasa ar chumas achar talún na cuideachta, trí leas a bhaint as córas athbhreithnithe úsáide talún. Cuideoidh an measúnú le hullmhú tacair phleananna bunaithe ar fhianaise do na limistéir éagsúla tailte móna. Múnlófar leis na pleananna sin freisin a chlár athshlánúcháin do lagphortaigh.

P14 Is é beartas Bhord na Móna gan aon phortach nua neamhdhraenáilte a oscailt suas don táirgeadh móna.

P15 Na tailte arna sainaithint ag Bord na Móna le luach ard bithéagsúlachta agus/nó gnáthóga tosaíochta; coinneofar siar iad chun na críoch sin mar an phríomhúsáid talún amach anseo.

P16 Is iondúil go ligfear do lagphortaigh Bhord na Móna a fhaigheann tuilte nádúrtha chun tuiliú mura mbíonn cás soiléir ann ó thaobh an chomhshaoil agus/nó na heacnamaíochta de chun an draenáil chaidéalaithe a chothabháil.

P17 Agus an iarúsáid is iomchuí do thailte móna is lagphortaigh á cinnteoireacht, tabharfar aird, de réir mar is féidir, chun spreagadh a thabhairt d'fhilleadh ar éiceachóras talún móna feidhmeach nádúrtha. Teastóidh athfhluchadh na dtailte móna is lagphortaigh chuige sin, óna bhféadfadh le himeacht ama athshlánú an éiceachórais talún móna.

P18 Ba cheart go ndéanfaí anailís ar roghanna ar inmharthana ó thaobh an chomhshaoil, na socheolaíochta agus na heacnamaíocht de iad chun pleanáil d'úsáid na dtailte móna ar lagphortaigh tionsclaíocha iad amach anseo, i gcomhar leis na fachtóirí teorannacha arna n-ímlíniú in Creatlach Straitéiseach d'Úsáid na dTailte Móna Amach Anseo de chuid Bhord na Móna.

7 Hammond, R. 1981. The Peatlands of Ireland. Soil Survey Bulletin No. 35. Ireland: An Foras Talúntais, Baile Átha Cliath.

8 Áirítear leis 1,210ha de phortach gníomhach (ag tacú le hachar suntasach fásra arb iondúil a ndíorthaítear an mhóin uaidh) (NPWS, 2013)

9 Áirítear leis 636ha de phortaigh athchóirithe

10 Díobháil hidreolaíochta déanta don chuid is mó de, ach roinnt limistéar athchóirithe ann.

11 Lena n-áirítear 2,000ha de phortaigh athchóirithe

12 Díobháil hidreolaíochta déanta don chuid is mó de, ach roinnt limistéar athchóirithe ann

Is le Bord na Móna timpeall 80,000 ha, ar tailte móna den chuid is mó atá iontu. Teastaíonn 77% den talamh sin i láthair na huaire faoi chomhair gníomhaíochtaí a bhaineann leis an táirgeadh. Tá os cionn an cúigiú cuid den ghabháltas talún tiomanta cheana féin d'úsáidí na todhchaí lena n-áirítear an fhoraoiseacht (talamh ar léas chuig Coillte), an turasóireacht agus an conláiste (m.sh. Tailte Páirce Loch Buaráí), an tionsclaíocht agus an bonneagar, táirgeadh comhbhailithe, stóráil an uisce agus an fuinneamh gaoithe. Ina theannta sin, is amhlaidh atáthar tar éis roinnt portach a chaomhnú dá luach ard bithéagsúlachta. Beidh an cumas ag roinnt den achar talún, lena n-áirítear an méid a úsáidtear i láthair na huaire do tháirgeadh na móna, i gcomhair úsáidí tairbheacha tráchtála. Is mó an cumas ag suíomhanna mar a ngabhann an t-achar talún thar bhonneagar mór, ar nós mótarbhealaí agus na heangáí leictreachais. Tá tuairim 9% den achar talún tiomanta cheana féin d'úsáid an fhuinnimh ghaoithe, agus d'fhéadfadh fás teacht air sin chuig aon trian amháin nó níos mó, ag brath ar éileamh an mhargaidh náisiúnta agus Eorpaigh agus ar an mbeartas fuinnimh náisiúnta. Mar shampla, oireann an t-athshlánúchán do shuiteálacha fuinnimh ghaoithe. Ar chúiseanna eacnamúla chomh maith le cinn teicniúla, ní dócha go bhfreagróidh an fhoraoiseacht agus an talmhaíocht ach do níos mó ná 10 – 15% den achar talún iomlán, agus meastar faoi láthair go bhféadfadh 7% eile bheith oiriúnach don turasóireacht agus d'úsáidí conláiste lena n-áirítear tuilleadh forbartha de Thailte Páirce Loch Buaráí agus forbairtí conláiste eile. Baineann tábhacht leis an mbithéagsúlacht i ndáil le gach talamh móna, agus soláthraíonn sí rannchur le saibhreas agus sláinte trí sheirbhísí éiceachórais. Is amhlaidh dá réir a bhaineann luach eacnamúil chomh maith le luach comhshaoil léi. Meastar i láthair na huaire go mbeidh timpeall 25% d'achar talún Bhord na Móna ina bhogaigh faoi dheireadh thiar, agus ina limistéir eile lena mbainfidh luach ard don bhithéagsúlacht agus do sheirbhísí éiceachórais.

IARÚSÁID - GNÍOMHARTHA

- G9** Rachfar i mbun scrúdú ar thailte faoi úinéireacht phoiblí agus laghphortaigh faoi úinéireacht phríobháideach sa tsúil úsáidí iomchuí a shainaithe, leis an aidhm a gcumas a dhúshaostrú chun rannchur le saibhreas comhshaoil, éiceolaíochta agus eacnamúil na hÉireann, le béim faoi leith ar mhaolú na gcaillteanas carbóin.
- G10** Taiscéalfar teicniúchta úra do tháirgeadh barr, ar nós an riascshaothraithe (go háirithe saothrú an Sfagnaim).
- G11** Breithneofar inmharthanacht úsáid na dtailte móna is laghphortach do bhearta maolaithe tuilte mar chuid de chlár náisiúnta Pleananna um Bainistiú Priacail Tuilte á rolladh amach faoin Treoir maidir le Tuilte.
- G12** Forbrófar saothar Bhord na Móna, Choillte agus Chomhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann i bhforbairt todhchaí shaibhir ó thaobh na héiceolaíochta de do laghphortaigh agus do phortaigh iarfhoraoisithe. Féadann na limistéir sin mealltachtaí nua turasóireacht agus fóillíochta a thabhairt do lár na tíre agus don iarthar.



Athchóiríú Bhord na Móna ag Loch na Buaráí, Co. Uíbh Fhailí

SAINCHEISTEANNA TRASGHEARRTHACHA

5.3 Tailte Móna agus an tAthru Aeráide

PRIONSABAIL

P19 Taiscéalfar ina iomláine rannchur féideartha d'athshlánú, athchóiriú agus feabhsú na dtailte móna le maolú agus dul in oiriúint an athraithe aeráide, i dtéannta le caomhnú na talún móna féin. Is í an tosaíocht láithreach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais taighde i ndáil le hathshlánú, athchóiriú agus feabhsú agus chun bunú an eolais a theastaíonn chun tacú le forbairt seasaimh bheartais eolaigh. Áireofar leis sin forbairt bunúis theicniúil fhóintigh d'anailísiú agus tuairisciú na n-astuithe agus na n-asbhaintí gáis cheaptha teasa a bhaineann leis na bogaigh.

P20 Taiscéalfar ina n-iomláine bealaí chun an tuilleamaíocht sa mhóin mar fhoinsé breosla agus múirín gairneoireachta mar chuid de thiomantas na hÉireann chun aistriú chuig geilleagar níos glaine, níos éifeachtúla ó thaobh an charbóin de.

P21 Breithneofar an chaoi is fearr ar féidir le laghortaigh rannchur le geilleagar ísealcharbóin trína leas mar shuíomhanna don fhuinneamh in-athnuaite.

5.3.1 Anailísiú Beartais

Glacann na 195 stát is sínitheoirí do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athru Aeráide (UNFCCC), lena n-áirítear Éire, go bhfuil comhdhlúthú méadaithe na ngás ceaptha teasa san atmaisféar, ag éirí as an ngníomhaíocht dhaonna, ag rannchur le méaduithe teochta domhanda agus leis an athru aeráide. Shloinn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athru Aeráide (IPCC) ina Chúigiú Tuarascáil Measúnachta go méadófar an cumas do bhriseadh géar isteach ar an ngeilleagar, an tsochaí agus an comhshaol má mhéadaítear astuithe na ngás úd gan srianadh. Astaítear na gáis cheaptha teasa, ar nós na dé-ocsaíde carbóin (CO₂) nuair a dhóitear breoslaí ion-taise (ola, gual, gás agus móin) agus freisin tríd an dí-fhoraoisiú agus athru na húsáide talún óna scaoiltear amach an carbón a stóráiltear san fhásra agus sna hithreacha chun an atmaisféir.

Táthar tar éis ár dtuiscint a mhíniú a thuilleadh le staidéir níos deireanaí i leith na n-astuithe agus na n-asbhaintí

carbóin ó thailte móna na hÉireann agus i leith na dtionchar ar ghníomhaíochtaí éagsúla (Irish Geography, 2013). Ba mar fhreagra don chomhairle eolaíochta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athru Aeráide, a d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach cuspóir an AE chun astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú faoi 80-95% faoin mbliain 2050 i gcomparáide leis an mbliain 1990 sna tíortha forbartha trí chéile d'fhonn baol an athraithe aeráide chontúirtigh agus thubaistigh a laghdú. Ag tabhairt iarrachtaí éigeantacha na dtíortha i mbéal forbartha san áireamh, cheadódh sé sin do laghdú domhanda faoi 50% sna hastuithe faoin mbliain 2050.

Beidh sé riachtanach straitéis forbartha ísealcharbóin a fhorbairt don tréimhse chuig an mbliain 2050 chun a chinntiú gur féidir le hÉirinn rannchur go héifeachtach agus go cothromach le cuspóir an AE astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú faoi 80-95% i gcomparáid leis an mbliain 1990 mar chuid de na comhhiarrachtaí maolaithe domhanda, agus chun críocha an chomhlíonta le dlí an AE. Foilsíodh Seasamh Beartais Náisiúnta don ghníomhú aeráide agus don fhorbairt ísealcharbóin an 23 Aibreán 2014 tar éis clár chuimsithigh bheartais agus reachtaíochta, agus foilsíodh an Bille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 an 19 Eanáir 2015. Agus an clár náisiúnta don aistriú chuig ísealcharbón á chur chun cinn, is colúin chomhthreomhara agus chomhlántacha iad an Seasamh Beartais Náisiúnt agus an Bille.

Bunaítear leis an Seasamh Beartais Náisiúnta an bunchuspóir náisiúnta chun aistriú chuig geilleagar ar iomaíoch, ísealcharbóin, seasmhach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a ghnóthú faoin mbliain 2050; agus is ann a leagtar amach an comhthéacs don chuspóir, a shoiléirítear leibhéal uaimhianach an mhaolaithe gáis cheaptha teasa a shamhlaítear, agus an próiseas molta chun dul i mbun an chuspóir fhoriomláin agus chun é a ghnóthú. Is ionann an t-uaimhian maolaithe a shamhlaítear do na heochairearnálacha agus –

- laghdú comhiomlán sna hastuithe dé-ocsaíde carbóin (CO₂) de 80% ar a laghad (i gcomparáid leis na leibhéil ó na 1990í) faoin mbliain 2050, ar fud na giniúna leictreachais, na timpeallachta tógtha, agus na n-earnálacha iompair; agus
- cur chuige comhthreomhar don neodracht carbóin sa talmhaíocht agus in earnáil na húsáide talún, lena n-áirítear an fhoraoiseacht; nach mbaineann den chumas faoi chomhair tháirgeadh an bhia.

Is próiseas atriallach a bheith in éabhlóidíú an bheartais aeráide in Éirinn, bunaithe ar ghlacadh an Rialtais le sraith pleananna náisiúnta sa tréimhse as seo go dtí an bhliain 2050. Tabharfar aghaidh i bpleananna náisiúnta comhthreomhara ar mhaolú na n-astuithe gáis cheaptha teas agus ar oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide - trí Phleananna Maolaithe Náisiúnta agus trí Chreatlacha Oiriúnaithe Náisiúnta don Athrú Aeráide faoi seach. Is ann sa Bhille a leagtar amach na ceanglais reachtúla molta i ndáil le forbairt na bpleananna úd.

Táthar tar éis tús a chur le saothar cheana féin ar Phlean Maolaithe Náisiúnta, mar réamhshaothar don reachtaíocht phríomha phleanáilte. Tá na Ranna le freagracht as na heochair-earnálacha sa chlár aistrithe náisiúnta ag forbairt beart maolaithe earnálach i láthair na huairé lena n-áireamh sa Phlean Maolaithe Náisiúnta. Is é Grúpa Stiúrtha faoi chathaoirleacht na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá ag comhordú fhorbairt an Phlean Mhaolaithe Náisiúnta, agus ionadaithe air ó gach aon cheann de na Ranna lena mbaineann.

5.3.2 Ról na dtailte móna san aeráid

Is linnte gníomhacha iad na tailte móna nádúrtha (.i. neamhdhraenáilte), ag ionsú (ceapadh) na dé-ocsaíde carbóin ón atmaisféar. Stóráiltear cainníocht ábhalmhóra carbóin sna tailte móna neamhbhriste. Meastar go stóráiltear timpeall 1,566 milliún tonna de charbón i dtailte móna na hÉireann. Is ionann é sin agus 64% den stocábhar carbóin orgánach iomlán in ithreacha na hÉireann. Cuireann an draenáil agus baint na móna deireadh leis an bhfeidhm cheaptha carbóin agus laghdaítear an stoc carbóin leo. Athraíonn sé sin an talamh móna ina foinse leanúnach d'astuithe dé-ocsaíde carbóin mar go scaoiltear amach an CO₂ nuair a dhraenáiltear í. Is féidir le hathchóiriú agus le hathshlánú na dtailte móna draenáilte an próiseas sin a chúlú áfach. Is casta iad na tailte móna atá draenáilte don fhoraoiseacht, óir go n-ionsúnn na crainn atá ag fás an dé-ocsaíd charbóin, agus féadann siad codanna de na caillteanais dé-ocsaíde carbóin a fhritháireamh. Táthar tar éis an tuiscint ar ról na dtailte móna slána agus athchóirithe i maolú an athraithe aeráide a fheabhsú sa taighde a rinneadh le deireanas. Cuir i gcás tuarascáil na GCC, "Carbon Restore – The Potential of Restored Irish Peatlands for Carbon Uptake and Storage"; is inti a thugtar léargas sa chaoi a bhféadfaí leas a bhaint as tailte móna chun ceapadh an charbóin a fheabhsú agus chun astuithe a laghdú.

Teastaíonn a thuilleadh taighde chun measúnú iomlán a dhéanamh ar an gcumas d'Éirinn chun leas a bhaint as an gceapadh, an stóráil agus na laghduithe astuithe a d'fhéadfaí a ghnóthú trí bhainistiú, athchóiriú agus athshlánú a tailte móna. Leagtar amach na cuspóirí taighde in Alt 5.13thíos. Cuideoidh an taighde sin chun na roghanna beartais is fearr atá ar fáil d'Éirinn a bhunú, laistigh de chomhthéacs na mbeartas reatha agus atá ag teacht chun cinn agus de bheartais an AE ar an athrú aeráide.

Tá saothar ábhartha ar bun ag an IPCC. Thug an UNFCCC cuireadh don IPCC sa bhliain 2010 chun dul i mbun a thuilleadh saothair mhodheolaíochta ar bhogaigh, ag díriú ar athfhliuchadh agus athchóiriú na dtailte móna, sa tsúil na bearnaí a líonadh i dTreoirínite an IPCC ón mbliain 2006 d'Fhardail Gháis Cheaptha Teasa Náisiúnta (Treoirínite IPCC 2006). Tá an saothar críochnaithe anois, agus ghlac an IPCC leis ag a chruinniú iomlánach a reachtáladh thall in Batumi na Seoirsa, i mí Dheireadh Fómhair 2013.

5.3.3 Athchóiriú na dtailte móna faoi chosaint chun cailliúint an charbóin a chosc

Baineann ("ceapann") na tailte móna an carbón den atmaisféar agus stóráiltear siad i gcruth na móna agus an fhásra é. Ocsaídítear an mhóin nuair a dhraenáiltear na tailte móna nó nuair a dhéantar díobháil dóibh, agus scaoiltear an carbón ar ais san atmaisféar. Is féidir ocsaídiú na móna a chosc nó a laghdú trí bhainistiú hidreolaíochta agus athchóiriú an tsuimh. Is iondúil go dtiocfaidh sé sin anuas mar fho-tháirge de bhearta éigeantacha chun comhlíonadh le ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga a dhíríonn ar chaomhnú agus ar athchóiriú na gnáthóige faoi chosaint.

5.3.4 Bainistiú na dtailte móna neamhshainithe chun cailliúint an charbóin a chosc

Taiscéalfar deiseanna chun tailte móna díghrádaithe neamhshainithe a athchóiriú. Astaítear an dé-ocsaíd charbóin de shíor chun an atmaisféir ó thailte móna draenáilte agus ba cheart go dtabharfaí machnamh do roinnt roghanna bainistíochta, mar shampla:

- I. Ba chóir go nglacfaí le cur chuige bainistíochta oiriúnaitheach d'athchóiriú na dtailte móna díghrádaithe neamhshainithe óir gurb éagsúil é gach suíomh ó thaobh a reachta (m.sh. doimhneacht na draenála), briseadh stairiúil, suímh tíreolaíochta (dobharcheantar), úinéireacht agus éilimh áitiúla;
- II. Tá an cumas le hathchóiriú na dtailte móna díghrádaithe neamhshainithe chun foráil do chaomhnú leanúnach in situ an ábhair sheandálaíochta laistigh de na taiscí úd i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Valletta) mar thairbhe breise;
- III. Ba chóir go mbarrfheabhsófaí bainistiú an uisce sna tailte móna díghrádaithe d'fhonn dul i gcoinne na n-astuithe dé-ocsaíde carbóin ón ocsaídiú móna agus an phailé-fhaisnéis a chaomhnú laistigh den mhóin; agus
- IV. Ba cheart go dtaiscéalfá cur chuige iomchuí do thailte faoi úinéireacht phoiblí agus faoi úinéireacht phríobháideach.

5.3.5 Dul in Oiriúint don Athrú Aeráide

Féadtar go leor deiseanna do mhaolú an athraithe aeráide teacht le bainistiú agus athchóiriú na dtailte móna. Bíonn na tailte móna leochaileach freisin do thionchair ón athrú aeráide. Tá roghanna agus deiseanna ann chun an leochaileacht sin a laghdú trí bhearta oiriúnaitheachta agus chun deiseanna tras-earnálacha do thairbhí oiriúnaitheachta a thapú, m.sh. um bainistiú na n-acmhainní uisce. Is féidir teacht aniar nach beag i gcoinne thionchair leanúnacha an athraithe aeráide bheith leis an athchóiriú tailte móna, nuair a shaindíreáir go hiomchuí é. Is iondúil go mbaianeann teicnícíochtaí chun dromchlaí creimtheacha a chobhsú, fásra talún móna a athchur agus ardú an mhaoschláir leis an athchóiriú, agus tugtar spreagadh dá réir do riochtaí síorfhlucha óna dtiocfaidh cruthú na móna in athuair.

Táthar tar éis an chreatlach beartais in Éirinn a neartú chun dul in oiriúint leis an athrú aeráide. D'fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil 'An Chreatlach Náisiúnta chun Dul in Oiriúint leis an Athrú Aeráide (CNDOAA) - Teach Aniar don Athrú Aeráide a Thógáil' i mí na Nollag 2012, agus is inti a sholáthraítear an comhthéacs beartais d'fhreagra náisiúnta straitéiseach oiriúnaithe i leith thionchair dhosheachanta don athrú aeráide.

Is é creatbheartas tagartha an AE don athrú aeráide a threoraigh ár gcur chuige náisiúnta. Samhlaítear sa chreatlach náisiúnta cur chuige comhtháite, lena mbainfidh gach geallsealbhoir ag gach leibhéal institiúideach chun a chinntiú go nglactar le bearta oiriúnaithe ar fud earnálacha agus leibhéal éagsúla an rialtais chun leochaileacht na hÉireann do thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a bhainistiú agus a laghdú.

Is sa Chreatlach a fhoráiltear gurb í an Roinn nó an Ghníomhaireacht ábhartha a ullmhófar pleananna oiriúnaithe earnálacha, agus gurb é an tAire ábhartha a ghlacfaidh leo. Is sa CNDOAA a imlínítear na hearnálacha éagsúla agus an Roinn a bheidh i gceannas gach plean earnálach. Tá an saothar ar na pleananna ar siúl.

Is sa phróiseas pleanála spásúla, le rannpháirtíocht iomlán na n-eochair-geallsealbhoirí, a sholáthraítear meáin bhunaithe trínar féidir cuspóirí athraithe aeráide ag leibhéal áitiúil a fhorfheidhmiú agus a chomhtháthú, lena n-áirítear an t-oiriúnú. I ndáil leis na pleananna oiriúnaithe áitiúla faoin gCreatlach, is amhlaidh atá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tar éis bheith ag saothrú faoina clár taighde, ar fhorbairt treoirlínte do chomhtháthú an oiriúnaithe isteach leis an bpleanáil ag leibhéal áitiúil. Táthar ag druidim le críochnú na n-eochaircuspóirí don chuid seo den saothar, agus táthar ag dúil go mbeidh tacar deiridh threoirlínte ar fáil le foilsiú go luath sa bhliain 2015. Táthar ag ceapadh go n-áireofar na treoirlínte sin le haon nuashonrú de na Treoirlínte Pleanála reachtúla i leith Pleananna Forbartha. Ag éirí as seo, agus na húdaráis áitiúla ag athbhreithniú a gcuid pleananna forbartha i

gcaitheamh an ghnáth-thimthrialla, is amhlaidh arb é an plean forbartha áitiúil an plean oiriúnaithe áitiúil de facto freisin. Éireoidh an phleanáil forbartha áitiúil, mar an mheicníocht éifeachtach do sheachadadh gnímh chun dul in oiriúint leis an athrú aeráide.



Portach Ardaithe

AN TATHRÚ AERÁIDE - GNÍOMHARTHA

- G13** Déanfar measúnú ar an luach a bhaineann le sainithint roinnt suíomhanna tosaíochta talún móna mar chuid de líonra táscairí i ndáil leis an athrú aeráide agus dá mbunú mar shuíomhanna monatóireachta an AE agus an domhain.
- G13** Déanfar measúnú ar leochaileacht tailte móna feidhmeacha na hÉireann do thionchair an athraithe aeráide.

5.4 Cáilíocht an Aeir

Is foinse mhór astuithe í úsáid na dtailte móna don táirgeadh breosla tí agus leictreachais thar réimse truailléan aeir a fhéadann dul i bhfeidhm go díreach ar shláinte an duine. Rannchuireann úsáid na móna chun na gcríoch sin go díreireach le hastuithe náisiúnta na dtruailléan sin, ag cur leis an dúshlán chun spriocanna treorach an AE agus sláinte-bhunaithe an WHO a ghnóthú. Tairgtear deis agus aghaidh á tabhairt ar na hastuithe úd chun astuithe gáis cheaptha teasa a chomh-mhaolú agus an tsláinte phoiblí a fheabhsú. Is éard is aidhm leis an Straitéis seo chun a chinntiú go n-aithnítear na sineirgí ionas go gcuirtear chun cinn cur chuige beartas comhtháite a théann chun tairbhe na mbeartas náisiúnta um aer glan agus aeráid chun cosaint a thabhairt do shláinte an duine agus don chomhshaoil.

5.5 Suíomhanna Tailte Móna Cosanta

5.5.1 Tailte Móna arna gCosaint faoi Threoir maidir le Gnáthóga an AE

Is baile iad na tailte móna do go leor cineálacha éan. Is coitianta iad an Riabhóg Mhóna agus an Fhuiseog, agus meallann siad éin chreiche ar nós Cromáin na gCearc, an Ulchabháin Réisc, an Phocaire Gaoithe agus an Mheirliúin. Áirítear le speicis tábhachtacha éan eile a fhaightear ar thailte móna an Chearc Fraoigh, an Crotach, an Ghé Bhánéadanach Ghraonlannach, an Pilibín, an Naoscach, an Cosdeargán agus an Fheadóg Bhuí.

Ní gnáthóg fhabhrach do go leor mamach iad coinníollacha géara dearóla an phortaigh. Is fearr leis an mamach talún dúchasach is sciobtha in Éirinn, an giorria sléibhe Éireannach, bheith ina chónaí i limistéir oscailte áfach, agus is amhlaidh dá réir a oireann na portaigh dóibh freisin. Is gnáthóga den scoth iad na portaigh agus na heanaigh cosúil leis sin d'fhrogaí óir go dteastaíonn ceantair fhliucha uathu chun cónaí agus chun pórú iontu. Soláthraíonn an ghnáthóg talún móna coinníollacha géara freisin d'inveirteabraigh ach tá roinnt speiceas ann a mbaineann go dlúth leis na portaigh réitithe agus slána. Tacaíonn an fraoch le meascra speiceas luibhiteach, a thacaíonn ar a seal féin le meascra comhbhainteach feithidí agus veirteabrach creiche. Is gnáthóg luachmhar iad na linnte móna d'fheithidí uisceacha ar nós snáthaidí móra, doirbeacha agus cuileanna dhá sciathán.

Is baile iad na portaigh do go leor plandaí tearca agus cosanta. Áirítear le gnáthphlandaí portaigh na caonaigh sfagnaim, luachair agus cíbeanna, ceannbhán, fraoch mór, lus na móinte, sciollam na móna agus drúichtín.



Cailís Mhuire Mhór (*Drosera anglica*)

BEARTAS BITHÉAGSÚLACHTA AN AE

<http://ec.europa.eu/environment/nature/biodiversity/comm2006/2020.htm>

D'aithin ceannairí an AE i mí an Mhárta 2010 nach sásófaí sprioc bithéagsúlachta na bliana 2010 in ainneoin roinnt rathanna móra, ar nós bhunú Natura 2000, arb é an líonra limistéar cosanta is mó ar domhan é. Thug siad tacaíocht dá réir don fhís fhadtéarmach agus don sprioc cinnlíne uailmhianach arna moladh ag an gCoimisiún ina Chumarsáid "Roghanna d'fhís agus do sprioc an AE i gcomhair na bithéagsúlachta tar éis na bliana 2010".

FÍS 2050

'Faoin mbliain 2050 beidh bithéagsúlacht an Aontais Eorpaigh, agus na seirbhísí éiceachórais a sholáthraítear léi – a chaipiteal nádúrtha – á gcosaint, agus á n-athchóiriú go hiomchuí agus beidh urraim ag daoine orthu de bharr an luach atá ag an mbithéagsúlacht féin agus toisc go rannchuireann siad sciar ríthábhachtach d'fholláine an duine agus le rathúnas geilleagrach, agus go seachnófar sa chaoi sin na hathruithe tubaisteacha a bheadh ann de thoradh chailleadh na bithéagsúlachta.

SPRIOC CINNLÍNE 2020

Deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta agus le díghrádú na seirbhísí éiceachórais san AE faoin mbliain 2020, athchóiriú a dhéanamh orthu sa mhéid agus is féidir, agus rannchur an AE a mhéadú chun cosc a chur le cailleadh na bithéagsúlachta ar fud an domhain'.

AN SAINCHÚRAM DOMHANDA

Tháinig glacadh le Plean Straitéiseach domhanda don bhithéagsúlacht idir na blianta 2011-2020, ón deichiú Comhdháil de Pháirtithe (CoP10) don Choinbhinsiún faoin Éagsúlacht Bitheolaíochta, a reáchtáladh thall in Nagoya sa bhliain 2010, agus le straitéis chun acmhainní don bhithéagsúlacht dhomhanda a shlógadh.

Freagraíonn straitéis bithéagsúlachta an AE don bhliain 2020 don dá shainchúram, ag cur an AE ar an mbealach ceart chun a chuid cuspóirí bithéagsúlachta féin agus a thiomantais a shásamh.

FEABHSÚ AN BHONNEAGAIR GHLAIS (BG) CAIPITEAL NÁDÚRTHA NA HEORPA

Bunaítear an Bonneagar Glas ar an bprionsabal go gcomhtháthaítear cosaint agus feabhsú an dúlra agus na bpróiseas nádúrtha, agus na hiltairbhí a bhaineann an tsochaí dhaonna ón dúlra, go comhfheasach leis an bpleanáil spásúil agus leis an bhforbairt chríche. D'aithin an Coimisiún Eorpach gur féidir leis an BG rannchur go mór le gnóthú go leor d'eochair-chuspóirí beartais an AE.

Gheall an Coimisiún chun (in éineacht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta) saoráid chistithe an AE a bhunú don BG faoin mbliain 2014 chun tacú le daoine atá ag iarraidh tionscadal BG a fhorbairt.

Aithnítear sa Treoir maidir le Gnáthóga, ar glacadh léi sa bhliain 1992 agus ar infheidhmithe do gach 28 Ballstát an AE na cineálacha seo a leanas gnáthóige is talamh móna lena gcosaint:

- Portach ardaithe gníomhach
- Portaigh ardaithe díghrádaithe a bhfuil cumas athghiniúna nádúrtha iontu
- Bratphortaigh ghníomhacha
- Coillearnach phortaigh
- Eanaigh
- Fraochmhá fhliuch

Ciallaíonn “gníomhach” sa chomhthéacs seo gur ceart iad na coinníollacha do chruthú móna leanúnach (nach bhféadann bheith amhlaidh, mar shampla, mar a ndraenáiltear na portaigh). Is portaigh iad na portaigh ardaithe díghrádaithe le cumas fós iontu chun athghiniúna go nádúrtha mar a mbeifí ag dúil le hatosú chruthú na móna, ar an gcontar go nglacfaí le céimeanna chun an díobháil a dheisiú agus chun na portaigh a bhainistiú, mar shampla trí bhainistiú na draenála. Meastar idir na portaigh ardaithe agus na bratphortaigh, mar a mbíonn siad gníomhach, bheith ina gcineálacha gnáthóige tosaíochta, a bhfuil i mbaol a ndíothaithe laistigh den AE.

Agus na critéir a leagtar amach sa Treoir maidir le Gnáthóga ní foláir do na Ballstáit a chinntiú go dtugtar cosaint do shampla ionadaíoch den ghnáthóg laistigh de na Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta (LCS) chun críocha na Treorach.

Thug an próiseas sainiúcháin le chéile an Coimisiún Eorpach agus gach ballstát lenar áiríodh Éire, chun an méid sainiúcháin a bhí ag teastáil ó gach cineál gnáthóige a chinntiú. Tugadh an próiseas sin chun críche leis an gconclúid thiar sa bhliain 2002 go mb'éigean d'Éirinn a thuilleadh suíomhanna portaigh ardaithe a ainmniú lena sainiú mar LCS. Sloinntear in Airteagal 2 den Treoir maidir le Gnáthóga go dtabharfar san áireamh le bearta a ghlahtar de bhun na Treorach ceangaltais eacnamúla, sóisialta agus cultúrtha i dteannta le saintréithe réigiúnacha agus áitiúla. Cé go dtugtar roinnt solúbthachta leis sin faoin gcaoi a bhforfeidhmítear gnéithe den Treoir, is é seasamh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach féidir na nithe sin a thabhairt san áireamh nuair a roghnaíonn agus a shainmhíníonn tíortha teorainneacha na LCS, ná ní réitíonn siad an ceanglas chun comhlíonadh leis na rialacha dochta maidir leis an gcaoi ar féidir toiliú a thabhairt do ghníomhaíochtaí laistigh de na LCS agus na LfCS (Cás C-371/98 – breithiúnas 7 Samhain 2000).

5.5.2 Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta - Portach Ardaithe

D'ainmnigh Éire idir na blianta 1997 agus 2002 53 suíomh portaigh ardaithe san iomlán lena sainiú mar Limistéir Faoi

Chaomhantais Speisialta, a roghnaíodh i dtaca le gnáthóg ghníomhach portaigh ardaithe bheith iontu, portach ardaithe díghrádaithe agus coillearnach phortaigh. Is ann sna LCS is portaigh ardaithe a fhaightear an chuid is mó d'iarmhair fheidhmeacha na gceantar fairsing portach ardaithe lenar clúdaíodh go leor de lár na tíre tráth den saol. An ghné is annaimhe leo is ea go bhfuil achair nach beag de phortach ardaithe gníomhach fós iontu mar ar ceart iad na riochtaí do chruthú leanúnach na móna agus mar ar féidir leis na gnáthspeicis phlandaí agus ainmhithe bheith flúirseach.

Ba i gcaitheamh na mblianta tar éis teacht i bhfeidhm na Treorach maidir le Gnáthóga, thug an Rialtas chun críche dúshaothrú tráchtála na dtailte móna laistigh de na LCS is portaigh ardaithe. Íocadh cúiteamh leis na gnólachtaí a ndeachthas i bhfeidhm orthu as cailteanas tuillimh íocadh os cionn €7m i bhfoirm cúitimh i ndáil le hoibreoír tráchtála. Ina theannta sin, d'éirigh Bord na Móna as pleananna chun gabháiltais talún móra a dhúshaothrú ar bhonn tráchtála, ar leis iad laistigh de na LCS, agus aistríodh úinéireacht chuig an Aire a bhí freagrach as cosaint an dúlra. Cuireadh scéim cheannaigh dheonach i dtoll a chéile freisin chun ligean d'úinéirí talún, nó móincheart, chun a gcuid talún nó ceart a dhíol leis an Stát. Tugadh an scéim isteach sa bhliain 1999 agus feabhsaíodh thiar sa bhliain 2004 í. D'íoc an Stát os cionn €25m chun talamh nó cearta a cheannach as ní ba mhó ná 2,400 ha ó ní ba mhó ná 1000 díolachán aonair.

Thug an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus na nOileán mar a bhí thiar sa bhliain 1999 isteach “maolú” 10 mbliana chun ligean don bhaint don teaghlach agus réitigh mhalartacha á gcur chun feidhme. Measadh ag



an am gurbh í baint na móna don teaghlach an bhagairt ba mhó ar na suíomhanna úd, agus go gceadódh maolú d'am chun deireadh a chur de réir a chéile le baint na móna don teaghlach ar na portaigh ardaithe ab LCS. Is cuid í an "maolú" sin, a tugadh isteach trí mheáin riaracháin, den chuingean a bhfuil an Coimisiún Eorpach á tabhairt i gcoinne na hÉireann. Fuarthas amach áfach gurbh é an gearradh leanúnach meicnithe d'úsáid teaghlaigh nó dá dhíol agus an draenáil ag a raibh tionchar ní ba mhó ar na portaigh ardaithe gníomhacha nár mar a bhíothas ag dúil leis roimhe sin. Léiríodh sna staidéir a rinneadh tháinig achar iomlán an ardphortaigh a cailleadh sa tréimhse 10 mbliaina anuas go dtí an bhliain 2005 ach chuig 1%, agus gur tháinig an cailteanas sa phortach ardaithe gníomhach chuig 35% - ar mheathlú tromchúiseach sa ghnáthóg chosant é (Fernandez Valverde F., Fanning M., McCorry M.J. & Crowley W., 2005). Thug críochnú na tréimhse maolaithe chun cinn le déanaí saincheistanna nár pléadh go leordhóthanach leo i rith tréimhse an mhaolaithe.

Is óstach iad na 53 suíomh is LCS don ghnáthóg portaigh ardaithe is tábhachtaí, agus is iad a gheobhaidh an leibhéal cosanta is airde. Ní chadaítear a thuilleadh do bhaint na móna ag na suíomhanna úd, leis an Rialtas ag cur cúitimh agus scéimeanna athlonnaithe i bhfeidhm. Tabharfar aghaidh ar na saincheistanna atá fós gan réiteach trí Phlean Bainistíochta Náisiúnta LCS do Phortaigh Ardaithe, ar ullmhaíodh dréacht de chun soiléire a sholáthar faoin gcaoi a ndéanfar bainistiú agus athchóiriú ar na suíomhanna úd, agus faoin gcaoi a dtabharfar aghaidh ar leasanna agus ábhair is cúram don lucht bainte móna agus do na húinéirí talún. Is ann sa Phlean a thaiscéalfar an fhéidearthacht go gcuirfear roinnt solúbthachta bainistithe teoranta chun feidhme, laistigh de théarmaí na Treorach maidir le Gnáthóga, mar ar teoranta iad na roghanna d'athlonnú an lucht bainte móna.

5.5.3 Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta - Portach Ardaithe

Táthar tar éis 50 limistéar a aithint faoin Treoir maidir le Gnáthóga in Éirinn mar Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta do chosaint an bhratphortaigh. Áirítear leis na LCS sin ceantair bhratphortaigh ísealchríche agus sléibhe ar feadh chósta an iarthair den chuid is mó, ach a bhfuil leithdháileadh forleathan acu sna hardtailte freisin. Ní fhaightear na coinníollacha aeráideacha is gá do chruthú na mbratphortach, atá suite ar feadh chósta an iarthair go háirithe, ach amháin i suíomhanna teoranta ar fud an domhain, in Albain agus san Iorua sa leathsféar ó thuaidh mar shampla nó sa Nua-Shéalainn agus san Airgintín sa leathsféar ó dheas.

Is fairsing iad go leor de na suíomhanna LCS a aithnítear do chosaint na mbratphortach, agus áirítear leo coimpléisc ghnáthóg eile, ar nós fraochmhánna, féarach agus gnáthóg uisceach a liostaítear lena gcosaint faoin Treoir maidir le Gnáthóga freisin. Tá teorainneacha ag roinnt de na LCS úd a dréachtaíodh chun cosaint a thabhairt d'abhantracha, agus is féidir limistéir lagphortaigh nó bhratphortaigh dhíghrádaithe a áireamh leo. Chlúdaigh gnáthóg na mbratphortach in Éirinn meastachán de 765,890 ha tráth den saol. Tá na céadta blianta de bhaint na móna, míntíriú, dó, draenáil, foraoisiú, agus ró-iníor agus forbairtí boneagair le roinnt blianta anuas tar éis achar na mbratphortach sláintiúil a ídiú. Is ionann achar reatha measta an bhratphortaigh laistigh de na 50 LCS agus 150,750 ha.

Ba mhór an brú a chuir innilt beostoic ar na bratphortaigh, agus breithnítear in Alt 5.2.2í. Ba é an cur chuige a glacadh i ndáil le baint na móna ar na LCS ba Bhratphortaigh go bhféadfadh baint na móna ó cheantair éadoimhne imeallacha den phortach tirim/díghrádaithe bheith comhlántach le cuspóirí na Treorach maidir le Gnáthóga, ach nár cheart aon bhruach móna nua a dhúshaothrú. Níor measadh gearradh agus baint na móna ar bhonn tráchtála le hinnill easbhrúite (i. "innill ispiní") de bheith comhlántach leis, agus cuireadh toirmeas air sna LCS is bratphortaigh. Táthar ag súil leis go mbeifear in ann roinnt bainte móna a dhéanamh go fóill laistigh de na LCS is bratphortaigh. Caithfear na limistéir níos íogaire a sheachaint áfach.

Is léir go gcaithfear soiléire níos mó a chur leis an bpróiseas ina ndéanfar bainistiú ar bhaint na móna sna limistéir úd chun ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga a shásamh, a chaithfear a dhéanamh i gcomhlíonadh le ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga agus na Treorach um Measúnacht Tionchair Timpeallachta. Caithfear na gníomhaíochtaí reatha bainte agus draenála a thabhairt faoi chreatlach rialúcháin iomchuí. Déanfar é sin i gcomhréir le Gníomh G16 thíos.

5.5.4 LCS is Eanaigh

Tá 53 suíomh LCS is Eanaigh Alcaileacha agus Cailcreacha in Éirinn. B'ionann achar bunúsach na n-eanach i bPoblacht na hÉireann agus 92,508 ha a ndearnadh míntíriú ar an gcuid ba mhó díobh don talmhaíocht (Hammond, 1979). Tá eanaigh lena mbaineann tábhacht chaomhnaithe fós le fáil ar fud na tíre, meastar a n-achar reatha ag 20,180 ha (Foss, 2007). Tá easpa mhór sonraí bonnlíne comhshaoil ann i leith na ngnáthóg is eanaigh, cosúil le léarscáileanna suímh chruinne nó faisnéis shonrach caomhnaithe. Cuireann sé sin deacrachtaí roimh na húdaráis agus iad ag déanamh measúnú ar thionchair fhéideartha pleannanna nó clár, agus beidh sonraí bonnlíne ag teastáil d'eanach chun ligean do bhreithmheas níos mionsonraithe ar na gnáthóga úd agus d'aithint na mbeart caomhnaithe nó athchóirithe.



CISTIÚ LIFE AGUS ÉIRE

Tá LIFE (An Ionstraim Airgeadais don Chomhshaoil) ar cheann de na gnéithe is suntasaí de bheartas comhshaoil an Aontais Eorpaigh, arna seoladh ag an gCoimisiún Eorpach sa bhliain 1992. Rannchuireann LIFE le forfheidhmiú, forbairt agus feabhsú beartais chomhshaoil agus reachtaíochta comhshaoil an Chomhphobail, lena n-áirítear comhtháthú an chomhshaoil le beartais eile an AE.

Áirítear le tairbhithhe na dtionscadal LIFE fiontair bheaga agus idirnáisiúnta, údaráis náisiúnta agus áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha, institiúidí taighde agus comhlachtaí idirrialtasacha.

Ó seoladh an clár LIFE, is amhlaidh a tugadh maoiniú do 54 tionscadal san iomlán in Éirinn. Díríodh 38 astu siúd ar an nuáil comhshaoil agus 16 astu ar chaomhnú an dúlra. Is ionann na tionscadail sin agus infheistíocht iomlán ar fiú €110 milliún í, arbh é an tAontas Eorpach a ranníoc €46 milliún de.

Áiríodh leis na tionscadail LIFE in Éirinn go nuige seo athbhunú an Iolair Fhíréin agus dhá thionscadal athchóirithe do Phortaigh Ardaithe agus Bratphortaigh. Tá a thuilleadh mionsonraí i leith gach tionscadal ar fáil ag <http://ec.europa.eu/life>.



Iolar Fíréan (*Aquila chrysaetos*)

5.5.5 Tailte Móna arna gCosaint faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra

Choimisiúnaigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fíadhúlra suirbhéanna ar phortaigh ardaithe agus ar bhratphortaigh ag deireadh na 1980í agus ag tús na 1990í d'fhonn réimse suíomhanna a aithint ina bhfaightear gnáthóga ar theastaigh cosaint uathu; ar dtús mar Limistéir Inspéise ó thaobh Eolaíochta de agus ina dhiaidh sin mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha molta (LONm).

Na limistéir phortaigh ardaithe agus bratphortaigh ba thábhachtaí a céadaitníodh le fíúntas éiceolaíochta, ar dtús mar chuid de na suirbhéanna ar Limistéir Inspéise ó thaobh na hEolaíochta de; roghnaíodh iad lena sainiú mar Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta i gcomhréir leis na critéir shainiúcháin a leagadh amach sa Treoir maidir le Gnáthóga. D'fhág sé sin roinnt limistéar gnáthóige tábhachtach breise arbh fhiú aitheantas agus cosaint a thabhairt dóibh faoi dhlí na hÉireann ámh. Rinneadh fónamh dó sin trí shainiúchán na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LON) faoi na hAchtanna um Fíadhúlra.

5.5.6 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha is Portach Ardaithe

Táthar tar éis 75 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LON) is portaigh ardaithe a shainiú faoi na hAchtanna um Fíadhúlra. Sainíodh na suíomhanna mar chuid d'fhreagra ar chaingean sáraithe a thug Coimisiún an AE i gcoinne na hÉireann i ndáil le forfheidhmiú na Treorach um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do bhaint na móna. Foráiltear cosaint do na LON sna hAchtanna um Fíadhúlra tríd an gceanglas do roinnt gníomhaíochta a d'fhéadfadh bheith díobhálach chun toiliú Aireachta a fháil sula ndéantar iad. Is iondúil go liostaítear baint na móna, oibreacha draenála agus an foraoisiú mar ghníomhaíochtaí óna dteastaíonn an toiliú úd. Is amhlaidh dá bharr atá próiseas toilithe déach ann i gcás an fhoraoisithe agus leagan na gcrann, óir go dteastaíonn toiliú ó na gníomhaíochtaí úd ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Cuireadh an maolú a bhain do bhaint na móna don teaghlach sna LCS is portaigh ardaithe chun feidhme freisin i leith na LON, agus tá sé fós i bhfeidhm. Is amhlaidh go ginearálta dá réir nár cuireadh na ceanglais sin chun feidhme i ndáil le baint na móna. Déantar foráil don Aire chun ligean do ghníomhaíochtaí díobhálacha mar arb ann do chúiseanna riachtanacha sáraitheacha ó leas an phobail.



An Frog Coiteann (*Rana temporaria*)

5.5.7 Athbhreithniú LON is Portaigh Ardaithe

Tá athbhreithniú cuimsitheach ar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha is portaigh Ardaithe agus ar phortaigh ardaithe neamhshainithe tar éis athchumrú ó bhonn ar ár líonra LON a mhúnlú. Forálfar leis sin do thorthaí caomhnaithe rífheabhsaithe, agus seachnófar na limistéir ina mbaintear go leor móna. Laghdóidh sé na costais go mór don cháiniócoir. Áireofar roinnt portach faoi úinéireacht Bhord na Móna a tháinig faoi réir iarrachta caomhnaithe agus athchóirithe saindírthe ag an gCuideachta, leis an ngréasán LON. Áireofar leis freisin suíomhanna eile lena mbaineann luach caomhnaithe mar nach mbaintear mórán móna ná móin ar bith. Táthar ag dúil go ndíshaineofar go leor suíomhanna mar chuid den phróiseas seo atá ina Limistéir Oidhreachta Nádúrtha is portaigh ardaithe i láthair na huaire. Beidh sé sin mar chúnamh chun tacú ó bhonn le cosaint na LCS is portaigh ardaithe.

5.5.8 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha is Bratphortaigh

Aithníodh sna suirbhéanna éagsúla ar thalamh móna a rinneadh sna 1980í agus sna 1990í suíomhanna féideartha inspéis ó thaobh an chaomhnaithe de don ghnáthóg bratphortaigh. Ainmníodh 50 díobh siúd ina dhiaidh sin lena sainiú mar Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta (LCS) is bratphortaigh faoin Treoir maidir le Gnáthóga, dá dtagraítear thuas. Sainíodh 73 suíomh breise ina bhfaightear gnáthóg bratphortaigh mar LON. Baineann cuid den chaingean sáraithe reatha i gcoinne na hÉireann le comhlíonadh leis an Treoir MTT i leith rialáil bhaint na móna ó na LON. Tabharfar aghaidh air sin ina iomláine in éineacht le mionsaothrú an chur chuige i leith rialáil na ngníomhaíochtaí úd ar na LCS is bratphortaigh.



Bratphortach

5.5.9 Baint Móna ar Limistéir Shainithe

Teastaíonn leibhéal chosanta níos airde ó na limistéir shainithe. Teastaíonn toiliú follasach ó bhaint na móna sna LCS is portaigh ardaithe de réir na reachtaíochta reatha. Cé gur annamh a tharlóidh an bhaint leanúnach sin, is féidir toiliú a thabhairt do chásanna eisceachtúla, de bharr tionchar bhaint na móna ar na suíomhanna úd, mar a imlínítear sa Dréachtphlean Náisiúnta um Bainistiú na LCS is Portaigh Ardaithe. Is san Athbhreithniú ar an Líonra LON a leagtar amach na socruithe do cheadú úinéirí bruach móna agus conraitheoirí ar na LON is portaigh ardaithe.

Maidir leis na bratphortaigh faoi chosaint (LCS agus LON), is trí córas pleanála bainistíochta a dhéanfar mionsaothrú ar an gcur chuige do bhaint na móna ar bhonn leanúnach ar na portaigh úd. Cuirfear iallach ar chonraitheoirí ceadaithe chun oibriú i gcomhréir leis na pleananna bainistíochta úd. Déanfar na ceangaltas sin a mhionsaothrú i gcomhairle le geallsealbhóirí agus le páirtithe dá mbaintear.

Bunaíodh an Scéim Chúitimh do Scor de Bhaint na Móna (SCSBM) i mí Aibreáin na bliana 2011 chun cúiteamh a thabhairt d'úinéirí talún agus do shealbhóirí móincheart a ndeachaigh na srianta ar bhaint na móna i leith na 53 LCS is portaigh ardaithe i bhfeidhm orthu. Tá dhá ghné leis an SCSBM, mar atá:

A. SCÉIM ÍOCAÍOCHTA BLIANTÚLA

Íocaíocht ar fiú €1,500 in aghaidh na bliana í (innéacs-nasctha) ar feadh 15 bliain in éindí le híocaíocht dreasachta aonuaire ar fiú €500 í, tar éis comhaontú dlíthiúil a shíniú leis an Aire ina leagtar amach na hoibleagáidí agus na freagrachtaí atá ag an mbeirt pháirtithe don chomhaontú.

B. SCÉIM ATHLONNAITHE PORTAIGH

Is amhlaidh mar mhalairt d'íocaíochtaí airgeadais, agus de réir mar is féidir, a éascófar d'íarratasóirí incháilithe chun athlonnú chuig suíomhanna neamhshainithe chun leanúint ar aghaidh le baint na móna. Agus na hiarratasóirí ag feitheamh ar mheasúnú, ullmhú agus forbairt na suíomhanna athlonnaithe, is féidir leo ar bhonn eatramhach roghnú chun íocaíocht bhliantúil a fháil ón Scéim Íocaíochta Bliantúla nó chun soláthar bliantúil 15 tonna de mhóin bhainte a fháil arna seachadadh chuig a dtithe.

Mar ar Meán Fómhair 2015 táthar tar éis ní ba mhó ná 3,000 iarratas a fháil agus is ionann an caiteachas iomlán a íocadh amach go nuige seo agus beagnach €17 milliún. Is méideanna a íocadh i ndáil le híocaíochtaí bliantúla, seachadtaí móna agus íocaíochtaí dreasachta aonuaire a bhaineann leis an gcaiteachas sin. Cuireadh síneadh leis an scéim d'úinéirí talún agus do shealbhóirí móincheart a ndeachaigh na srianta ar bhaint na móna i leith na LON is portaigh ardaithe i bhfeidhm orthu. Níos mó ná 200 iarratas faighte agus íocaíochtaí a bheith déanta ar chostas de bheagnach €300,000 d'íarratasóirí.

COILLTE AGUS CLÁR LIFE AN AE

10 mbliana d'oibreacha athchóirithe i leith tailte móna foraoisithe in Éirinn.

RÉAMHRÁ

Sa dara leath den 20ú haois ab amhlaidh a breathnaíodh ar na portaigh mar acmhainn chun dúshaothrú chun críocha fónaíocha gan mórán airde tugtha dá luach iontu féin. Baineadh leas as go leor suíomhanna bratphortaigh agus portaigh ardaithe i gclár foraoiseachta na linne úd i gcomhair clár foraoisithe. Agus tuiscint fheabhsaithe i leith luach na bportach mar ghnáthóga nádúrtha tábhachtacha ann, chuir Coillte tús le clár chun roinnt de na gnáthógá portaigh is tábhachtaí faoina cúram a chosaint. Ba chun roinnt de thionchair ó na cláir fhoraoisithe a tharraingt siar a shlánaigh agus a bhainistigh Coillte 3 thionscadal chomhchistithe LIFE d'athchóiriú 1,967 ha de ghnáthóg bratphortaigh agus 1,207 ha de ghnáthóg portaigh ardaithe, laistigh de na LCS nó na LON, ar 51 suíomh ar fud eastát Choillte* ón mbliain 2002 i leith.

Ba é leagan agus baint an phlandúcháin bhuaircíneach an phríomhghné den saothar athchóirithe sin a rinneadh ag an gcuid ba mhó de na suíomhanna tionscadail, a plandaíodh mar chuid de na cláir náisiúnta foraoisithe; agus blocáil na ndraenacha a suiteáladh i rith na céime plandaithe. Ba é cuspóir an tsaothair úd chun leibhéil an uisce a ardú (agus a chothabháil), agus na coinníollacha a chruthú dá réir chun ligean d'athghiniúint na ngnáthóg is bratphortaigh agus is portaigh ardaithe chun atosú. Rinneadh monatóireacht freisin ar athruithe san fhásra (ag féachaint amach i gcomhair speiceas tásach) agus sna leibhéil uisce mar chuid freisin den chlár mar bhealach chun rathúlacht a thomhas. Déantar monatóireacht ar chrainn "saorálacha" ar nós na beithe agus an phéine ar bhonn rialtas agus baintear iad nuair is gá chun athchoilníú roinnt de na suíomhanna athchóirithe a chosc.

CLÁR RATHÚIL

Ba mhear agus fairsing é teacht aniar an fhásra portaigh sna suíomhanna a raibh na buaircínigh cuibheasach óg agus mar nach raibh ceannbhrat dúnta a dhóthain ag na crainn chun an fhásra portaigh a bhí ann a dhíothú, agus torthaí fíordhearfacha ann laistigh de cúpla bliain. Ba mhoille an ráta athshlánaithe sna portaigh mar a raibh na crainn ní b'airde agus ní b'aibí, go príomha de bharr chailliúint an fhásra portaigh dhúchasaigh de bharr éifeachtaí scáilithe agus tréimhsí ní b'fhaide den draenáil leanúnach. Agus é sin ráite ámh, tháinig méadú nótáilte ar na leibhéil uisce ag an gcuid ba mhó de na suíomhanna agus an t-athchóiriú fásra de bharr bhaint na gcrann agus bhlocáil na ndraenacha.

SEACHADADH CLÁIR

Is í tuairim Choillte go mbeidh éifeacht dhearfach ag an athchóiriú níos faide anonn ná an limistéar athchóirithe é féin, mar shampla ar phortach slán cóngarach a tháinig faoi réir éifeachtaí draenála "comhthaobhacha". Tháinig méadú mór ar an bhfios maidir le hathchóiriú gnáthóige portaigh mhodhnaithe ar scála mór in Éirinn mar thoradh ar an gclár freisin.

Tháinig feasacht faoi luach agus áilleacht na ngnáthóg portaigh freisin ón gcomhchuid feasachta poiblí láidir a bhain le gach tionscadal LIFE, as ar tháinig rannpháirtíocht láidir áitiúil leis na tionscadal athchóirithe portaigh.

.Faoin tráth a chuirfidh Coillte deireadh lena tionscadal reatha LIFE09 do phortaigh ardaithe sa bhliain 2015, is amhlaidh a bheidh Coillte tar éis tuairim 3,250 ha de ghnáthóga talún móna a athchóiriú; toradh gan mhacasamhail in Éirinn, agus toradh ag a bhfuil rannchur tábhachtach do chosaint agus feabhsú na ngnáthóg tábhachtach úd, ní hamháin d'Éirinn agus don Eoraip freisin.

**Shlánaigh agus bhainistigh Coillte an ceathrú tionscadal LIFE go rathúil d'athchóiriú 550ha de ghnáthóga coillearnaí tearca. Áiríodh leis an tionscadal sin freisin suíomh coillearnaí portaigh.*

Ina theannta sin, níos mó ná 700 iarratasóirí spéis dá n-athlonnú chuig portaíthe neamhshainithe. Is próiseas casta é an t-athlonnú i dtéarmaí

- fhiosrú suíomhanna oiriúnacha do cháilíocht agus cainníocht na móna;
- na n-oibreacha bonneagair/draenála a theastaíonn;
- bhunú líon an lucht bainte móna is féidir a chóiriú sa suíomh;
- costas agus féidearthacht cheannach nó léasú na talún; agus,
- cheangaltais fhéideartha pleanála agus Measúnachta Tionchair Timpeallachta.

In ainneoin na castachta lena mbaineann, táthar ag dul chun cinn le hathlonnú an lucht bainte móna chuig portaigh neamhshainithe i roinnt cásanna. Táthar tar éis suíomhanna athlonnaithe féideartha a aithint do gach aon cheann d'fhuilleach na Limistéar Caomhantais Speisialta mar a bhféadfadh athlonnú bheith de dhíth. B'fhéidir nach oiriúnach é an suíomh athlonnúcháin a aithníodh ámh, i gcás roinnt suíomhanna. Is sna cásanna úd agus i gcomhthéacs bhailchríochnú an Phlean Bainistíochta Náisiúnta do na LCS is Portaigh Ardaithe, is amhlaidh atá an Roinn ag breithniú na roghanna atá ar fáil i dtéarmaí athlonnú agus fhorálacha Treorach an AE maidir le Gnáthóga.

5.5.10 Athchóiriú agus Bainistiú na Suíomhanna Cosanta

Foilsíodh an Dréachtphlean um Bainistiú Náisiúnta LCS is Portach Ardaithe i mí Eanáir 2014. Is ann a leagtar amach an chaoi a ndéanfar bainistiú ar na Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta is portaigh ardaithe amach anseo, agus an chaoi a dtabharfar aghaidh ar éilimh an lucht bainte móna. Is sa Dréachtphlean a leagtar amach na tástálacha diana a chaithfear a shásamh sula bhféadfaí toiliú a thabhairt do bhaint na móna laistigh d'fhorálacha na Treorach. Is sa Phlean deiridh a shoiléireofar arbh infheidhmithe iad forálacha ábhartha na Treorach i leith aon Limistéar Caomhantais Speisialta ar leith, agus a bheifear ag féachaint chun fáil amach an féidir dóthain comhthuisceana a ghnóthú ag leibhéal náisiúnta chun cás rathúil a thabhairt don Choimisiún Eorpach i gcomhair solúbthachta i gcomhréir le hAlt 6(4) den Treoir.

Freagraítear sa Phlean Bainistíochta Náisiúnta seo do na LCS is Portaigh Ardaithe do mholadh lárnach an Bhreithimh Quirke ag éirí as Fóram na dTailte Móna 2012 agus arna iarraidh le rún Dháil Éireann an 7 Márta 2012 inar glaodh ar an Rialtas chun “dul i rannpháirtíocht ghníomhach leis an gCoimisiún Eorpach chun réiteach a lorg laistigh de théarmaí na Treorach maidir le Gnáthóga, agus chun Plean Athchóirithe Náisiúnta do Phortaigh Ardaithe a thaisceadh leis an gCoimisiún mar ábhar práinne”.

Dréachtófar pleananna bainistíochta agus athchóirithe a bheidh sonrach do gach aon suíomh is LCS i gcomhairle leis na húinéirí talún a rachfar i bhfeidhm orthu, ina leagfar amach na hoibreacha le déanamh agus cathain a dhéanfar iad. Is féidir aghaidh a thabhairt ar imní i ndáil le tuilte ina hiomláine mar chuid den phróiseas úd. Measadh gur fiú €25m thar dheich mbliana ar a laghad é an costas a bhainfidh le seachadadh na straitéisí úd i leith athchóiriú na bportach ardaithe, agus tugadh faoi deara an leibhéal costais úd sa Chomhaontú Comhpháiríochta ar ar aontaíodh le gairid idir an Coimisiún Eorpach agus Éire. Soláthraíodh Cistiú Tosaigh Náisiúnta don saothar sin sa bhliain 2015.

5.5.11 Séadchomharthaí Náisiúnta

Foráiltear in Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta do réimse cosaintí i ndáil leis an oidhreacht seandálaíochta. Caitheann úinéirí príobháideacha tailte móna nó siad siúd a thugann coimisiúnú do shaothar (lena n-áirítear táirgeoirí móna gairneoireachta) bheith feasach faoina n-oibleagáid i dtéarmaí saothar i bhfoisceacht séadchomharthaí a áirítear leis an Taifead Séadchomharthaí agus Ionad faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994.

SUÍOMHANNA TAILTE MÓNA FAOI CHOSAINT - GNÍOMHARTHA

- G15** Is í Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhoibriú leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a chuirfidh chun cinn plean phíolótaigh um Bainistiú Caomhnaithe i gcomhair LCS is eanach, lena n-áirítear scrúdú sonrach ar na himpleachtaí don draenáil. Ceadófar tríd an gclár píolótach sin d'ullmhú cuspóirí caomhnaithe níos mionsaothraithe i gcomhair na gnáthóige eanaigh trí chéile.
- G16** Is í Éire a cheapfaidh agus a fhorfheidhmeoidh córas bainistíochta lena gcinnteofar nach leanfaidh baint na móna ar shuíomhanna portaigh chosanta ar aghaidh ach amháin sa chaoi nach ndéantar bagairt ar shláine na LCS.
- G17** Forfheidhmeofar an t-athbhreithniú ar LON is portaigh ardaithe na hÉireann agus rachfar i mbun baint na móna ar LON is portaigh ardaithe i gcomhréir leis an athbhreithniú.
- G18** Rachfar i mbun athbhreithniú cuimsitheach ar athchóiriú na LCS agus na LON is portaigh ardaithe trí fhorfheidhmiú Phlean Bainistíochta na LCS is Portaigh Ardaithe agus trí fhorbairt na bpleananna bainistíochta do na LON, i gcomhpháirt leis na húinéirí talún a ndeachthas i bhfeidhm orthu.

5.6 Tailte Móna Iasmuigh de na Suíomhanna Cosanta

5.6.1 Comhthéacs an Bheartais

Tá na ceanglais dlíthiúla i ndáil le baint na móna agus an próiseas pleanála tar éis athrú de réir a chéile ó tugadh isteach an córas pleanála i mí Dheireadh Fómhair na bliana 1964. Is fairsing iad na forbairtí ón mbliain 1990 i leith, ach tugtar achoimre ar roinnt de na príomhathruithe thíos.



An Ceannbhán Caolduilleach (*Eriophorum angustifolium*)

Ba leis An Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963, a tugadh isteach an ceanglas ginearálta i gcomhair chead pleanála i gcomhair forbartha. Foráladh san Acht ámh go raibh díolúine ag úsáid na talún don talmhaíocht lenar áiríodh úsáid na talún le haghaidh móincheart ón gceanglas chun chead pleanála a fháil. Ba ina dhiaidh sin arbh éigean faoi Threoir an AE um Measúnacht Tionchair Timpeallachta go dtiocfadh roinnt forbairtí faoi réir Measúnachta Tionchair Timpeallachta (MTT) sula bhféadfaí chead forbartha a thabhairt chun dul i mbun an tionscadail. Tá baint na móna ar cheann de na catagóirí a áiríodh leis an Treoir.

Rinne Éire an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta a chéad-trasuíomh thiar sa bhliain 1989 mar chuid den phróiseas pleanála trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) 1989. B'éigean faoi thrasuíomh na Treorach go dteastódh measúnacht faoin Treoir ó thograí do bhaint na móna os cionn 50 ha. Tugadh baint na móna isteach sa chóras pleanála dá réir den chéad uair riamh. Bhreithnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa bhliain 1999 ámh nach bhféadfaí tairseach méide ceantair lena mbainfeadh íogaireacht shonrach comhshaoil a thabhairt san áireamh leis, agus nár shásaigh trasuíomh na hÉireann ceanglais na Treorach. I gcás na lánrogha atá ar fáil laistigh den Treoir chun tairseacha nó critéir a shocrú chun teacht ar chinneadh faoin tráth a bhféadfadh Measúnacht Tionchair Timpeallachta bheith de dhíth, bhreithnigh an Chúirt

freisin go bhféadfaí í a sháru trí gan tionchar carnach na dtionscadal a thabhairt san áireamh, ag a bhféadfadh tionchar mór bheith ar an gcomhshaoil. Bhain ábharthacht shonrach leis sin do phortaigh. Thug an Chúirt faoi deara "nár thug Éire séanadh nár cuireadh aon tionscadal do bhaint na móna faoi réir measúnachta tionchair, cé go bhfuiltear tar éis baint na móna ar scála beag a mheicniú, a thionsclú agus a dhlúthú go mór, ónar tháinig cailteanas gan staonadh ar achar portaigh lena mbaineann tábhacht caomhnaithe".

Mar fhreagra don bhreithiúnas, ab amhlaidh a géaraíodh na ceanglais dlíthiúla i ndáil le baint na móna chun is go mbeadh measúnacht tionchair timpeallachta (agus chead pleanála) ag teastáil i leith gach tionscadal bainte móna os cionn 30 ha agus faoi bhun na teorann sin má bhain an tionscadal le Limistéir Caomhantais Speisialta nó Limistéir Oidhreachta Nádúrtha molta, agus mar a bhféadfadh tionchar nach beag bheith aige ar an gcomhshaoil. Ba le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Leasú), 2001 a tháinig an t-athrú sin i bhfeidhm.

Ina theannta sin, foráladh sna Rialacháin chomhthreomhara Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt)(Leasú), 2001 nárbh fhorbairt dhíolmhaithe a bheadh i mbaint na móna lena mbainfeadh achar nua nó sínte de 10 ha nó os a chionn. Ba í an éifeacht leis an dá Rialachán úd maidir le baint na móna, gur theastaigh ó 10 Nollaig 2001 chead pleanála do bhaint na móna in achar nua nó sínte de 10 ha agus d'éirigh an MTT éigeantach do bhaint na móna in achar nua nó sínte de 30 ha. Foráladh a thuilleadh ní ba dhéanaí sna Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2011 nach raibh feidhm leis an díolúine mar a mbeadh measúnacht iomchuí ag teastáil i leith na n-éifeachtaí ar shuíomh cosanta.

Is fíordheacair é forfheidhmiú praiticiúil na Treorach MTT trí dhíl na pleanála, go háirithe i ndáil le tionscadail bhainte móna príobháideacha, ar éagsúlacht cúiseanna lena n-áirítear:

- Éiginnteacht i leith úinéireacht na dtailte móna, ar minic iad bheith neamhchláraithe;
- An treocht méadaitheach i dtreo bhaint na móna ag conraitheoirí, a bhféadann raon feidhme a gcuid oibríochtaí síneadh thar thailte i seilbh go leor daoine le móinchearta agus
- Ceanglais reachtúla i ndáil le hábhar atá leagtha síos do na hiarratais phleanála

Cé gur ceanglas dlíthiúil soiléir é forfheidhmiú na dTreoracha MTT agus maidir le Gnáthóga, bhain fadhbanna le rialú ghníomhaíochtaí bainte móna faoin gcód pleanála.

Ina theannta sin, tá forluí ann idir na forálacha dlíthiúla reatha do rialáil bhaint na móna tríd an gcead pleanála/MTT agus ceanglais cheadúnais um rialú comhtháite ar thruaillíú (RCT) agus feidhmeanna comhthola an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta maidir leis na LCS agus na LON. Tháinig roinnt éiginnteachta as sin thar ceann an lucht bainte móna, na n-údarás áitiúil agus na GCC maidir leis na gníomhaíochtaí a údaraítear agus maidir leis na gníomhaíochtaí a dteastaíonn cead nó ceadúnas uathu.

5.6.2 Tráth chun athrú?

Tugadh chun cinn leis na saincheistanna a tháinig aníos i ndáil le deireadh a chur le baint na móna ar phortaigh ardaíthe is LCS an chaoi ar athraigh baint na móna chun críocha teaghlaiigh ó bhonn aníos le roinnt blianta anuas. Tá seanbhaint na móna de láimh tar éis imeacht, seachas i roinnt cásanna eisceachtúla, cé go bhfanann cnuchairt agus bailiú na móna ina shaothar dian. Is iondúil go gcuireann úinéirí na gceapach phortaigh agus iad siúd le moinchearta saothar bhaint na móna ar conradh le conraitheoirí tríú páirtí, atá ar a seal féin tar éis infheistíocht mhór a dhéanamh i sain-innealra.

Tugtar faoi deara gurb í an GCC a rialaíonn na gníomhaíochtaí bainte mórcála, agus is amhlaidh dá réir a thagann siad faoi réir anailíse, monatóireacht agus pleanála comhshaoil leanúnaí i gcomhair úsáide deiridh fadtéarmaí do bhaint na móna. Ón mbliain 2012 i leith ní mór don GCC nuair a eisiúnn sí ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruaillíú chun a chinntiú go ndearnadh measúnacht tionchair timpeallachta mar chuid den iarratas pleanála comhbhainteach, nó, mar nach bhfuil iarratas pleanála comhbhainteach, chun dul i mbun na MTT í féin. Is í leordhóthanacht córais rialúcháin rialaithe níos forleithne na hÉireann a bhfuiltear in amhras faoi áfach, chun córas éifeachtach comhthola a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar thionchair bhaint na móna ar an gcomhshaoil. Baineann sé sin le rialuithe faoi phleanáil agus dlíthe caomhnaithe fiadhúlra araon. Ní fheictear ceachtar de na rialuithe níos íogaire a chuirtear chun feidhme sna ceantair shainithe ná na rialuithe nach chomh docht céanna iad sna ceantair neamhshainithe de bheith sásúil.

Is soiléir go gcaitheann rialuithe iomchuí agus comhréireacha bheith i bhfeidhm ag an Stát chun gníomhaíochtaí a rialáil a bhféadann iarmhairtí comhshaoil neamh-inmhianaithe bheith leo. Teastaíonn sé sin freisin chun oibleagáid na hÉireann faoi dhlí an AE a shásamh. Tá an rialúchán comhshaoil tar éis éirí níos géire le blianta anuas ar fud gach meán comhshaoil, agus feabhsuithe dá réir i gcáilíocht an aeir agus an uisce ónar tháinig tairbhí nach beag don tsláinte phoiblí. Táthar tar éis go leor earnálacha, a d'fheidhmigh roimhe sin ar bhealach easnamhach ó thaobh rialúcháin de, a thabhairt faoi

réir rialúcháin níos iomchuí – rud a d'éascaigh ar a sheal féin proifisiúnú na n-earnálacha úd. Áirítear le samplaí deireanacha rialúchán feabhsaithe na hearnála dramhaíola. I dteannta leis na tairbhí comhshaoil, cinntíonn sé sin go dtugtar na hearnálacha úd isteach ón ngeilleagar dubh agus agus go ranníocann siad a gcion cothrom de chánacha chun íoc as seirbhísí poiblí. Tá an Rialtas tar éis glacadh le céimeanna freisin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna gan réiteach i leith na cosanta comhshaoil agus rialúchán an tionscail amhail an córas clárúcháin do dhabhcha séarachais.

5.6.3 An bealach a mholtar chun cinn

TAILTE MÓNA NEAMHSHAINITHE - BAINTE AR SCÁLA BEAG.

Is de bhrí a neamhshainithe nach mbaineann an tábacht chéanna leis na tailte móna sin ó thaobh a luacha chaomhantais le hais iad siúd a roghnaíodh dá sainiú. D'ainneoin sin, is féidir leis an mbaint neamhrialaithe ag oibreoirí tráchtála díobháil a dhéanamh, mar a leagtar amach thuas. Baineann ábharthacht freisin le saincheistanna maidir leis an margadh dubh agus le cosaint na gceart maoinne. B'iomchuí córas rialála rialaitheach éadrom i leith na gcásanna úd. I bhfianaise mhéid na talún móna neamhshainithe, na mbearnaí san fhaisnéis maidir le húnireacht talún agus líon na ndaoine lena mbaineann, b'fhéidir go mb'iomchuí an rialáil a dhíriú ar chonraitheoirí tráchtála seachas ar úinéirí talún aonair.

Forbrófar réimeas rialaitheach do bhaint na móna chun a chinntiú go gcloíonn conraitheoirí móna leis an dea-chleachtas comhshaoil. Breithneofar cur chuige nua do rialáil bhaint na móna, ina bhféadfaí imeacht ón chreatlach dlíthiúil reatha na pleanála chuig córas ceadanna agus ceadúnúcháin na gconraitheoirí bainte móna seachas na húnireirí talún, agus féadtar ceachtanna úsáideacha a fháil ina leith sin ó athchóiriú ó bhonn rialúchán na hearnála dramhaíola le deich mbliana anuas.

B'fhéidir go bhféadfaí córas rialaitheach nua a sheachadadh tríd an rialtas áitiúil mar chuid den ghluaiseacht fhoriomlán chun ról an rialtais áitiúil sa chosaint comhshaoil agus dúlra a mhéadú i gcomhréir le beartas an Rialtais i leith athchóiriú an rialtais áitiúil.

D'fhéadfaí iallach a chur ar chonraitheoirí a gcuid trealamh a chlárú, na tailte móna ina mbaineann siad móin a mhionsonrú, na ceapacha a bhaintear, agus na cainníochtaí bainte a thairfeadh, i measc nithe eile, trí chóras ceadanna. Ba ar chúiseanna cosanta comhshaoil a d'fhorchuirí rialuithe i bhfeidhm leis na ceadanna.

Ba cheart aghaidh a thabhairt de réir a chéile le hathrú na creatlaí rialaithe maidir le baint na móna:

- Ar an ngá do phleananna le tacaíocht áitiúil agus le comhleanúnachas náisiúnta i leith bhainistiú fadtéarmach fhuilleach na limistéar neamhshainithe tailte móna;
- An t-idirdhealú idir baint na móna de láimh agus le hinneall, laistigh de na limistéir thuas;
- An t-idirdhealú idir conraitheoirí, a bhaineann an mhóin go meicniúil ar bhonn tráchtála den chuid is mó, agus sealbhóirí na moincheart/na n-úinéirí talún móna;
- Cineál séasúrach agus suíomhanna neamhbhuana na ngníomhaíochtaí bainte móna;
- An gá chun seasamh le dea-chleachtais chomhshaoil i ngach aon ghníomhaíocht bainte móna;
- Ceanglas faoi dhlí an AE do shoiléire faoi ngníomhaire atá freagrach as nósanna imeachta faoi na Treoracha maidir le MTT/Gnáthóga;
- Úsáid innealra mhíchuí (ar nós inneall 'ispíní') a bhaineann an bonn de na portaigh, agus ar chúis le sciorthaí talún iad ina ndearnadh díobháil don bhonneagar poiblí, do shruthchúrsaí agus lena mbaineann baol don shábháilteacht daoine; agus
- Foráil do thuirisciú, monatóireacht agus córais chomhlíonta cearta, ag éascú a thuilleadh d'fheidhmiú caighdeán comhshaoil iomchuí agus córas éifeachtach sonraí náisiúnta chun méid agus tionchar na ngníomhaíochtaí bainte a rianú, agus na sonraí sin a chur ar ais i bhforbairt beartais.

5.6.4 Treoir Measúnachta Iomchuí

Is nós imeachta í an Mheasúnacht Iomchuí dá bhforáiltear in Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga ina bhféachtar chun fáil amach an bhféadfadh tionscadail nó gníomhaíochta dul i dtreo scriosadh nó mheathlú suíomh Natura 2000 (LCS nó LfCS). Forbrófar a thuilleadh treorach chun comhlíonadh le hairteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a chinntiú, i ndáil le Measúnacht Iomchuí ar phleananna agus ar thionscadail lena mbaineann tailte móna. Tabharfar aird ar leith d'úsáid dhúshaothraithe (lena n-áirítear baint na móna) ar shuíomhanna cosanta nó in aice leo. Cuirfear béim ar an ngá chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí carnacha/comhcheangailte ag éirí as tionscadail eile, lena n-áirítear tionscadail bainte neamh-mhóna (m.sh. feirmeacha gaoithe).

Áireofar treoir faoi leith i ndáil leis an measúnacht iomchuí agus feirmeacha gaoithe leis an Treoir Measúnachta Iomchuí. Múnlófar é sin le treoir ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na forbairtí úd ar shuíomhanna Natura 2000. Breithneofar freisin áireamh treorach maidir leis an gceangaltas do mheasúnú tréine na móna thar an bpróifíl doimhneachta trí thagairt a dhéanamh d'uirlis nua arna bhforbairt laistigh den tionscadal BOGLAND as a mbainfear leas chun measúnachta cobhsaíochta.

5.6.5 Forbairt Feirme Gaoithe

Ó thaobh an chomhshaoil agus na héiceolaíochta de, is amhlaidh a fheartar fáilte roimh an athrú i nginiúint an leictreachais ó chórais bhunaithe ar bhreoslaí ion-taise chuig breoslaí in-athnuaite, lena n-áirítear an ghaoth.

Tá an Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag forbairt Beartais Leictreachais In-athnuaite agus creatlaí forbartha i láthair na huairé lena gcríochnú faoi dheireadh na bliana 2015, agus is tríothú siúd a sholáthrófar an deis chun ceanglais ábhartha na dTreoracha AE a chomhtháthú (lena n-áirítear Measúnacht Comhshaoil Straitéiseach agus Measúnacht Iomchuí), toisí trasteorann agus rannpháirtíocht geallsealbhóra laistigh de chomhthéacs náisiúnta. Tugadh isteach treoirínte do na húdaráis phleanála i ndáil le forbairt fuinnimh ghaoithe thiar sa bhliain 2006. Is leis na treoirínte úd a sholáthraítear comhairle reachtúil do na húdaráis phleanála i leith na pleanála don fhuinneamh gaoithe trí phróiseas an phlean forbartha agus chun iarratais ar chead pleanála a bhreithniú. Tá na treoirínte ceaptha le comhsheasmhacht cuir chuige a chinntiú ar fud na tíre freisin i leith shainaitheant na suíomhanna oiriúnacha d'fhorbairt fuinnimh ghaoithe agus do chóireáil na n-iarratas pleanála ar fhorbairt fuinnimh ghaoithe trí leas a bhaint as cur chuige faoi stiúradh plean. Tagann na treoirínte faoi réir athbhreithniú saindirithe i láthair na huairé i ndáil le gnéithe torainn agus caochaíola scáileanna. Caithfear gnéithe breise a thabhairt san áireamh le breithniú forbartha feirme gaoithe ar thailte móna le hais limistéar neamhthailte móna, lena n-áirítear, i measc eile, tionchar féideartha na n-oibreacha forbartha suímh ar ghnáthóg iascach lena n-áirítear aibhneacha agus srutháin; bainistiú na móna bainte agus cosc ghuais fhéideartha na sreabhanna portaigh agus na gclisteacha móna agus na mbaol a d'fhéadfadh teacht ón rud céanna.

5.6.6 Ceangaltas i gcomhair Cheadúnas Rialú Comhtháite ar Thruaillí (RCT)

Teastaíonn ceadúnas Rialú Comhtháite ar Thruaillí (RCT) do bhaint na móna i gcaitheamh cúrsaí gnó lena mbaineann achar os cionn 50 ha. Is ceadúnas singil comhtháite é ceadúnas RCT a chlúdaíonn gach astú ón tsuiteáil agus a bainistiú comhshaoil. Rialaítear leis an gceadúnas sin gach oibríocht ghaolmhar a dhéanann an ceadúnáí i ndáil leis an ngníomhaíocht cheadúnaithe. Is é Bord na Móna an t-aon eagras a bhaineann an mhóin i láthair na huairé ar faoin réimeas ceadúnúcháin sin a dhéanann sé a chuid gníomhaíochtaí.

Is í an GCC a riarann an córas ceadúnaithe RCT agus is í atá freagrach as eisiúint na gceadúnas sin agus as rialú an chomhlíonta leis na coinníollacha ceadúnais. Caithfidh an GCC bheith sásta sula ndeonaítear ceadúnas nach mbeidh na hastuithe ón ngníomhaíocht ina gcúis le tionchar

diúltach suntasach don chomhshaol. Is san athbheithniú a imlínítear in alt 4.6 a bhreithneofar ról an cheadúnúcháin RCT do rialú bhaint na móna.

RIALÚ BHAINTE NA MÓNA - GNÍOMHARTHA

- G19** Athbheithneofar an chreatlach dhlíthiúil reatha i ndáil le rialú bhaint na móna ó thaobh pleanála, cosanta comshaoil agus cosanta gnáthóg de; agus forbrófar moltaí chun córas rialaithe níos soiléire, níos comhréir agus níos in-fhorfheidhmithe a thabhairt i gcrích lena gcinntítear comhlíonadh le reachtaíocht comshaoil iomchuí an AE freisin agus chun an dea-chleachtas in oibríochtaí bainte móna a chinntiú.
- G20** Breithneofar freisin chun deireadh a thabhairt le húsáid an innill 'ispíní', nó gan ligean dá úsáid ach i limistéir shonracha amháin. Rachfar i gcomhairle le conraitheoirí bainte móna agus le geallsealbhóirí eile i gcaitheamh fhorbairt na moltaí úd.
- G21** Coinneoidh An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann, An Roinn Comshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tÚdarás Clárúcháin Maoine, the An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus na húdaráis áitiúla orthu ag comhoibriú le chéile chun eolas feabhsaithe bonnlíne a ghiniúint i leith mhéid na ngníomhaíochtaí baint agus i leith eolais faoi úinéireacht talún agus móincheart, agus i leith eolais faoi mhéid agus gnéithe fisiciúla (lena n-áirítear cinn gheoiteicniúla) de thailte móna na hÉireann.
- G22** Forbrófar a thuilleadh treorach chun comhlíonadh le hairteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a chinntiú, i ndáil le Measúnacht Iomchuí ar phleananna agus ar thionscadail lena mbaineann tailte móna.
- G23** Athbheithneofar an córas rialúcháin reatha chun a chinntiú go dtagann gach baint móna ábhartha faoi réir Measúnachta Iomchuí. Breithneofar ina theannta sin toilleadh asamhlaithe na talún móna chun tionchair a iompar.
- G24** Áireofar treoir faoi leith i ndáil leis an measúnacht iomchuí agus feirmeacha gaoithe leis an treoir dá dtagraítear in G23.

5.7 Dúshaothrú Freagrach

PRIONSABAIL

- P22** Oibreoidh gach cuideachta bainte móna - idir oibreoirí poiblí agus príobháideacha - go hiomlán laistigh de na cóid rialaitheacha ábhartha is infheidhmithe.
- P23** Cinnteoidh gach cuideachta bainte móna go mbainfeadh leas as na portaigh dhraenáilte agus tailte móna reatha i gcomhréir le Straitéis an Cumann Móna Idirnáisiúnta do Bhainistiú Freagrach Tailte Móna, agus tabharfar spreagadh dóibh chun glacadh leis an straitéis sin.

Ní mór don Stát a chinntiú, de réir mar a d'éirigh earnáil na bainte móna ina gníomhaíocht thráchtála agus mheicnithe, go léirítear urraim do chearta maoine daoine, nach mbaintear leas as modhanna bainte míchuí agus nár cheart don bhaint tráchtála oibriú amháin is go mbítear ag baint na móna d'úsáid teaghlaigh. Éiríonn an tsaincheist mar an córas maoirseachta rialála is iomchuí ach a nglactar leis an bprionsabal. I gcás bhaint na móna is amhlaidh a bhraithfidh sé sin go mór ar an talamh móna lena mbaineann.

I measc roinnt saincheisteanna a thagann aníos lena mbreithniú tá:

- Díol neamhrialaithe na móna fóid, nach n-íoctar cáin ina leith;
- Dúshaothrú ceapach neamhúsáidte gan cead na n-úinéirí, agus an mhóin á díol ar aghaidh;
- Toilteanacht líon beag conraitheoirí chun móin a bhaint go mídhleathach ó phortaigh chosanta, le baol chun fíneálacha a fháil ón Stát agus faoina dteastaíonn imlonnú acmhainní poiblí ganna chun críocha fhorghníomhú an dlí; agus
- Saincheisteanna cáilíochta uisce de bharr oibríochtaí draenála neamhrialaithe chun éascú don bhaint.

RANNCHUR BHORD NA MÓNA LE CAOMHNÚ NA TALÚN MÓNA

ACHOIMRE

Tugadh cúram do Bhord na Móna cpt ó bhunaigh an Rialtas é thiar sa bhliain 1946 chun roinnt d'acmhainní fairsinge móna na hÉireann a fhorbairt ar scála tionsclaíoch go príomha don bhreosla, fuinneamh agus meáin fháis ghairneoireachta. Ba mar chuid den fhorbairt úd a shealbhaigh an chuideachta ceantair fhairsinge tailte móna, in éineacht le limistéir bheaga tailte agus maoinne eile. Is ionann achar na dtailte úd agus tuairim 80,000 ha. Bhíothas ag tuar tráth den saol go bhféadfaí leas a bhaint go forleathan as an acmhainn ábhalmhór sin don talmhaíocht agus don fhoraoiseacht tar éis chríochnú an táirgthe móna. Is amhladh áfach tar éis trialacha agus turgnamh fairsing a tháinig Bord na Móna chun na conclúide go luífeadh todhcháí na dtailte le meascán úsáidí ní b'fhorleithne, ag féachaint go speisialta do:

- Don ról a fhéadann tailte móna a fheidhmiú chun rannchur go leanúnach le soláthar an bhreosla don tíre, idir bhreoslaí traidisiúnta agus bhreoslaí in-athnuaite;
- Dá gcumas chun ceangaltais talún náisiúnta agus réigiúnach don bhonneagar agus don tionscal a shásamh;
- Do na tairbhí ar féidir teacht leo ó thaobh an chaithimh aimsire agus an chonláiste de; agus
- Dá rannchur le spriocanna bithéagsúlachta náisiúnta na hÉireann.

Ní bhaintear leas as roinnt den achar talún anois do tháirgeadh na móna, agus baintear leas as i gcomhair éagsúlacht cuspóirí, lena n-áirítear fuinneamh gaoithe, foraoiseacht, turasóireachta, conláiste, bithéagsúlacht agus tionscal; agus táthar ag pleanáil úsáidí eile nach iad. Is ina foilseachán Creatlach Straitéiseach d'Úsáid na dTailte Móna sa Todhcháí a thugtar achoimre mhionsonraithe ar chur chuige na Cuideachta dá tailte. D'fheidhmigh Bord na Móna rannpháirt sa chaomhnú talún móna in Éirinn san am atá caite nuair a d'aistrigh an chuideachta líon suíomhanna nach beag chuig an stát i rith na 1970í, 1980í agus 1990í atá anois ina gcuid den líonra tailte móna faoi chosaint in Éirinn agus lena n-áirítear Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta is portaigh ardaithe. Ghlac an Chuideachta leis an mbeartas seo a leanas sa bhliain 1987 "Aithníonn agus glacann Bord na Móna ina iomláine leis an ngá chun samplaí ionadaíoch de na cineálacha portaigh éagsúla a chaomhnú, chomh maith le limistéir lena mbaineann áilleacht agus suntas speisialta nádúrtha".

Tá Bord na Móna tar éis 6,500 ha a aistriú mar thoradh ar an mbeartas úd chuig an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun críoch caomhnaithe. Áirítear leis sin os cionn 1,600 ha den Bhratphortach, 28 ha d'Eanach agus os cionn 3,000 ha den Phortach Ardaithe. Áirítear leis na suíomhanna úd níos mó ná 95% de Phortach Chlóirthigh, atá ar cheann de na suíomhanna caomhnaithe is tábhachtaí don Phortach Ardaithe sa domhana.

Mar chuid de chomhaontú thiar sa bhliain 1990 leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, d'aontaigh Bord na Móna gan 22 suíomh breise (5,242 ha) a fháil, ná a bhreithniú lena bhféil, ar phortach ardaithe faoi úinéireacht phríobháideach é ar mheas an SPNF faoi ag an am gur fiú agus gurbh oiriúnach é a chaomhnú. Baineadh na 22 suíomh úd ó Phleananna Forbartha an Bhoird. Lean Bord na Móna ar aghaidh ag forbairt a straitéise bithéagsúlachta agus a chuspóirí bithéagsúlachta corparáideacha, ag dul i mbun suirbhé éiceolaíocht bonnlíne ar gach ceann dá phortaigh thiar sa bhliain 2009 agus ag táirgeadh Phlean Gnímh don Bithéagsúlacht thiar sa bhliain 2010. Aithníodh roinnt portach leathdhraenáilte ach ar neamhfhorbartha iad atá mar chuid de ghabháiltais talún reatha Bhord na Móna, le luach bithéagsúlachta airde agus cumas athchóirithe portaigh iontu. Tá Bord na Móna tar éis oibreacha fairsinge athchóirithe a dhéanamh cheana féin ag roinnt de na suíomhanna úd, lena n-áirítear Portach Mhainistir Laoise, Portach Derrydoo-Woodlough (Mhaigh Armhad), Portach Bhaile Daighean agus Portach Chnoc na Caillí; mar chuid dá oibreacha athchóirithe leanúnacha. Go nuige seo, táthar tar éis 1,136 ha de phortach ardaithe draenáilte a athchóiriú idir na blianta 2009 and 2014. Rinneadh measúnú ar na suíomhanna sin, i measc suíomhanna eile Bhord na Móna, mar chuid den athbhreithniú ar an acmhainn náisiúnta portach ardaithe a rinne an SPNF thiar sa bhliain 2013. Shaothraigh Bord na Móna le deireanas leis an SPNF chun iarracht a dhéanamh réiteach a fháil i leith roinnt de na saincheisteanna bainte móna a mbaineann do na LCS is portaigh ardaithe, trí shuíomhanna malartacha a sholáthar don luch bainte móna mar chúiteamh as deireadh a chur le baint na móna laistigh de na LCS. Táthar tar éis suíomh amháin dá leithéid a fhorbairt cheana féin ag Portach Choill Raithní i gCo. Uíbh Fhailí, agus táthar tar éis 23 lucht bainte móna a athlonnó ó LCS Phortach Chlóirthigh chun an tsuímh sin. Tá pleananna ar na bacáin chun roinnt suíomhanna athlonnaithe eile a fhorbairt.

5.8 Athchóiriú & Athshlánúchán na Suíomhanna Neamh-Shainithe

PRIONSABAL

P24 Coinnoiedh Coillte agus Bord na Móna orthu mar bhainisteoirí stráicí móra de thailte móna ar son mhuintir na hÉireann ag léiriú ceannaireachta i mbainistiú freagrach, athshlánú and athchóiriú na dtailte móna.

Tá roinnt clár athchóirithe talún móna agus tionscadal suímh aonair ar siúl i láthair na huaire. Tá roinnt beart ar siúl chun portaigh ardaithe gníomhacha a athchóiriú, a bhfuil sé mar aidhm acu na héifeachtaí atá ag baint agus ag triomú móna a aisiompú. I measc tionscadal sonrach eile chun athchóirithe tá obair ar Anaclanna Dúlra i bPortach Chlóirthigh, Portach Choillidh Chonnaidh, Portach Mongan agus Portach an Ráithín Mhóir. Tá roinnt suíomhanna portach ardaithe eile á n-athchóiriú, trí chomhpháirtíochtaí idir comhlachtaí Stáit (m.sh. an SPNF), grúpaí caomhnaithe deonacha (m.sh. Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann) agus grúpaí pobail áitiúla.

I dteannta le hoibreacha athchóirithe agus athshlánaithe a dhéanamh ar thailte móna faoi úinéireacht an Stáit agus na gcuideachtaí leath-stáit, tá éagsúlacht tionscadal rathúil athchóirithe ar siúl ar shuíomhanna tailte móna faoi úinéireacht phríobháideach, ar cháiligh roinnt díobh i gcomhair chistiú an AE faoin gClár LIFE. Tá daoine aonair, grúpaí pobail agus eagrais neamhrialtasacha ar fud na tíre tar éis oibreacha athchóirithe a dhéanamh. Áirítear leis na suíomhanna a ndíríodh orthu portaigh ardaithe, bratphortaigh agus eanaigh: mar shampla Portach Mongan, An Mhuiríoch, Portach Fhionnúrach, Portach Lodge, Portach na Greallaí, Portach Bhaile na gCríostúnach, Portach Mhoín Aillion, Gleann na Toinne agus Bogaigh na Cabraí. Táthar tar éis neart feasa agus oileachta a thógáil idir na heagrais neamhrialtasacha agus na pobail lena mbaineann ó thaobh bhlocáil na ndraenacha agus na ndíog, baint na speiceas ionrach, bainistiú tuilte, réimis iní inbhuanaithe, saothrú sfagnaim, bainistiú cuairteoirí agus cruthú gnáthóg.

Tá Bord na Móna tar éis oibreacha athshlánúcháin a dhéanamh ar suas le 20,000 ha lagphortaigh thionsclaíoch móna go nuige seo (tuairim 10,000 ha i lár na tíre; 6,500 ha in iarthar na hÉireann; agus os cionn 1,000 ha de phortach ardaithe athchóirithe). Laistigh de na limistéir athshlánaithe sin, bíonn mósáic shuibhir de ghnáthóga leath-nádúrtha lena n-áirítear uisce oscailte, droch-eanach, eanach saibhir, scrobarnach, talamh féaraigh agus fraochmhá; mar thoradh ar choilíní nádúrtha i gcomhar le hathshlánú spriocdhírithé (blocáil draenacha; tógáil dambaí) i limistéir bhána ina raibh móin á táirgeadh roimhe sin. Taispeántar an fhorbairt mhósáice sin ar scála mór i bhFearann na Páirce, Loch Buará i gCo. Uíbh Fhailí. Ní bheifear in ann

gnáthóga portaigh atá á saothrú a thabhairt ar ais ar gach limistéar lagphortaigh. Tá coinníollacha ginte móna ag teacht ar ais ag an iar-shuíomh forbartha bratphortaigh thionsclaíoch ag Béal Átha Chomhraic, Co. Mhaigh Eo, ar a bhfuil athshlánú déanta le 10 mbliana anuas. Is de bharr na sraithe fuílligh den mhóin aigéadach a ligeann d'athfhás na speiceas Sfagnaim ag an suíom sin. Is iad na sraitheanna eanaigh den mhóin a nochtar den chuid is mó ar an lagphortach tionsclaíoch i lár na tíre nach fabhrach d'fhás an Sfagnaim iad.

De réir mar a thiocfaidh deireadh le táirgeadh móna tionsclaíoch i lár na tíre, agus de réir mar a leanfaidh coilíniú nádúrtha ar aghaidh, is amhlaidh a mhéadófar na limistéir bhithéagsúlachta ar na lagphortaigh freisin. Baineann 50% de limistéar táirgthe reatha Bhord na Móna leis an gcatagóir draenála caidéalaithe (mar shampla, na portaigh ar bhruach na Sionainne agus na Suca), agus de réir mar a thiocfaidh deireadh le táirgeadh, is amhlaidh a athrófar na limistéir sin ar ais go bogaigh le gnáthóga coillearnaí ar a n-imeall go nádúrtha; agus rachaidh suíomhanna a dhraenáiltear de bhuíochas domhantarraingthe (mar shampla, Portaigh na Mí, Oirthir Uíbh Fhailí agus Chill Dara) i dtreo gnáthóga fraochmhá, talún féaraigh agus coillearnaí mura ndéantar aon idirghabháil iontu. Táthar ag taifeadadh na bhforbairtí sin go léir i suirbhé éiceolaíochta Bhord na Móna, mar a leagtar síos i bPlean Gnímh Bhithéagsúlachta Bhord na Móna 2010-2015. Caithfear deireadh a thabhairt leis an gcaidéalú a bhreithmheas ó chás go chéile i bhfianaise an tionchair fhéideartha ar an tírdhreach máguaird. Is tríd an bPlean Bainistíochta do na LCS is Portaigh Ardaithe, i gcomhar leis na húinéirí talún, a rachfar i mbun chlár athchóirithe, ar Limistéir Chaomhantais

Speisialta lena mbainfidh ullmhú agus forfheidhmiú pleananna athchóirithe agus bainistíochta sonracha don suíomh i leith na 53 LCS, sa tsúil chun portach ardaithe gníomhach a athchóiriú sna suíomhanna úd.

5.9 Cáilíocht Uisce, Creat-Treoir Uisce agus Tuilte

PRIONSABAL

P25 Tabharfar san áireamh le beartais agus le cinntí i ndáil le húsáid na dtailte móna ina n-iomláine na tionchair fhéideartha ar cháilíocht an uisce agus gnóthachtáil caighdeán éigeantach do cháilíocht an uisce ag an Stát.

Ba cheart go rachfaí i mbun gníomhaíochtaí forbartha, ar nós na talmhaíochta, na foraoiseachta, bhaint na móna ar bhealach lena n-íoslaghdaítear an dochar don chomhshaoil, a ghnóthaíonn na deiseanna maidir le cosaint agus feabhsú an chomhshaoil, agus a rannchuireann le sásamh cuspóirí agus oibleagáid an Stáit i ndáil le cáilíocht an uisce, chomh maith leis an aeráid agus an dúlra.

Féachtar sa Chreat-Treoir Uisce (2000/60/CE)(WFD) chun bainistiú agus cosaint inbhuanaithe na n-acmhainní uisce a chinntiú. Teastaíonn cur chuige comhtháite uaithe ar fud gach earnáil - talmhaíocht, tionscal, beartas spásúil srl. - ar bhunús na n-abhantrach. Is iad na cuspóirí atá léi ná:

- dea-stádas éiceolaíochta agus ceimiceach a ghnóthú sna huiscí dromchla agus sna screamhuiscí
- cuspóirí agus caighdeáin a ghnóthú i leith na limistéar faoi chosaint;
- meathlú a chosc;
- treohtaí truaillithe a chúlú;
- truailliú ó shubstaintí tosaíochta a laghdú; agus
- astuithe, sceitheadh agus cailleanais substaintí tosaíochta ar guaiseach iad a thabhairt chun críche nó a chríochnú de réir a chéile.

Caithfidh na Ballstáit Ceantair Abhantraí (CA) a bhunú agus pleananna bainistíochta mionsonraithe a ullmhú i leith gach ceantar sin, i dtírí thimthriall pleanála .i. 2009-2015, 2016-2021 agus 2022-2027. Caithfear na bearta bainistíochta a chur chun feidhme i rith na dtimthriallta úd ionas go ngnóthófaí dea-stádas éiceolaíochta do gach uisce dromchla agus screamhuisce. Teastaíonn comhtháthú na gcuspóirí beartais uisce le beartais earnálacha ábhartha eile ó na pleananna. Teastaíonn rannpháirteachas agus comhoibriú réimse leathan Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí poiblí eile uathu ag a mbíonn feidhmeanna reachtúla i ndáil le bainistiú an uisce.

Teastaíonn socrú cuspóirí comhshaoil ón WFD freisin, lena ngnóthú trí chláir bheart. I measc na rialachá forfheidhmithe, sanntar dualgas leis na Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil don Uisce Dromchla agus don Screamhuisce (IR 272 den bhliain 2009 agus IR 9 den bhliain 2010) araon ar gach comhlachta poiblí ábhartha chun dul i mbun a bhfeidhme ar bhealach a rannchuirfidh le gnóthú na gcuspóirí comhshaoil (dea-stádas éiceolaíochta ar a laghad) a fhaightear sna pleananna abhantraí. Tugadh isteach caighdeáin chomhshaoil do cháilíocht an uisce freisin leis na Rialacháin um Uiscí Dromchla i gcomhair réimse substaintí a chaithfear a thabhairt san áireamh anois nuair a bhítear ag údarú sceithe. Leasófar na méid sin chun substaintí nualíostaithe le nuashonrú na bliana 2013 de Threoir an AE maidir le Substaintí Tosaíochta san Uisce.

Faoi Airteagal 11 den WFD, teastaíonn ón gclár beart, i dtuairim 5,550 dár ndobharlaigh, go rialaítear ionsruthú an fhosfair, na nítrigine agus an ábhair úsáidte ocsaigine, chomh maith le pataiginí isteach inár sruthchúrsaí. Teastaíonn uathu freisin díothú iomlán na substaintí contúirteacha (m.sh. an mhearcair) agus rialú na dtruailléan sonrach chun pobail uisceacha agus an tsláinte dhaonna a chosaint. Ní ghnóthóidh Éire dea-stádas éiceolaíochta faoin mbliain 2015, agus tá sí i mbaol caighdeán meathlaitheach cáilíochta uisce thar thréimhse na bpleananna dar timthriall, 2016-2021. Mura gcuirtear deireadh leis an treoht úd, tiocfaidh sárúithe, pionóis nach beag agus dochar do chlá as ón gCoimisiún Eorpach.

Ba cheart a léiriú i leith gach gníomhaíocht a bhaineann le talamh móna nach ndéantar tionchar diúltach leo, ina n-aonar ná i gcomhar le gníomhaíochtaí eile, ar chuspóirí comhshaoil an WFD, na Mac-Threoracha comhbhainteacha agus na rialachán náisiúnta. Ba chóir go n-áireofaí leis sin comparáid idir riocht réamhghníomhaíochta na ndobharlach comhbhainteach (trí mheán measúnachtaí GCC agus/nó monatóireacht agus measúnachtaí ar sonrach don gníomhaíocht iad) agus a riocht iar-ghníomhaíochta. Ba cheart go n-áireofaí leis na riochtaí sin cáilíocht an uisce (cothaithe, aigéadú, dríodar a théann i bhfeidhm ar chuspóirí comhshaoil WFD) agus/nó leibhéal/sreabhadh uisce (athruithe don chóras sreafa ionas go dtéann siad i bhfeidhm ar chuspóirí comhshaoil WFD).

Ina theannta sin, níor chóir go ndéanfadh gníomhaíochtaí a bhaineann le talamh móna athrú suntasach do na riochtaí comhshaoil tacúla i gcomhair na ngnáthóg sainithe sa chaoi gur chúis le cliseadh an chuspóir chaomhnaithe don ghnáthóg shainithe iad, agus de tháil gur chúis iad le baol nach sásófaí cuspóirí comhshaoil an WFD i ndáil leis na limistéir faoi chosaint. Teastóidh tuiscint chuige sin i leith na riochtaí comhshaoil tacúla réamhghníomhaíochta (leibhéal/sreabhadh an uisce, cáilíocht an uisce) i gcomhair na talún móna agus chun leibhéil fhulaingthe (taireacha) a bhunú, óna dtiocfadh tionchar don chaomhnú dá sárófaí/ laghdófaí iad.

5.9.1 Príomh-bhrúnna ar cháilíocht an uisce

Taispeánadh sna measúnachtaí GCC ba dhéanaí go n-aicmítear timpeall 71% den chainéal abhann de bheith neamhthruaillithe in Éirinn - ag gnóthú dea-stádas éiceolaíochta ar a laghad. Tá timpeall 29% d'fhad an chainéil abhann a ndéantar monatóireacht air truaillithe ar chaoi éigin áfach. Ó thaobh cháilíocht an uisce locha de, níl ach 46.6% de na lochanna faoi mhonatóireacht ag gnóthú spriocanna an WFD. Is eochair-air den chlár beart WFD é laghdú i líon iomlán na gcothaitheach arna seachadadh trína gcraobh-aibhneacha.

Is iad na foinsí cathrach agus talmhaíochta na príomhfhoinsí féideartha do shubstaintí contúirteacha chun dul isteach sa chomhshaoil uisce in Éirinn. Is iad na bearta sna pleananna bainistíochta abhantraí in Éirinn na príomhchinn a ndírítear orthu. Cleachtaítear rialú faoi na Rialacháin um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh 2001 (I.R. Uimh. 254 de 2001, arna leasú), na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) 2007 (I.R. Uimh. 684 de 2007) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2010 (Dea-Chleachtas Talmhaíochta (DCT) do Chosaint Uiscí)(I.R. Uimh. 610 de 2010) – “na Rialacháin DCT”. Is iad na rialacháin DCT an bunbheart náisiúnta chun dul i ngleic leis an truailliú ó fhoinsí talmhaíochta, idir fhoinséipointí agus fhoinsí idirleata.



Margaritifera sp.

DIÚILICÍNÍ PÉARLA FIONNUISCE

Diúilicíní péarla fionnuisce, *Margaritifera margaritifera* agus *M. durrovensis*

Is speiceas moileasc débhlaoisach í an diúilicín péarla fionnuisce (*Margaritifera margaritifera*) a chónaíonn sna haibhneacha agus sna lochanna – ar gaol fionnuisce níos mó é don diúilicín inite. Is ainmhí í atá go mór i mbaol a díothaithe, agus rinneadh í a chatagóiriú de bheith i ríbhaoil a díothaithe ar fud na hEorpa le déanaí (Cuttelod et al., 2011). Aithnítear í de bheith i ríbhaoil a díothaithe in Éirinn freisin (Byrne et al., 2009). Is eol dúinn go bhfuil 90% de na diúilicíní péarla fionnuisce tar éis bháis ar fud na hEorpa i rith an fhichiú haois.

De bharr a stádais i mbaol agus an mheathlaithe dhrámatúil atá feicthe ann, is amhlaidh a liostaítear an diúilicín péarla fionnuisce ar larscríbhinn II agus larscríbhinn V den Treoir maidir le Gnáthóga. Rinneadh measúnú ar stádas an speicis ar fud an AE thiar sa bhliain 2007, agus fuarthas amach go raibh sé go dona ar fud na hEorpa. Measadh gach líon den speiceas in Éirinn de bheith neamhfhabhrach go dona. Is iad an dríodrug agus an saibhriú (eotrófú) dá gnáthóg an phríomhchúis lena droch-stádas agus do mheathlú leanúnach an speicis ar fud na hÉireann agus na hEorpa.

Is forleathan iad na diúilicíní péarla fionnuisce in Éirinn, le fáil i níos mó ná 130 abhainn agus i roinnt bheag lochanna. Meastar líon náisiúnta na ndiúilicíní aibí de bheith os cionn 12 milliún. Bréagnaíonn na figiúirí sin ar réalaiocht go bhfuil meath mór ar an speiceas úd ámh, i go leor cásanna, ní féidir leo atáirgeadh de bharr dhroch-cháilíocht an uisce.

Tá 19 Limistéar Caomhantais Speisialta ann don speiceas in Éirinn. Áirítear 27 líon diúilicíní ar leithligh leis na 19 LCS. Tá go leor líonta diúilicíní ámh, atá le fáil lasmuigh de na LCS.

Ceapadh Rialacháin (I.R. 296 de 2009) thiar sa bhliain 2009 chun cuspóirí cáilíochta comhshaoil a shocrú do na diúilicíní péarla fionnuisce sna 27 líon sna LCS.

B'éigean faoi na Rialacháin freisin go n-ullmhófaí Pleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí, le Cláir Bheart comhbhainteacha, i leith na 27 abhantrach.

Ba iad na cúiseanna amhrasta an truaillithe ag os cionn 900 suímh abhann a ndearnadh suirbhé orthu sna blianta idir 2007-2009 (ó ní ba mhó ná 2500 suíomh monatóireachta san iomlán) (Foinse: Comhshaol Éireann na GCC 2012) ná:

- Talmhaíocht 47%
- Cathrach 37.5%
- Foraoiseacht 4%
- Tionsclaíoch 4%
- Ilghnéitheach 4.5%
- Baint na Móna 1%
- Oibreacha Innealtóireachta 1%
- Uiscshaothrú 1%

Braitheann stádas an screamhuisce go mór ar an uisce dromchla. Cuideoidh díriú na mbeart ar aibhneacha, mar ar aithníodh cúiseanna sonracha don truailliú leis an monatóireacht, chun luchtú na lochanna agus na n-uiscí cois cósta le truailléan a laghdú agus chun cáilíocht abhann a fheabhsú.

5.9.2 Suíomhanna Ard-Stádais

Taispeánadh tríd an taithí nach bhféadann Rialacháin DCT bheith leordhóthanach chun docbharlaigh ardstádais a chosaint i ngach aon chás. Tá meath mór tar éis teacht ar líon na suíomhanna ardstádais leis na deiceanna blianta anuas. Teastaíonn idirghabhálacha saindírithe ar sonracha don suíomh iad sna habhantracha leis na cineálacha suíomhanna sin iontu agus chun dobharlaigh ardstádais de gach cineál a chosaint agus a athchóiriú. Bíonn na suíomhanna ardstádais seo leochaileach don díghrádú de bharr brúnna ar nós na draenála páirce, bhaint na móna, leasúcháin, phlandú na gcrann, leagan na gcrann, tógála tithe, gléasraí cóireála dramhuisce ar an láthair, úsáide feithicídí, tógála bóithre agus tógála feirme gaoithe.

Bíonn róil tábhachtacha ag an RTBM, na húdaráis áitiúla agus gníomhaíochtaí ceadúnaithe agus forghníomhaithe GCC um rialáil, m.sh. leathadh an scioidair ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta ar an talamh chomh maith le baint na móna ar scála mór. Ní bhíonn tionchair na mbrúnna sin sorialaithe faoin reachtaíocht reatha i gcónaí. Tá géarghá ann gníomhartha de réir suímh a fhorbairt do dhobharlaigh lena dtuairiscítear stádas níos lú ná maith. Táthar tar éis pleananna speisialta fo-abhantraí a ullmhú mar shampla i gcomhair abhantrach do dhiúilicíní péarla fionnuisce, óna dteastaíonn caighdeáin chosanta fíor-arda. Is féidir leis na Rialacháin DCT agus Clár Gnímh Níotráití na hÉireann, agus an Phleanáil agus an ceadúnú RCT trí chéile éirí níos éifeachtaí trí phleanáil fhorlíontach mhionsonraithe um bainistiú cothaitheach, go háirithe sna habhantracha íogaire. Is féidir dul chun cinn a dhéanamh le beartú tosaíochta agus miondealú chuig leibhéal áitiúil, in éineacht le gníomhartha ar an talamh.



5.9.3 Ról rith chun srutha na móna i leith an truaillithe

Is féidir baint na móna bheith ina cúis le truailliú an uisce mura mbainistítear i gceart í. Scaoiltear substaintí le briseadh isteach comhbhainteach na talún a fhéadann dul isteach sna sruthchúrsaí, lena n-áirítear an t-iarann - agus fiú féin an mhearcair (a ionsúitear ón atmaisféar). Ba chóir go gcaithfí leis an uisce a sceitear ó oibríochtaí suntasach bainte móna mar dhramhuisce tionsclaíoch chun an truailliú a chosc. Íslítear an maoschlár trí bhaint na móna, óna dtagann tiúchan níos airde de shubstaintí truaillitheacha sa toirt uisce laghdaithe. Sceitheann draenáil na móna na truailléan seo a leanas:

- **Moirtiúlacht**, arb iad soladaigh ar fuaidreamh agus fosfar ó chreimeadh na láithreacha tochailte agus na ndíog atá inti. Féadann roinnt speiceas éisc agus beatha uisceach eile bás a fháil ó uisce modartha, lena n-áirítear éanlaith uisce agus fána agus flóra eile, rud a fhéadann infhaighteacht na hocsaigine tuaslagtha a laghdú agus iad ag dianscaoileadh. Is cothaitheach é an fosfar óna dtagann rófhás algach, rud a dhéanann an fhadhb truaillithe níos measa.
- **Aigéadacht (pH íseal)**: Aeraíonn an draenáil an mhóin agus scaoileadh aigéid (aigéad nítreach agus aigéad sulfarach go minic). Is féidir le huisc aigéadacha an t-iasc agus an bheatha uisceach a mharú, agus táirgeadh agus teacht amach ón ubh a theorannú.
- **Alúmanam**: Cuidíonn na huisc aigéadacha le draenáil na móna chun alúmanam a thuaslagadh den mhóin agus é a iompar le sruth. Is féidir leis an alúmanam bheith rí-nimhiúil don iasc agus don bheatha uisceach eile.
- **Amóinia**: Draenáil na móna is cúis le dianscaoileadh go leor den ithir, rud a scaoileann amóinia. Is féidir le cineálacha amóinia ar leith bheith rí-nimhiúil don iasc agus don bheatha uisceach eile.
- **Iarann**: Tuaslagann na huisc aigéadacha le linn draenála na móna an t-iarann freisin. Is féidir an t-iarann a scaoileadh freisin nuair a ghreamaítear do sholadaigh

ar fuaidreamh é. Is féidir le deascáin iarainn geolbhaigh éisc a phlúchadh agus screamha díobhálacha a shil-leagan ar ghrinnill sruthán, lochanna agus bogach.

- **Mearcair:** Is féidir an mhearcair a scaoileadh le linn draenáil na móna. Is rí-nimhiúil d'éisc í, agus carnann sí ar fud an tslabhra bhia. Aicmítear an mhearcair sna sruthchúrsaí, go háirithe, mar Shubstaint Ghuaiseach Tosaíochta faoin WFD. Lonsúitear sna tailte móna ón atmaisféar í. Is féidir an mhearcair eiliminteach a thiontú ina mearcair mheitile, ar cineál nimhiúil di í, trí bhaictéir uisceach sna dríodair locha agus bogach. Déantar an mhearcair mheitile a thiúchan agus í ag dul suas an tslabhra bhia uiscigh, agus an tiúchan is mó le fáil sna géiméisc mhóra.

Tá roinnt modhanna ann do rialú an truailithe uisce le linn bhaint na móna. Ceann amháin acu is ea rialú rith chun srutha na móna. Bailítear trí sin na soladaigh ar fuaidreamh a láistean de láithreach bainte móna i ngréasán díog an phortaigh. Is féidir é sin a dhéanamh trí dhambaí píobacha a thógáil i dtaca leis an imchuach dríodraithe nó sna príomhdhraenacha. Laghdaíonn dambú an uisce sna díoga luas an tsreafa, agus is amhlaidh dá thoradh sin a shil-leagtar na soladaigh ar fuaidreamh ar ghrinnill na ndíog.

Taispeánadh i dtástálacha saotharlainne agus ionsamhluithe teoiriciúla leis an rialú ar an mbuaic-rith chun srutha gur féidir na hualaigh sholadach ar fuaidreamh a dhíorthaíonn ó láithreacha mianadóireachta móna a laghdú faoi 88%. Taispeánadh i staidéar a rinneadh i samhradh na bliana 1996 ar láthair mianadóireachta móna i Lár na Fionlainne gurbh ionann caillteanas na soladach ar fuaidreamh leis an mbuaic-rith chun srutha agus 53-88% - agus suas le 95% le linn buaicshreafa de bharr choscairt an tsneachta. Laghdaíonn na hualaigh laghdaithe de sholadaigh ar fuaidreamh ualú na gcothaitheach a cheanglaítear leis na soladaigh ar fuaidreamh.

CÁILÍOCHT UISCE – GNÍOMHARTHA

G25 Ba cheart a léiriú i leith gach gníomhaíocht a bhaineann le talamh móna nach ndéantar tionchar diúltach leo, ina n-aonar ná i gcomhar le gníomhaíochtaí eile, ar chuspóirí comhshaoil an WFD, na Mac-Threoracha comhbhainteacha agus na rialachán náisiúnta.

G26 Níor chóir go ndéanfadh gníomhaíochtaí a bhaineann le talamh móna athrú suntasach do na coinníollacha comhshaoil tacúla i gcomhair na ngnáthóg sainithe sa chaoi gur chúis le cliseadh an chuspóir chaomhnaithe don ghnáthóg shainithe iad, agus de thátal gur chúis iad le baol nach sásófaí cuspóirí comhshaoil an WFD i ndáil leis na limistéir faoi chosaint.

5.9.4 Tuilte

Mar fhreagra d'eachtraí tuilte le déanaí, agus mar thuar d'eachtraí féideartha níos minice agus níos géire amach anseo de bharr an athraithe aeráide, le hathchóiriú fheidhmiú nádúrtha na mbogach (tuilemhánna go sonrach) chun tuilte níos minice agus níos géire a thoilleadh is féidir réimse sochar a sholáthar lena n-áirítear cosaint i gcoinne tuilte do cheantair chathrach, feabhsú na bithéagsúlachta agus feabhsú i gcáilíocht an uisce (English Nature Joint Statement 2003).

Táthar ag tuar i dtuarascáil amháin go dtiocfaidh méaduithe báistí faoi 17% in iarthar na hÉireann; agus b'fhéidir faoi 25% in gceantair áirithe le himeacht chnámh scéil aeráide (Murphy & Charlton (2006)). Bítear ag díriú airde náisiúnta agus idirnáisiúnta níos mó dá réir ar bhogaigh as a gcumas chun tuilte a mhaolú agus beifear ag dúil ó na húdaráis phleanála go leagfaidh siad béim i bhfad níos mó ar an ról sin amach anseo. Féadann coinneáil an uisce sna dromchlaí talún móna eachtraí rith chun srutha a mhaolú agus a mhoilliú, agus is féidir iad a fheabhsú trí mhoirfeolaíocht an dobharcheantair mhóna. D'fhéadfaí gur tugadh ró-aird do ról maolaithe tuilte na mbogach is ithreacha móna áfach, agus aithníodh le blianta fada nach laghdaíonn gach talamh móna sreabhanna ó stoirmeacha, go háirithe sa gheimhreadh (An Taisce - The use of wetlands for flood attenuation (2012)). Fuarthas amach sa staidéar úd gur mó é tionchar na mbogach trí chéile chun buaiceanna tuilte a laghdú i leith na n-eachtraí báistí ardmhinice, idir dhéine íseal agus mheánach, a tharlaíonn nuair a bhíonn toilleadh mór stórála sna bogaigh. Is lú é i leith na n-eachtraí ar mhéid mhór, go háirithe tar éis achair fhada báistí roimhe, nuair a bhíonn stóráil na hithreach agus na mbogach ar maos. Is féidir idirdhealú a dhéanamh ina leith sin idir tuilte "hidreolaíochta" (eachtraí báistí ardmhinice, idir mhéid íseal agus mheánmhéid a tharlaíonn go coitianta gan aon dochar geilleagrach) agus tuilte "eacnamúla" (eachtraí báistí de mhinice íseal tar éis tréimhsí fada báistiúla, ónar féidir dochar geilleagrach teacht). Soláthraíonn na bogaigh de bharr a gcineáil maolú don rith chun srutha, ach féadann an maolú sin bheith níos lú d'eachtraí báistí mórsála i riochtaí ar maos.

5.10 Feasacht Phoiblí & Oideachas

Rinneadh moltaí sonracha i leith an oideachais agus na hoiliúna i dtrí cháipéis thábhachtach idirnáisiúnta inar pléadh úsáid chliste na dtailte móna. Is iad sin comh-threoirlínte *Wise Use guidelines for Global Mires and Peatlands* de chuid an Grúpa Caomhnaithe Puiteach Idirnáisiúnta agus an Cumann Móna Idirnáisiúnta, agus *Responsible Peatland Management Strategy* an Cumann Móna Idirnáisiúnta agus an *Global Action Plan for Peatlands* de chuid Ramsar. Tugtar nod sna cáipéisí úd don ghá chun cláir phríomhshrutha oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú ag díriú ar thailte móna. Leagtar béim iontu nár cheart go mbainfeadh cur na feasa agus na faisnéise ar aghaidh leis na cláir úd amháin, ach go gcaithfí féachaint leo chun iompar a mhodhnú agus stíleanna beatha a fhorbairt ar comhchuí le húsáid chliste na dtailte móna iad. Baineann an impleacht leis sin go gcaithfidh siad leanúint ar aghaidh ar feadh an tsaoil agus a bheith dírithe ar gach aon earnáil den tsochaí - saoránaigh, pobail, gnólachtaí agus tionscal. Is i bPlean na hÉireann um Chaomhnú Tailte Móna 2020 ag an Leibhéal náisiúnta, arna ullmhú ag Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, a dhéantar roinnt moltaí straitéiseacha don Rialtas i ndáil leis an oideachas comhshaoil.



Lus borraigh beag (*Utricularia minor*)

MIONSONRAÍTEAR THÍOS MOLTAÍ 32 CHUIG 35 ÓN TUARASCÁIL BOGLAND:

- 32** Ba cheart go bhforbrófaí agus go gcuirfí chun cinn cláir feasachta agus ábhair oideachais do thailte móna trí éagsúlacht leathan meán - cláir chomhroinnte eolais (cláir theilifíse, láithreán gréasáin, DVDí, srl.), pacáí oideachais (tacaíocht airgeadais do chlár oideachais Chomhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann), ceardlanna, póstaer in áiteanna poiblí. Ba chóir go soláthrófaí “teachtaireachtaí tailte móna” soiléire lena leas trasna réimse leathain mheán.
- 33** Is ríthábhachtach go nglacann foras náisiúnta ceannaireacht i gcumarsáid an eolais maidir le tailte móna. I bhfianaise bhaint na tacaíochta rialtasáí do chumarsáide an eolais chomhshaoil (ENFO), tá sé ríthábhachtach go líonann na heagrais neamhrialtasacha an bhearna sin agus go gcuireann siad an t-eolas sin i gcumarsáide agus go dtacaíonn an Rialtas go leordhóthanach leis an tasc sin. D’fhéadfaí feasacht agus oideachas a spreagadh gan dua go háirithe trí fheabhsú na rochtana poiblí ar shuíomhanna tailte móna faoi leith (comhoibriú le Coillte, Tionscadal LIFE)
- 34** I bhfianaise an chomhphlé chasta i ndáil le baint na móna, ba chóir d’fhorais rialtasacha cumarsáid a dhéanamh go luath agus go fairsing leis na geallsealbhóirí ionas go n-éiríonn siad feasach ar shochair na dtailte móna ar chúiseanna eile seachas don bhreosla.
- 35** Ba cheart an fios traidisiúnta dúchasach ar an móin agus ar thailte móna, chomh maith leis na torthaí agus na sonraí eolaíochta ábhartha, a chur i gcumarsáid go soiléir agus a chur ar fáil don phobal agus do chinnteoirí. Chuideodh sé sin freisin leis an gcomhphlé idir gach geallsealbhóir, nach dócha ar feasach a dhóthain dóibh i leith an eolais agus na ndearcaí a bhíonn ag daoine eile. Is ríthábhachtach é an t-eolas ó gach foinse má táthar chun straitéisí bainistíochta éiceachóraí níos éifeachtaí a thabhairt isteach. D’fhéadfaí é sin a shaothrú tríd an bPáirc Náisiúnta Talún Móna.

Tá an tSeirbhís Comhshaoil agus Oidhreacht de chuid Thuaisceart Éireann tar éis a tiomantas a dhéanamh cheana féin don oideachas i dtaobh tailte móna trí cháipéis dar theideal “Conserving Peatland in Northern Ireland - A Statement of Policy”. Tá seacht ngníomh shonracha laistigh den bheartas i leith an oideachais i dtaobh tailte móna lena n-áirítear soláthar saoráidí feasachta agus oideachais ag Peatlands Park, ábhair fhor-rochtana agus cuairteanna ar scoileanna. Déantar foráil sa bheartas freisin don oideachas don lucht gnó, don lucht talmhaíochta agus don lucht tionscail mar a samhlaítear tionchar bheith aigesean ar chaomhnú agus úsáid chliste na dtailte móna (EHS 1993). Tá na heagrais neamhrialtasacha tar éis glacadh le tionscnaimh sa limistéar seo, go príomha clár oideachais Chomhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, ach freisin sraith “Nature’s Way” de chuid An Taisce agus Feachtas Bogach Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann. Bíonn Coillte agus Bord na Móna gníomhach freisin trína saoráidí do chuairteoirí, amhail NPWS na RTBM trína líonra Ionad Oideachais sna Páirceanna Náisiúnta. Is tosáíocht leis foilsíú leanúnach de thorthaí an tsaothair shuirbhéireachta agus tochailte a rinneadh le 20 bliain anuas, chun rochtain agus eolas an phobail a fheabhsú.

Is soiléir an tábhacht a bhaineann le cumarsáid éifeachtach i bhfianaise an chomhphlé chasta i leith bhaint na móna. Ba cheart an fios traidisiúnta dúchasach ar an móin agus ar thailte móna, chomh maith leis na torthaí agus na sonraí eolaíochta ábhartha, a chur i gcumarsáid go soiléir agus a chur ar fáil don phobal agus do chinnteoirí.

Coinneoidh an Chomhairle Tailte Móna uirthi bheith ina fóram mar a gcothófar comhphlé idir na geallsealbhoirí. Bíonn ról fíorthábhachtach ag pobail áitiúla mar mhaoin na n-acmhainní tailte móna agus ba chóir go mbeadh baint acu leis na gníomhaíochtaí chun a n-úsáid a athchóiriú agus a bhuanú. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle le pobail áitiúla agus le grúpaí ionadaíocha eile d’fhonn imní áitiúil a chothromú leis an ‘leas’ coiteann.

FEASACHT PHOIBLÍ & OIDEACHAS – GNÍOMHARTHA

G27

Athbhreithneoidh na húdaráis phoiblí ábhartha a gcuid gníomhaíochtaí agus cur chuige i leith oideachais agus feasachta an phobail faoi luach agus úsáidí na dtailte móna; agus tabharfaidh siad achoimre ar thoradh a n-athbhreithnithe do Ghrúpa Forfheidhmiúcháin na Straitéise Tailte Móna. Is é an Grúpa Tailte Móna, i gcomhairle leis an gComhairle Tailte Móna, a dhéanfaidh measúnú ar ghníomhaíochtaí reatha, lena n-áirítear iad siúd de chuid na n-eagrais neamhrialtasach, agus a dhéanfaidh moltaí don Rialtas maidir le tuilleadh beart a d’fhéadfadh bheith de dhíth chun tairbhí eacnamúla, sóisialta agus comhshaoil an bhainistithe fhreagraigh ar thailte móna a chur in iúl don phobal. Is sa chomhthéacs sin a bhreithneoidh an Grúpa Tailte Móna moltaí na Tuarascála Bogland.



Fotheideal grianghraif: Clárchosán Phortach Chlóirhigh, Co. Uíbh Fhailí

CLÁR OIDEACHAIS TAILTE MÓNA - Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann (CCPÉ)

Tairgtear acmhainn oideachasúil den scoth don oide ar mór leo dul i mbun oideachais ghníomhaigh eispéireasaigh sa chomhshaol tailte móna agus fúthu le scála agus éagsúlacht na ngnáthóg agus na dtírdhreach agus lena naisc chuig stair, béasna agus geilleagar na tíre.

B'fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon é ról oideachasúil na CCPÉ. Is cuid dár dtiomantas foirmiúil é soláthar na tacaíochta, na hoiliúna agus acmhainní do scoileanna. Is gnéithe dár saothar neamhfhoirmiúil iad seachadadh na gclár oideachais ar feadh an tsaol agus léirmhíniú na dtailte móna do chuirteoirí.

OIDEACHAS DO SCOILEANNA

Ní faoi bhailiú sonraí agus saothar suirbhéireachta amháin ar thuras scoile é an t-oideachas tailte móna. Baineann forbairt dearcthaí, luachanna, oilteachtaí, freagraí cruthaitheacha agus spioradálta leis a chuirtear chun feidhme i ngach aon limistéar de bheatha an linbh. Tá an fhealsúnacht sin mar bhonn faoi shaothar na CCPÉ san oideachas, agus is í an bunús d'os cionn 30 bliain dár saothar taighde agus forbartha sa limistéar seo. Is í an sprioc atá againn na tailte móna a thiontú ina n-uirlis mhúinteoireachta chun gnéithe de churaclam na scoile a sheachadadh, agus ag an am céanna chun feacht agus tuiscint a spreagadh i leith oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha ár dtailte móna, a dtábhacht inár ngeilleagarna, agus an gá dá gcaomhnú agus dá n-úsáid chliste. Trí oibriú go honnghníomhach le hoidí is amhlaidh atá an CCPÉ tar éis sraith iomlán acmhainní curaclaim-nasctha a fhorbairt - pacaí, ábhair fhaisnéiseacha agus físe, acmhainní ar líne, gníomhaíochtaí agus smaointe, lena gcuirtear chun cinn cuspóirí oideachais tailte móna na CCPÉ. Fuarthas tacaíocht shuntasach dár saothar ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ó Chiste Fiadhúlra an Domhain, ón Ísiltír, ó Bhord na Móna agus ón gComhairle Oidhreachta.

Tháinig foilsíú an Phaca Oideachais do Thailte Móna thiar sa bhliain 1992 de bharr saothair cheannródaíoch na

CCPÉ chun acmhainní a chruthú. Roinntear an acmhainn idirdhisceplíneach sin a dhírítear ar dhaltáí idir 11-15 bliain d'aois ina sé mhodúl idir an eolaíocht, an stair, an tíreolas, an ealaín, an cheardaíocht agus an dearadh, an Béarla agus an Ghaeilge, ag léiriú leithead na n-ábhar a thairgtear le staidéar na dtailte móna.

Caitear an oiliúint a thabhairt d'oidí in úsáid na n-acmhainní. Reáchtálann an CCPÉ cúrsaí oiliúna i gcomhthadhall le hionaid oideachais agus cuairteoirí ar fud na tíre. Áirítear le gnáthchúrsa aon lae amháin – dar teideal 'Wake up to Bogs/Dúisigh sna Phortaigh' – taithí dhíreach i leith na talún móna ar thuras allamuigh.

Thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta in Éirinn aitheantas do tháirgeadh na n-acmhainní foirmiúla talún móna ag an CCPÉ. Thángthas ar chinneadh le linn athbhreithnithe ar an gcuraclam náisiúnta thiar sna 1990í go mba chóir go n-áireofaí na tailte móna le hábhar staidéir na ndaltaí scoile. Tháinig forbairt i bhfad ní ba mhó acmhainní leis an CCPÉ lena n-úsáid ag scoileanna ó rath an Phaca Oideachais Tailte Móna agus an Chláir Oiliúna, lena áiríodh an Paca Oideachais do Phortaigh Réitithe agus Lagphortaigh (2000), Na Tailte Móna sa Churaclam Bunscoile (1994) agus Treoir Staidéar Allamuigh do Lá ar an bPortach (1998) Tá saothar na CCPÉ go nuige seo tar éis spreagadh a thabhairt d'ábhair oideachais thall sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, sa tSlóivéic agus i gCeanada.

FOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL

Is tiomantas ar feadh an tsaol é an t-oideachas i leith tailte móna, agus caitear é a sholáthar don phobal go léir chun dul i ngleic le daoine lasmuigh den chóras oideachais fhoirmiúil. Tá an CCPÉ ag baint leasa as éagsúlacht cur chuige chun cuidiú le forbairt stíleanna beatha ar comhchuí le húsáid chliste na talún móna iad. Áirítear leo siúd Taispeántais Taistil, siúlóidí agus cainteanna, ceardlanna, pas turasóireachta talún móna, an saorálaíochas agus na meáin sóisialta. Is é croílár ár gclár oideachais é láithreán gréasáin na CCPÉ ag www.ipcc.ie, a éascaíonn don líonrú agus do scaipeadh an eolais laistigh d'Éirinn agus ar fud an domhain.



An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

Slíte Siúil Bhinn Ghuaire, Páirc Náisiúnta Chonamara

5.11 Úsáid Turasóireachta & Caithimh Aimsire

Tugtar spás don chaitheamh aimsire agus don turasóireacht leis na tailte móna. Tá méadú tar éis teacht le blianta beaga anuas ar líon na dturasóirí ar spéis leo gníomhaíochtaí lasmuigh agus an éiceathurasóireacht, agus bíonn idir thionchair dhearfacha agus diúltacha aige sin do thailte móna in Éirinn. Is dócha mar thoradh ar úsáid breise turasóireachta & caithimh aimsire go mbreathnaítear ar thailte móna mar shócmhainní níos luachmháire do phobail. Féadtar brú teacht ar na tailte móna dá bharr sin ámh, mura mbainistítear go hiomchuí iad. Is féidir le húsáid chaitimh aimsire mhíchúil na bhfeithiclí easbhóthair, cuadrothar agus rothar streachailte damáiste a dhéanamh do ghnáthóga talún móna, ach is féidir limistéir fheiliúnacha dá n-úsáid a aithint. Taispeánadh le suirbhé Éireannach nach mbíonn leibhéal arda feasa éiceolaíochta ag siúlóirí ardtailte i leith na ngnáthóg bratphortaigh (Murphy, G., Collier, M. & Feehan, J.(2008)). Taispeánadh sa staidéar ámh go raibh an chuid ba mhó de na siúlóirí toilteanach chun ranníocaíocht airgeadais a thabhairt, agus chun am a dheonú do chaomhnú na mbratphortach. D'fhéadfadh iarrachtaí cumarsáide, chomh maith leis an bhforbairt iomchuí (ar nós clárchosán), cuidiú le comhrac in aghaidh thionchair dhiúltacha na ngníomhaíochtaí úd.

Is in Ionad Cuairteoirí na Coirre Léithe ag Caonach, Contae an Longfoirt, arna bhainistiú ag an OPW, a fhaightear iarsmaí caomhnaithe an tóchair (cineál bóthair)

ón larannaos lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta, agus is ann a fhoráiltear do chaomhnú in situ fhad an tóchair san ardfhorthach. Is in Ionad Cuairteoirí Chéide ag Céide, i dtuaisceart Mhaigh Eo, arna bhainistiú ag an OPW, a chuirtear an tírdhreach adhlactha neoilteach lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta agus is ann a sholáthraítear eolas i leith fhorbairt na mbratmóinte.

Baineann pobail áitiúla áirithe leas as bóithre portaigh timpeall portach ardaithe don siúlóireacht, óir gur beag trácht a thaistíonn orthu, gur áiteanna suaimhneacha iad agus ar minic iad ina dtimbealaí. D'aithin an pobal áitiúil an luach sin in LCS is portach ardaithe i gCeathrú na gCapall, Contae na Gaillimhe, agus táthar tar éis oibreacha feabhsaithe tosaigh do na bóithre a dhéanamh le cúnamh airgeadais ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beifear ag lorg a thuilleadh cistithe mar chuid de bhainistiú níos fadtéarmaí an LCS seo agus na LCS eile is portaigh agus an Plean Bainistíochta Náisiúnta do na LCS is Portaigh Ardaiteh á sheachadadh mar chuidiú chun úsáid agus taitneamh an phobail áitiúil as na suíomhanna úd a fheabhsú.

PÁIRC TAILTE MÓNA

Is mar seo a leanas Moladh 9 ón Tuarascáil BOGLAND:

"Teastaíonn machnamh dáiríre a thabhairt do chruthú Pháirc Náisiúnta Taiún Móna, arna brú ar aghaidh ag pobail áitiúla, agus faigheann sé tacaíocht éigin ón Rialtas. D'fhéadfaí deis a sholáthar leis an bpáirc mholta sin chun lárionad feabhais a fhorbairt don taighde feidhmeach comhtháite um thalamh

móna agus chun bunachar sonraí náisiúnta a fhorbairt do shonraí agus faisnéis i ndáil leis an talamh móna, agus chun daoine a chur ar an eolas i leith na dtailte móna freisin."

TURASÓIREACHT AGUS CAITHEAMH AIMSIRE – GNÍOMHARTHA

- G28** Tabharfar an tasc do Ghrúpa Forfheidhmiúcháin na Straitéise Tailte Móna (féach Caibidil 6) chun an moladh seo i leith Páirce Tailte Móna a bhreithniú. Iniúchadh a dhéanamh ar na saoráidí reatha agus féideartha do chuirteoirí faoi úinéireacht na gcomhlachtaí poiblí, leath-Stáit agus deonacha is ea an áit chun tosú ar an mbreithniú sin.
- G29** Breithneofar feabhsú na dtailte móna mar chonlástí turasóireachta agus caithimh aimsire inbhuanaithe, ag a mbíonn an cumas chun díbhinn a ranníoc leis an bpobal, mar chuid den Phlean Náisiúnta do LCS is Portaigh Ardaithe agus de phleananna iomchuí eile.
- G30** Bhí breithniú na dtailte móna mar chonláiste mar chuid d'iaratas na hÉireann faoin gClár LIFE agus beidh sé mar chuid de phleananna athchóirithe na todhchaí.

5.12 Dumpáil Neamhúdaraith

Is é an cineál dúiche atá sna tailte móna a chiallaíonn gur minic a shuitear iad i gceantair iargúlta ar bánaithé ó dhaoine iad. Tá na bóithre rochtana a tógadh ar thailte móna do bhaint na móna féin agus do na feirmeacha gaoithe tar éis na tailte móna a oscailt suas agus rochtain fhurasta a sholáthar don dumpáil mhídhleathach. Tugann dumpáil na dramhaíola baile agus tionsclaíche ar thailte móna le fios dearcadh coitianta gur fásaigh atá sna tailte móna nach mbaineann mórán luacha leo seachas mar láithreacha dumpála nó mar fhoinsí breosla. Bíonn ról lárnach ag na húdaráis áitiúla agus leis an GCC chun comhrac i gcoinne na dumpála mídhleathaí faoi reachtaíocht na dramhaíola. Coinneoidh Bord na Móna, Coillte, An RTBM agus úinéirí talún eile orthu ag glacadh caingne i gcoinne na ndaoine a dhéanann an dumpáil mhídhleathach.

Is minic a bhreathnaítear ar eanaigh mar ionaid fheiliúnacha do dhumpáil an líonta talún de bharr tírdhreach íseal bheith leo agus ar an bhforas nach oireann siad don chuid is mó de chineálacha forbartha. Is minic arb é an cuspóir leis leibhéal an eanaigh a ardú chun an draenáil a fheabhsú agus chun suíomh a dhéanamh níos oiriúnaí don fhorbairt ina diaidh ar nós na tithíochta. Fuarthas amach i Suirbhé Eanáil Mhuineacháin go ndeachaigh an dumpáil agus an líonadh isteach i bhfeidhm ar 20 de na 42 suíomh ar a ndearnadh suirbhé (Foss agus Crushell, 2007).

DUMPÁIL NEAMHÚDARAITHÉ – GNÍOMHARTHA

- G31** Áireofar leis an bPlean Náisiúnta do LCS is Portaigh Ardaithe forálacha chun comhrac i gcoinne na dumpála neamhúdaraithé ar na suíomhanna úd.

5.13 Taighde

Teastaíonn taighde tailte móna praiticiúil a aithint agus a athbhreithniú. Ba cheart go n-áireofaí leis sin athbhreithniú ar thionscadail agus teicnící athchóirithe, measúnú ar a n-éifeachtacht i dtéarmaí na hidreolaíochta, na bithéagsúlachta, stóráil an charbóin, an chumais cheaptha carbóin agus chaomhnú na hoidhreachta seandálaíochta. Áirítear leis na limistéir thaighde a rachfar ina mbun, ar aithníodh an chuid ba mhó díobh i gCáipéis Phrótaicail BOGLAND:

- Fiosrúchán i leith na n-astuithe Gáis Cheaptha Teasa ó ithreacha móna faoi chleachtais bhainistíochta éagsúla (le húsáid i dtreo thuairiscíú Chiseal 3 den Phrótaicail Kyoto);
- Aithint agus athbhreithniú na dtionscadal agus na dteicnící athchóirithe praiticiúla talún móna chun a n-éifeachtacht a mheasúnú i dtéarmaí na hidreolaíochta, na stórála carbóin agus na gcumais cheaptha carbóin agus na bithéagsúlachta ag gach leibhéal;
- Cainníochtú mhéid iarbhír na bainte móna don teaghlach, go háirithe sna bratphortaigh;
- Aicmiú, aithint agus léarscáilíú gach ceann de thailte móna an Stáit, lena n-áirítear fraochmhánna fliucha, ar feadh scála díghráidhcháin;
- Taighde agus forbairt in ábhar malartach chun teacht in ionad na móna sna táirgí gairneoireachta agus eile;
- Fiosrúchán i saothrú an chaonaigh Sfagnaim agus sa riascsaiothrú ar thailte móna díghráidithe trí chéile;
- Taighde in úsáid agus áireamh luach eacnamúil na seirbhísí éiceachórais; agus
- Taighde chun aghaidh a thabhairt ar an easpa sonraí bonnlíne i leith eanach.

TAIGHDE – GNÍOMH

- G32** Déanfar na limistéir thaighde sin a mheasúnú agus sannfar aicmiú tosaíochtaí do gach ábhar, i dteannta le costais táscacha, fad agus raon feidhme beacht an taighde a theastaíonn, sa tsúil chun clár tionscadal taighde a chur chun feidhme.

6. FORFHEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACTH

RÓL NA COMHAIRLE TAILTE MÓNA

Coinníonn an Chomhairle Tailte Móna uirthi féin lena ról tábhachtach chun comhairle a thabhairt don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i leith saincheisteanna tailte móna; agus is aici a bheidh eochair-ról nuair a ghlactar le go leor de na gníomhartha a leagtar amach sa Straitéis seo.

GRÚPA FORFHEIDHMIÚCHÁIN NA STRAITÉISE TAILTE MÓNA

I gcomhréir leis an dréachtmholadh sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna, is amhlaidh a bunaíodh Grúpa Forfheidhmiúcháin na Straitéise um Thailte Móna (GFSTM), agus thug cúnaimh le críochnú na Straitéise seo agus is é a bheidh ag maoirsiú an fhorfheidhmithe ina dhiaidh sin, agus a thuairisceoidh don Rialtas ar bhonn bliantúil i leith fhorfheidhmiú na ngníomhartha agus na bprionsabal a fhaighear sa straitéis féin.

Is Grúpa tras-Rannach é seo leis an aidhm chun cur chuige lán-Rialtais a chinntiú, agus tá sé mar chomhlánú do shaothar na Comhairle Tailte Móna. Comhroinntear cathaoirleach neamhspleách idir an Grúpa agus Comhairle na Tailte Móna, a fhéadann seisiúin na Comhairle agus an Ghrúpa a thionól chun éascú don chumarsáid agus do mhalartú na faisnéise. Bhuail an cruinniú ba dhéanaí den Chomhairle Tailte Móna le chéile i gcomhsheisiún leis an nGrúpa Forfheidhmiúcháin.

Is iad baill den Ghrúpa sin ná:

- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- Bord na Móna
- Coillte (cuideachta foraoiseachta an Stáit)

Táthar tar éis ceithre chruinniú den ghrúpa a réachtáil, le saothar ag dul ar aghaidh i leith chríochnú na straitéise.

FORFHEIDHMÍÚ A STIÚRADH AR FUD AN RIALTAIS

Is éard is eochairchuspóir don ghrúpa chun forfheidhmíú na físe, na luachanna agus na bprionsabal a leagtar amach sa Straitéis a stiúradh. Soláthrófar fóram leis freisin mar ar féidir plé a dhéanamh ar bheartais agus freagrachtaí forluiteacha, mar ar féidir aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí, mar ar féidir fadhbanna a réiteach agus moltaí a dhéanamh don Rialtas.

Breithneoidh na baill an chaoi ina rannchuirfidh na beartais, pleananna agus cláir reatha le gnóthú chuspóirí na Straitéise Tailte Móna agus, de réir mar is cuí, an chaoi ina bhféadfaí a bpleananna nó a mbeartais a leasú chun na cuspóirí sin a shásamh. Caithfidh siad dul i dteagmháil lena chéile chun é sin a dhéanamh lena chinntiú gur tacar soiléir pleananna agus beartas ar fud gach earnáil a bheidh sa toradh. Féadann an Grúpa féachaint le comhairle a fháil ó thríú páirthe ar nós lucht acadúil, grúpaí ionadaíocha nó saineolaithe chun cúnaimh lena bhreithniúcháin.

MONATÓIREACHT AGUS TUAIRISCIÚ

Glacfaidh an GFSTM ról comhordaiteach agus tuairiscithe don Rialtas freisin i leith ghnóthú na gcuspóirí den Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna. Tuairisceoidh na ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí leath-Stáit freisin faoin gcaoi agus faoin uair a chomhlíonfar na gníomhartha ar ábhartha dóibh iad agus a imlínítear sa Straitéis féin. Rachfar i mbun an tsaothair sin laistigh de shé mhí ó fhoilsiú na Straitéise deiridh, agus is é a bheidh mar bhunús do thuarascáil tosaigh an Ghrúpa don Rialtas i leith dhul

chun cinn. Agus an tuarascáil sin á tiomsú, is amhlaidh a aithneoidh agus a bhreithneoidh an Grúpa saincheisteanna trasghearrthacha mar a gcomhroinneann roinnt Ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí leath-Stáit freagrachtaí nó feidhmeanna, nó mar ar féidir le gníomhartha ceann amháin acu dul i bhfeidhm ar chumas ceann éigin eile chun cuspóirí na Straitéise a shásamh.

Breithneoidh an Grúpa an chaoi inar féidir leis comhordú gníomhartha agus beartas a éascú sna himthosca úd. Arna áireamh leis an tuarascáil tosaigh is amhlaidh a mhionsonróidh an Cathaoirleach, le hionchur ó gach aon cheann de na Ranna Rialtias, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí leath-Stáit, an dul chun cinn a rinneadh agus na céimeanna a nglacfar leo sa bhliain dár gcionn. Aithneofar sa tuarascáil freisin aon deacrachtaí nó saincheisteanna nó dúshláin úra a tháinig aníos le linn an phróisis, agus na céimeanna a bhfuiltear ag glacadh leo chun aghaidh a thabhairt orthu.

Déanfaidh an Grúpa tuarascálacha bliantúla ina dhiaidh sin don Rialtas ina dtabharfar achoimre den dul chun cinn chun cuspóirí na Straitéise a shásamh, i leith aon bhacainní i gcoinne dhul chun cinn agus i leith na gcéimeanna a ghlacfaidh gach aon cheann de na Ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí leath-Stáit ionadaithe sa bhliain dár gcionn. Féadann sé moltaí a cheapadh don Rialtas de réir mar a measann sé go dteastaíonn gníomhartha chun cuspóirí na Straitéise a shásamh. Ina theannta sin is amhlaidh a mhaoirseoidh an Grúpa an t-athbhreithniú lár-timthrialla den dul chun cinn i leith na Straitéise, a dhéanfar sa bhliain 2020.



AGUISÍN

I ACHOIMRE PRIONSABAL AGUS GNÍOMHARTHA

PRIONSABAIL**GINEARÁLTA**

P1	Leanfaidh tailte móna na hÉireann ar aghaidh á n-úsáid chun ilchríoch, lena n-áireofar an talmhaíocht, an fhorbairt, baint na móna, an fhoraoiseacht, an caomhnú agus mar chonláistí.
P2	Breithneofar sochair agus costais fhéideartha eacnamúla, comhshaoil agus sóisialta na n-úsáidí talún móna agus cuirfear chun feidhme iad do na cinní beartais agus úsáide talún.
P3	Cinntoidh bainistiú tailte móna na hÉireann amach anseo cosaint na ngnáthóg is tailte móna faoi bhagairt i gcomhréir leis na dlíthe comhshaoil.
P4	Tabharfar cearta agus leasanna na n-úinéirí talún agus na n-úsáideoirí talún ar thailte móna na hÉireann san áireamh ina n-iomláine sa cheapadh beartais agus sa chinnteoireacht, in éineacht le breithniú iomlán do leasanna an phobail i gcoitinne.
P5	Cleachtfaidh na cuideachtaí leath-Stáit, sa mhéid agus a cheadaítear dóibh faoina sainchúraimí reachtúla, agus cleachtfaidh na húdaráis phoiblí a gcuid feidhmeanna ar bhealach chun tacú le cuspóirí na Straitéise seo.
P6	Aithnítear cleachtadh na móincheart agus úsáid na bportach ag teaghlaigh mar fhoinse breosla mar ghníomhaíocht lena mbaineann tábhacht eacnamúil agus shóisialta shuntasach do na teaghlaigh agus na pobail lena mbaineann.
P7	Leanfar ar aghaidh ag cleachtadh na móincheart. Caithfear baint na móna a shrianadh i gceantair áirithe áfach, mar shampla chun críocha chaomhnú an dúlra agus chun oibleagáidí dlíthiúla na hÉireann a choinneáil. Soláthrófar pacáistí cútímh iomchuí don lucht bainte móna a dtéann sé sin i bhfeidhm orthu as cailteanais nó tabharfar cúnaimh dóibh chun socruithe malartacha a dhéanamh chun a gcuid éileamh breosla a shásamh.
P8	Tagann leibhéil arda d'astuithe gáis cheaptha teasa agus d'éilleáin air as dó na móna don téamh teaghlaigh, i gcomparáid le húsáid breoslaí malartacha. Breithneofar bealaí sna beartais fhuinnimh, athraithe aeráide agus do cháilíocht an air chun malartú chuig foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe agus níos éifeachtúla.

An Fhoraoiseacht

P9	Breithneofar agus déanfar measúnú sa bheartas foraoiseachta an bhfuil dóthain cosanta ann i láthair na huaire chun a chinntiú nach dtarlaíonn foraoisiú míchuí ar thalamh móna.
P10	Tabharfar san áireamh sa bheartas foraoiseachta, i measc nithe eile, tionchar an phlandaithe ar an hidreolaíocht, bithéagsúlacht, tionchar ar chaillteanas agus ceapadh carbóin agus an cumas do thionchair dhiúltacha ar shruthchúrsaí comharsanacha.
P11	Beidh sé mar aidhm ag An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ag údaráis ábhartha eile chun a chinntiú go dtugann na bearta foraoiseachta agus na pleananna bainistíochta cosaint do ghnáthóga tailte móna agus do speicis chomhbhainteacha, de réir mar is cuí.

Bainistiú na dtailte faoi úinéireacht phoiblí

P12	Is de réir chuspóirí na Straitéise a dhéanfar bainistiú ar na tailte móna sin faoi úinéireacht an Stáit amach anseo.
-----	--

Iarúsáid na laghortach tionsclaíoch agus na dtailte móna iarfhoraoisithe.

P13	Leanfaidh Bord na Móna ar aghaidh ag déanamh measúnú agus breithmheasa ar chumas achar talún na cuideachta, trí leas a bhaint as córas athbheithnithe úsáide talún. Cuideoidh an measúnú le hullmhú tacair phleananna bunaithe ar fhianaise do na limistéir éagsúla tailte móna. Múnlófar leis na pleananna sin freisin a chlár athshlánúcháin do laghortaigh.
P14	Is é beartas Bhord na Móna gan aon phortach nua neamhdhraenáilte a oscailt suas don táirgeadh móna.
P15	Na tailte arna sainaitheint ag Bord na Móna le luach ard bithéagsúlachta agus/nó gnáthóga tosaíochta; coinneofar siar iad chun na críoch sin mar an phríomhúsáid talún amach anseo.
P16	Is iondúil go ligfear do laghortaigh Bhord na Móna a fhaigheann tuilte nádúrtha chun tuiliú mura mbíonn cás soiléir ann ó thaobh an chomhshaoil agus/nó na heacnamaíochta de chun an draenáil chaidéalaithe a chothabháil.
P17	Agus an iarúsáid is iomchuí do thailte móna is laghortaigh á cinnteoireacht, tabharfar aird, de réir mar is féidir, chun spreagadh a thabhairt d'fhilleadh ar éiceachóras talún móna feidhmeach nádúrtha. Teastóidh athfhliuchadh na dtailte móna is laghortaigh chuige sin, óna bhféadfadh le himeacht ama athshlánú an éiceachórais talún móna.
P18	Ba cheart go ndéanfaí anailís ar roghanna ar inmharthana ó thaobh an chomhshaoil, na socheolaíochta agus na heacnamaíochta de iad chun pleanáil d'úsáid na dtailte móna ar laghortaigh thionsclaíocha iad amach anseo, i gcomhar leis na fachtóirí teorannacha arna n-implíniú in <i>Creatlach Straitéiseach d'Úsáid na dTailte Móna Amach Anseo</i> de chuid Bhord na Móna.

Tailte Móna agus an tAthrú Aeráide

P19	Taiscéalfar ina iomláine rannchur féideartha d'athshlánú, athchóiriú agus feabhsú na dtailte móna le maolú agus dul in oiriúint an athraithe aeráide, i dteannta le caomhnú na talún móna féin. Is í an tosaíocht láithreach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais taighde i ndáil le hathshlánú, athchóiriú agus feabhsú agus chun bunú an eolais a theastaíonn chun tacú le forbairt seasaimh bheartais eolaigh. Áireofar leis sin forbairt bunúis theicniúil fhóintigh d'anailísíú agus tuairisciú na n-astuithe agus na n-asbhaintí gáis cheaptha teasa a bhaineann leis na bogaigh.
P20	Taiscéalfar ina n-iomláine bealaí chun an tuilleamaíocht sa mhóin mar fhoinsé breosla agus múirín gairneoireachta mar chuid de thiomantas na hÉireann chun aistriú chuig geilleagar níos glaine, níos éifeachtúla ó thaobh an charbóin de.
P21	Breithneofar an chaoi is fearr ar féidir le laghortaigh rannchur le geilleagar ísealcharbóin trína leas mar shuíomhanna don fhuinneamh in-athnuaite.

Dúshaothrú Freagrach

P22	Oibreoidh gach cuideachta bainte móna - idir oibreoirí poiblí agus príobháideacha - go hiomlán laistigh de na cóid rialaitheacha ábhartha is infheidhmithe.
P23	Cinntoidh gach cuideachta bainte móna go mbainfeadh leas as na portaigh dhraenáilte agus tailte móna reatha i gcomhréir le Straitéis an Cumann Móna Idirnáisiúnta do Bhainistiú Freagrach Tailte Móna, agus tabharfar spreagadh dóibh chun glacadh leis an straitéis sin.

Athchóiriú & Athshlánúcháin na Suíomhanna Neamh-Shainithe

P24	Coinnoiedh Coillte agus Bord na Móna orthu mar bhainisteoirí stráicí móra de thailte móna ar son mhuintir na hÉireann ag léiriú ceannaireachta i mbainistiú freagrach, athshlánú and athchóiriú na dtailte móna.
-----	--

Cáilíocht Uisce, Creat-Treoir Uisce agus Tuilte

P25	Tabharfar san áireamh le beartais agus le cinntí i ndáil le húsáid na dtailte móna ina n-iomláine na tionchair fhéideartha ar cháilíocht an uisce agus gnóthachtáil caighdeán éigeantach do cháilíocht an uisce ag an Stát.
-----	---

GNÍOMHARTHA		
Gníomhartha		Comhlachtaí Freagracha
G1	Leagtar síos sna ceangaltais reatha tras-chomhlíonta na dea-chleachtais talmhaíochta agus comhshaoil (DCTC) agus na ceanglais bhainistíochta reachtúla (CBRI) a chaithfear a leanúint chun bainistiú inbhuanaithe gach ithir lena n-áirítear limistéir thailte móna a chinntiú. Leasaíodh na forálacha seo le déanaí faoi na Rialacháin CAP leasaithe agus tairgeofar cosaintí leanúnacha leo do chosaint na talún.	Ceannaireacht: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Eile: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G2	Dearfar bainistiú na dtailte coimíneachta, faoi scéimeanna na RTBM, ionas go gcinnteofar réimis inír iomchuí inbhuanaithe d'ithreacha móna sna hardtailte.	Ceannaireacht: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Eile: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G3	Gníomhartha tacaíochta saindirithe a bheidh mar bhonn faoi úsáid inbhuanaithe na talún feirme, ag tabhairt san áireamh íogaireachtaí sainiúla na dtailte móna, na n-ardtailte agus na limistéar Natura; breithneofar agus áireofar iad leis an gCéad Scéim Argra-Chomhshaoil eile ag Éirinn, faoin gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020 (CFT).	Ceannaireacht: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Eile: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G4	Bunófar cód dea-chleachtais i ndáil le húsáid an dóiteáin mar uirlis bhainistithe talún, chun díobháil de thaisme a chosc agus chun díobháil don chomhshaoil a theorannú.	Ceannaireacht: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Eile: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
G5	Rachfar i mbun athbhreithniú ar úsáid na móna sa tionscal gairneoireachta.	Na Ranna Talmhaíochta, Bia agus Mara/Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha/Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G6	Coinneoidh na cuideachtaí fuinnimh Stáit orthu ag saothrú le hearnáil na bithmhaise i leith chomhadhaint fhéideartha na stáisiún móna faoi úinéireacht an Stáit sa ghearrthéarma. Is tríd an scéim REFIT a thacófar leis na tionscadail ghiniúna cumhachta ón mbithmhais.	Bord na Móna, BSL agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha
G7	Tabharfaidh na húdaráis ábhartha isteach, ag obair leis na geallsealbhóirí, treoir agus critéir do shainaithint agus bhainistiú na dtailte móna amach anseo atá foraoisithe i láthair na huair, i gcomhréir le haidhmeanna na straitéise seo. Soláthróidh siad treoir shoiléir freisin i leith fhoraoisiú na n-ithreacha móna amach anseo.	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus Coillte
G8	Déanfar bainistiú reatha na limistéar tailte móna faoi úinéireacht an Stáit a bhreithmheas, agus breithneofar roghanna bainistíochta malartacha leis an aidhm seachadadh gach seirbhís éiceachórais ó thailte móna feidhmeacha a mhéadú.	Gach úinéir ábhartha na talún leis an Stát
G9	Rachfar i mbun scrúdú ar gach talamh faoi úinéireacht phoiblí agus laghphortaigh faoi úinéireacht phríobháideach sa tsúil úsáidí iomchuí a shainaithint, leis an aidhm a gcumas a dhúshaothrú chun rannchur le saibhreas comhshaoil, éiceolaíochta agus eacnamúil na hÉireann, le béim faoi leith ar mhaolú na gcaillteanas carbóin.	Ceannaireacht: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta Eile: Úinéirí na talún ábhartha leis an Stát

Gníomhartha		Comhlachtaí Freagracha
G10	Taiscéalfar teicnóchta úra do tháirgeadh barr, ar nós an riascshaothraithe (go háirithe saothrú an Sfagnaim).	Comhlachtaí iomchuí
G11	Breithneofar inmharthanacht úsáid na dtailte móna is lagphortach do bhearta maolaithe tuilte mar chuid de chlár náisiúnta Pleananna um Bainistiú Priacail Tuilte á rolladh amach faoin Treoir maidir le Tuilte.	Ceannaireacht: Oifig na nOibreacha Poiblí Eile: Coillte agus Bord na Móna
G12	Forbrófar saothar Bhord na Móna, Choillte agus Chomhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann i bhforbairt todhchaí shaibhir ó thaobh na héiceolaíochta de do lagphortaigh agus do phortaigh iarfhoraoisithe. Féadann na limistéir sin mealltachaí nua turasóireacht agus fóillíochta a thabhairt do lár na tíre agus don iarthar.	Ceannaireacht: Bord na Móna Eile: Coillte
G13	Déanfar measúnú ar an luach a bhaineann le sainathint roinnt suíomhanna tosaíochta talún móna mar chuid de líonra táscairí i ndáil leis an athrú aeráide agus dá mbunú mar shuíomhanna monatóireachta an AE agus an domhain.	An GCC agus An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
G14	Déanfar measúnú ar leochaileacht tailte móna feidhmeacha na hÉireann do thionchair an athraithe aeráide.	Ceannaireacht: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta Eile: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
G15	Is í Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhoibriú leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a chuirfidh chun cinn plean phíolótaigh um Bainistiú Caomhnaithe i gcomhair LCS is eanach, lena n-áirítear scrúdú sonracha ar na himpleachtaí don draenáil. Ceadófar tríd an gclár píolótach sin d'ullmhú cuspóirí caomhnaithe níos mionsaothraithe i gcomhair na gnáthóige eanaigh trí chéile.	Ceannaireacht: Oifig na nOibreacha Poiblí Eile: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G16	Is í Éire a cheapfaidh agus a fhorfheidhmeoidh córas bainistíochta lena gcinnteofar nach leanfaidh baint na móna ar shuíomhanna portaigh chosanta ar aghaidh ach amháin sa chaoi nach ndéantar bagairt ar shláine na LCS.	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G17	Forfheidhmeofar an t-athbhreithniú ar LON is portaigh ardaithe na hÉireann agus rachfar i mbun bhaint na móna ar LON is portaigh ardaithe i gcomhréir leis an athbhreithniú.	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G18	Rachfar i mbun athbhreithniú cuimsitheach ar athchóiriú na LCS agus na LON is Portaigh ardaithe trí fhorfheidhmiú Phlean Bainistíochta na LCS is Portaigh Ardaithe agus trí forbairt na bpleananna bainistíochta do na LON, i gcomhpháirt leis na húinéirí talún a ndeachthas i bhfeidhm orthu.	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G19	Athbhreithneofar an chreatlach dhlíthiúil reatha i ndáil le rialú bhaint na móna ó thaobh pleanála, cosanta comshaoil agus cosanta gnáthóg de; agus forbrófar moltaí chun córas rialaithe níos soiléire, níos comhréir agus níos in-fhorfheidhmithe a thabhairt i gcrích lena gcinntítear comhlíonadh le reachtaíocht comhshaoil iomchuí an AE, agus chun an dea-chleachtas in oibríochtaí bainte móna a chinntiú.	Ceannaireacht: Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gcomhpháirt leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta Eile: An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
G20	Breithneofar freisin chun deireadh a thabhairt le húsáid an innill 'ispíní', nó gan ligean dá úsáid ach i limistéir shonracha amháin. Rachfar i gcomhairle le conraitheoirí bainte móna augs le geallsealbhóirí eile i gcaitheamh fhorbairt na moltaí úd.	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Gníomhartha		Comhlachtaí Freagracha
G21	Coinneoidh An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tÚdarás Clárúcháin Maoine, the An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus na húdaráis áitiúla orthu ag comhoibriú le chéile chun eolas feabhsaithe bonnlíne a ghiniúint i leith mhéid na ngníomhaíochtaí baint agus i leith eolais faoi úinéireacht talún agus móincheart, agus i leith eolais faoi mhéid agus gnéithe fisiciúla (lena n-áirítear cinn gheoiteicniúla) de thailte móna na hÉireann.	Na hEagrais liostaithe ag obair as lámha a chéile
G22	Forbrófar a thuilleadh treorach chun comhlíonadh le hairteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a chinntiú, i ndáil le Measúnacht Iomchuí ar phleananna agus ar thionscadail lena mbaineann tailte móna.	Ceannaireacht: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Eile: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G23	Athbhreithneofar an córas rialúcháin reatha chun a chinntiú go dtagann gach baint móna ábhartha faoi réir Measúnachta Iomchuí. Breithneofar ina theannta sin toilleadh asamhlaithe na talún móna chun tionchair a iompar.	Ceannaireacht: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Eile: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G24	Áireofar treoir faoi leith i ndáil leis an measúnacht iomchuí agus feirmeacha gaoithe leis an treoir dá dtagraítear in G23.	Ceannaireacht: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Eile: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G25	Ba cheart a léiriú i leith gach gníomhaíocht a bhaineann le talamh móna nach ndéantar tionchar diúltach leo, ina n-aonar ná i gcomhar le gníomhaíochtaí eile, ar chuspóirí comhshaoil an WFD, na Mac-Threoracha comhbhainteacha agus na rialachán náisiúnta.	Ceannaireacht: Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil / GCC Eile: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G26	Níor chóir go ndéanfadh gníomhaíochtaí a bhaineann le talamh móna athrú suntasach do na coinníollacha comhshaoil tacúla i gcomhair na ngnáthóg sainithe sa chaoi gur chúis le cliseadh an chuspóir chaomhnaithe don ghnáthóg shainithe iad, agus de tháta gur chúis iad le baol nach sásófaí cuspóirí comhshaoil an WFD i ndáil leis na limistéir faoi chosaint.	Ceannaireacht: Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil / GCC Eile: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Gníomhartha		Comhlachtaí Freagracha
G27	Athbhreithneoidh na húdaráis phoiblí ábhartha a gcuid gníomhaíochtaí agus cur chuige i leith oideachais agus feasachta an phobail faoi luach agus úsáidí na dtailte móna; agus tabharfaidh siad achoimre ar thoradh a n-athbhreithnithe do Ghrúpa Forfheidhmiúcháin na Straitéise Tailte Móna. Is é an Grúpa Tailte Móna, i gcomhairle leis an gComhairle Tailte Móna, a dhéanfaidh measúnú ar ghníomhaíochtaí reatha, lena n-áirítear iad siúd de chuid na n-eagras neamhrialtasach, agus a dhéanfaidh moltaí don Rialtas maidir le tuilleadh beart a d'fhéadfadh bheith de dhíth chun tairbhí eacnamúla, sóisialta agus comhshaoil an bhainistithe fhreagraigh ar thailte móna a chur in iúl don phobal. Is sa chomhthéacs sin a bhreithneoidh an Grúpa Tailte Móna breithniú ar mholtaí na Tuarascála Bogland.	Gach údarás ábhartha
G28	Tabharfar an tasc do Ghrúpa Forfheidhmiúcháin na Straitéise Tailte Móna (féach Caibidil 5) chun an moladh seo i leith Páirce Tailte Móna a bhreithniú. Pointe tosaigh do bhreithniú mar sin a bheidh scrúdú ar shaoráidí cuairteoirí reatha agus féideartha faoi úinéireacht na gcomhlachtaí poiblí, leath-Stáit agus deonacha.	Na hEagrais ar cuid de Ghrúpa Forfheidhmiúcháin na Straitéise Tailte Móna iad
G29	Breithneofar feabhsú na dtailte móna mar chonlástí turasóireachta agus caithimh aimsire inbhuanaithe, ag a mbíonn an cumas chun díbhinn a ranníoc leis an bpobal, mar chuid den Phlean Náisiúnta do LCS is Portaigh Ardaithe agus de phleananna iomchuí eile.	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G30	Bhí breithniú na dtailte móna mar chonláiste mar chuid d'íarratas na hÉireann faoin gclár LIFE agus beidh sé mar chuid de phleananna athchóirithe na todhchaí.	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
G31	Áireofar leis an bPlean Náisiúnta do LCS is Portaigh Ardaithe forálacha chun comhrac i gcoinne na dumpála neamhúdaráithe ar na suíomhanna úd.	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; agus na húdaráis áitiúla
G32	Déanfar na limistéir thaighde sin a mheasúnú agus sannfar aicmiú tosaíochtaí do gach ábhar, i dteannta le costais táscacha, fad agus raon feidhme beacht an taighde a theastaíonn, sa tsúil chun clár tionscsadal taighde a chur chun feidhme.	An GCC agus An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta



II GLUAIS

ABHANTRACH / DOBHARCHEANTAR

- Ceantar ina n-imíonn an rith chun srutha ón dromchla ar shiúl trí mheán córais draenála shingil.
- An t-achar talún timpeallaithe le dobhardsromanna ina ndraenáltear isteach go habhainn, imchuach nó taiscumar.

AERÁID

An aimsir mheánaithe thar achar fada ama in áit faoi leith.

ATHCHÓIRIÚ

An próiseas chun cúnamh le teacht aniar éiceachórais éigin a bhfuiltear tar éis a dhíghrádaithe, a scriosadh nó a ndearnadh díobháil dó.

ATHFHLIUCHADH

Athrú ithreach draenáilte d'aonghníomh ina hithir fhliuch trí bhlocáil na ndíog draenála nó trí dhíchumasú na saoráidí caidéalaithe mar shampla.

ATHRÚ AERÁIDE (ANTRAPAIGINEACH)

Athrú aeráide a chuirtear go díreach nó go hindíreach i leith na gníomhaíochta daonna lena n-athraítear comhdhéanamh an atmaisféir dhomhanda, agus a fheictear i dteannta leis an luaineacht aeráide nádúrtha thar achair ama inchomparáide.

AN BHITHÉAGSÚLACHT

Tagraíonn don éagsúlacht gach beatha ag na leibhéil ghéiniteacha, speiceasacha agus éiceachórais.

AN TREOIR MAIDIR LE GNÁTHÓGA (TREOIR NA COMHAIRLE 92/43/CEE)

An Treoir um Chaomhnú na nGnáthóg Nádúrtha agus an Fauna agus an Flora Fiáin. Féachtar an fiadhúlra agus a chuid gnáthóg a chosaint go dlíthiúil leis an Treoir seo. Trasuíodh í i ndlí na hÉireann thiar sa bhliain 1997, agus táthar á leasú i láthair na huaire.

BAINISTIÚ TALÚN MÓNA FREAGRACH

Is ionann bainistiú talún móna freagrach agus maoirseacht chothrom luachanna comhshaoil, sóisialta agus eacnamúla na dtailte móna i gcomhréir leis na mianta áitiúla, réigiúnacha agus domhanda.

BRATPHORTACH

Cineál portaigh (féach portach) a chumhdaíonn an tírdhreach droimneach faoina bhun ar nós brait.

CÁILÍOCHT AN AEIR

Is tomhas í cáilíocht an aeir dá ghéire truailliú an aeir féin. Astaítear réimse truailléan aeir nuair a bhaintear leas as an móin do ghiniúint an leictreachais nó don téamh baile, lena n-áirítear mín-ábhar cáithnínach a fhéadann treá go domhain sna scamhóga le tionchair dhíreacha ar an tsláinte dhaonna. Tá oibleagáid idirnáisiúnta ar Éirinn faoi reachtaíocht an AE agus faoi Choinbhinsiún na NA i leith Truailliú Aeir Thraschríche Fadtéarmach chun astuithe den truailliú aeir a theorannú.

CAONACH (SÚSÁN)

Comhchiallach le cineál móna leis an Sfagnam in uachtar inti.

CAOMHNÚ

Cothabháil agus feabhsú luachanna bitheolaíochta, sóisialta nó cultúrtha sonracha.

CARBÓN ORGÁNACH TUASLAGTHA (COT)

An carbón orgánach atá fágtha i dtuaslagán tar éis scagadh an tsampla.

DAMBA

Bacainn thógtha chun sreabhadh an uisce a chosc.

DAOINE ÁITIÚLA

Daoine nó grúpaí daoine ar bith i gceantar a dtéann cinntí bainistíochta talún móna i bhfeidhm orthu go díreach nó go hindíreach.

EANACH

Is tailte móna iad na hEanaigh a fhaigheann uisce anuas ar an bhfrasaíocht a bhí i dtadhall le hithir mhianrach nó le buncharraig.

ÉICEACHÓRAS

Tagraíonn do chomhchodanna fisiciúla agus bitheolaíocht comhshaoil éigin. Is córas casta dinimiciúil na líonta plandaí, ainmhithe agus miocroorgánach é éiceachóras, mar aon leis an timpeallacht neamhbheo timpeall orthu agus iad ag idirghníomhú le chéile mar aonad feidhme.

FORAOISIÚ

Sainmhínítear an foraoisiú faoi I.R.558 de 2010 (ina dtugtar córas ceadanna reachtúla don fhoraoisiú), mar thiontú na talún ina foraois. Sainmhínítear foraois mar thalamh faoi chrainn d'achar íosta 0.1 ha agus bratchlúdach bharr na gcrann os cionn 20% den achar iomlán, nó lena mbaineann an cumas chun an bratchlúdach sin a ghnóthú ag an aibíocht.

FRIOTAÍOCHT (COMHTHÉACS NA NASCMHAIREACHTA)

Inbhéartach na tréscailteachta.

GEALLSEALBHÓIRÍ

Gach duine agus eagras ar spéis dhíreach leo cúrsaí.

GLAS

Is í GLAS an scéim agra-chomhshaoil nua mar chuid den Chlár Forbarhat Tuaithe 2014-2020.

GNÁTHÓG

An timpeallacht ina gcónaíonn ainmhí nó planda, a shainítear go hiondúil i dtéarmaí fásra agus gnéithe fisiciúla.

GNÁTHÓG TOSAÍOCHTA

Fothacar gnáthóg arna liostú in larscríbhinn I de Threoir an AE maidir le Gnáthóga. Is iad seo na gnáthóga atá i mbaol a ndíothaithe agus a dtagann a raon nádúrtha faoi chríochna an Aontais Eorpaigh den chuid is mó. Baineann an stádas caomhantais is airde leis na gnáthóga úd, agus teastaíonn bearta uathu chun a chinntiú go gcothabháiltear a stádas caomhantais fhabhrach.

GNÍOMHACH NÓ MÓINDHÉANMHASACH

De réir Lámhleabhar Léirmhínte na Treorach maidir le Gnáthóga, caithfidh go gciallaíonn an téarma gníomhach go dtacaítear go fóill le hachar fásra nach beag arb iondúil don mhóin chun fás inti

IMIRCE

Gluaiseacht thimthriallach ainmhithe idir ceantair ar leithligh as a mbaintear leas le linn séasúr éagsúil.

INBHUANAITHEACHT

Bhaintí leas ní b'fhorleithne as an gcoincheap 'inbhuanaitheacht' sna 1980í, cé gurbh ann di le fada an lá roimhe sin. Bhunaigh Ard-Rúnaí na NA coimisiún thiar sa bhliain 1983 ar ar tugadh Coimisiún an Domhain um Chomhshaoil agus Forbairt (ar ar thugtaí Coimisiún Bundtland go minic), ar ar iarradh féachaint ar fhadhbanna comhshaoil an domhain agus clár domhanda a mholadh chun dul i ngleic leo. Shainmhínigh Coimisiún Bundtland an fhorbairt inbhuanaithe mar thoradh air sin mar fhorbairt trína sásaítear riachtanais na linne seo gan dochar a dhéanamh d'ábaltacht na nglúnta atá le teacht. Soláthraíonn Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO, 1991) sainmhíniú ar an talmhaíocht inbhuanaithe amhail: "córas lena mbaineann bainistiú agus caomhnú an bhunachair acmhainní nádúrtha, agus treoshuíomh an athraithe theicniúil agus institiúidigh sa bhealach chun gnóthú agus sásamh leanúnach na n-éileamh daonna a chinntiú do na glúnta reatha agus amach anseo. Caomhnaíonn an fhobairt inbhuanaithe sin an talamh, an t-uisce, acmhainní géiniteacha plandaí agus ainmhithe, agus bíonn sí inmharthana go heacnamúil agus inghlactha go sóisialta" (Tuarascáil BOGLAND – STRIVE Uimh. 75).

ITHIR MHÓNA

Ithir ina bhfaightear móin thar dhoimhneacht 45 cm ar a laghad ar thalamh neamhdhraenáilte, agus 30 cm ar thalamh dhraenáilte; ní bhíonn feidhm leis an doimhneacht sa chás gur díreach os cionn buncharraige é an ciseal móna.

LAGPHORTACH (TIONSCLAÍOCH)

Talamh móna mar a mbaintear/ar baineadh an mhóin trí mheáin tionsclaíocha. Is í baint na móna an téarma as a mbaintear leas sa tuarascáil seo chun tagairt a dhéanamh do tháirgeadh na móna, mianadóireacht na móna nó do shábháil na móna.

(Is é táirgeadh na móna an téarma as a mbaintear leas go coitianta in Éirinn laistigh den tionscal, agus sainítear é mar an bainistiú foriomlán nó na próisis agus na modhanna as a mbaintear leas chun móin a tháirgeadh i gcás oibríochtaí tráchtála).

LIMISTÉAR FAOI CHOSAINT

Achar talún agus/nó éiceachóras uisceach atá saindírithe do chosaint agus cothabháil na héagsúlachta bitheolaíochta, agus na n-acmhainní nádúrtha agus comhbhainteacha, arna mbainistiú trí mheáin dlíthiúla nó éifeachtacha eile. Áirítear leis an téarma 'limistéir faoi chosaint' sa tuarascáil seo gach suíom Natura 2000 (na LCS agus na LfCS) chomh maith leis na LON.

(LCS) LIMISTÉAR FAOI CHAOMHANTAIS SPEISIALTA

Limistéar a roghnaíodh ó phríomhshampla na limistéar do chaomhnú an fhiadhúlra d'Éirinn (ina cheanglas dlíthiúil leis an Treoir maidir le Gnáthóga). Is ionann cLCS agus limistéar is iarrthóir dá chaomhantas speisialta.

(LFCS) LIMISTÉAR FAOI CHOSAINT SPEISIALTA

Limistéar a sainíodh chun caomhnú catagóirí áirithe éan a chinntiú (ina cheanglas dlíthiúil leis an Treoir maidir le hÉin).

LON (LIMISTÉAR OIDHREACHTA NÁDÚRTHA)

Sainiú bunúsach faoin mBille um Fhiadhúlra (Leasú) 1999 do limistéar ar tábhachtach don chaomhnú fiadhúlra iad.

MAOLÚ

Is féidir leis an athrú agus leis an ionadú teicneolaíochta ionchur acmhainne agus astuithe in aghaidh an aonaid aschuir a laghdú. Cé go dtáirgeofaí laghdú astuithe le roinnt beartas sóisialta, eacnamúil agus teicneolaíochta, is amhlaidh i gcás an athraithe aeráide arb ionann an maolú agus beartais a fhorfheidhmiú chun astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú agus chun linnte a fheabhsú (IPCC, 2007).

MÓIN

Ábhar arna chomhcheanglaigh go suite lena mbaineann ábhar orgánach marbh 30% ar a laghad (mais thirim).

MÓINCHEART

Téarma as a mbaintear leas chun cur síos ar an gceart chun móin a bhaint ar cheantar portaigh éigin. Tháinig na cearta sin le hathlonnú na talún coigistithe nó trí rúradh. Is téarma dlíthiúil é an rúradh a chiallaíonn más féidir le duine amháin léiriú gur bhain sé/sí an mhóin gan rúndacht, gan chead agus gan iallach go leanúnach ar feadh tréimhse 30 bliain is amhlaidh atá móincheart aige/aici. Tuigtear leis sin nach bhfuil gach móincheart cláraithe go foirmiúil.

MÓSÁIC (GNÁTHÓG MÓSÁICE)

Cumraíocht spásúil na ngnáthóg i dtírdhreach éigin, arb iondúil dóibh bheith ina stráic i gcumraíocht maitrise.

POBAL (I STAIDÉIR FHÁSRA)

Cluichreán léirshainithe plandaí agus/nó ainmhithe, arb inaitheanta go soiléir é ó chluichreáin eile mar é.

PORTACH

Tailte móna nach bhfaigheann uisce ach amháin tríd an bhfrasaíocht, agus ar lag ó thaobh cothaitheach iad agus ar aigéadach dá réir iad.

PORTACH ARD

Limistéar portaigh ardaithe lena gcruthaítear/lenar cruthaíodh an cruinneachán.

PORTACH ARDAITHE

Portach i gcruth cruinneacháin nó ardaithe os cionn na talún máguaird agus nach bhfaigheann fliuchras ach amháin ón atmaisféar.

RIASCSHAOTHRÚ

Is ionann an riascshaothrú nó 'saothrú fliuch' na bithmhaise ar thailte móna fliucha nó athfhliuchta (an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht i riochtaí fliucha).

REPS (AN SCÉIM UM CHAOMHNÚ AN CHOMHSHAOIL TUAITHE)

Ba chlár agra-chomhshaoil é sin arbh éigean do gach Ballstát de chuid an AE é a dhéanamh da réir an dlí, agus ina rabhtas ag féachaint le comhaontuithe a dhreachtú le feirmeoirí, de réir an chineáil fheirmeoireachta, an tírdhreacha agus na ngnéithe den talamh.

SEASCAINN

Limistéir fhliucha a chothabháiltear trí phúscadh an uisce síos le fána de ghrádáin éagsúla, arb iondúil iad bheith fíorlogánta mar a dtarlaíonn saibhriú na gcothaitheach. Is inspéise go mór iad na leitheanna uisce sna seascainn.

SEIRBHÍSÍ ÉICEACHÓRAIS

Seirbhísí bunúsacha chun tacú leis an mbeatha ar a mbraitheann an tsibhialtacht dhaonna. Is iad an polanú, soláthar an adhmaid, agus cosc an chreimthe samplaí de na seirbhísí éiceachórais díreacha. D'fhéadfaí measarthacht aeráide, timthriallú cothaitheach, agus substaintí déthocsainithe nádúrtha a mheas ina seirbhísí indéreacha. Is minic nach dtugtar ach ganluach do na seirbhísí agus na hearraí a sholáthraíonn éiceachóras óir go leor acu bheith gan aon luach sa mhargadh.

SPNF (AN TSEIRBHÍS PÁIRCEANNA NÁISIÚNTA AGUS FIADHÚLRA)

Rannán na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le freagracht as caomhnú an dúlra agus as forfheidhmiú beartais chaomhantais an Rialtais.

STÁDAS CAOMHANTAIS

Suim na dtionchar a fheidhmíonn ar ngnáthóg éigin agus ar a gnáthspeicis, agus a fhéadann dul i bhfeidhm ar a leithdháileadh, struchtúr agus feidhmeanna fadtéarmacha. Tagraíonn freisin do mharthain fhadtéarmach a gnáthspeiceas laistigh de chríoch Eorpach na mBallstát. Bá é an Topaicionad Eorpach do Chaomhnú an Dúlra a dhreachtuigh na modhanna chun stádas caomhantais a mheasúnú i gcomhar le Grúpa Eolaíochta na Treorach maidir le Gnáthóga. Bainneann cur chun feidhme 'deas', 'lag' nó 'droch' do cheithre pharaiméadar i leith ngnáthóg agus speiceas (SPNF, 2008).

STÁDAS CAOMHANTAIS FHABHRACH

Glacfar stádas caomhantais ghnáthóige nádúrtha de bheith fabhrach nuair a bhíonn a raon nádúrtha agus na ceantair a chumhdaíonn sí laistigh den raon úd cobhsaí nó méadaitheach, agus gurb ann agus gur dócha an struchtúr agus na feidhmeanna sonracha a theastaíonn dá cothabháil fhadtéarmach bheith ann go gceann i bhfad eile, agus gur fabhrach é stádas caomhantais a gnáthspeiceas.

SUAITHEADH

Eachtra scoite, bíodh sí nádúrtha nó de láimh dhaonna, ar cúis le hathrú i riocht reatha córais éiceolaíochta í.

SUÍOMH

Limistéar móna lena theroainn shainithe go maith is iondúil a roghnaítear dá staidéar laistigh den tionscadal seo.

TALAMH MÓNA

Ceantar tíreolaíochta (le fásra nó gan é) mar a dtarlaíonn an ithir mhóna go nádúrtha. Chun críocha an léarscáilithe ar cheart go gclúdódh talamh móna achar íosta ó thaobh spáis de ar fiú 1 ha í.

Tailte móna nó tailte portaigh ghníomhacha

Tailte móna ar a bhfuil an mhóin á táirgeadh agus á carnadh. Is talamh móna í gach talamh portaigh, ach ní mheasfaí na tailte móna nach bhfuil an mhóin ag carnadh iontu a thuilleadh ina dtailte portaigh.

Tailte móna slána, gan mhilleadh agus neamhshaothraithe:

Táthar tar éis leas a bhaint as na téarmaí ‘neamhshaothraithe’, ‘gan mhilleadh’ agus ‘slán’ i roinnt staidéar i ndáil le suíomhanna le cuma neamhathraithe orthu, nár baineadh móin díobh (infheicthe ar aon nós), agus nach bhfuil cúis shoiléir le díghrádú na móna i láthair na huaire iontu. B’fhéarr gan leas a bhaint as na téarmaí úd chun cur síos ar ghnáthóga mar na tailte móna i gcomhthéacs na hÉireann. Tá daoine tar éis dul i bhfeidhm ar an gcuid is mó de thírdhreachanna tailte móna na hÉireann, ar tháinig athrú de réir a chéile orthu, agus fiú féin ar tháinig ó bhunús na gcóras úsáide talún a chonacthas in aice leo. Níorbh fhéidir talamh móna a fháil in Éirinn nach ndearnadh iníor riamh uirthi ná ar bhain daoine leas aisti ar bhealach éigin (m.sh. dó).

Tailte Móna Neas-slána:

Is téarmaí idirmhalartacha iad na téarmaí ‘neas-slán’ agus ‘nádúrtha’ sa tuarascáil seo, agus baintear leas astu chun tagairt a dhéanamh do thailte móna ar slán ó thaobh na hidreolaíochta agus na héiceolaíochta de iad, .i. nach ndeachaigh an ghníomhaíocht dhaonna i bhfeidhm go hinfeicthe ar a n-éici-hidreolaíocht le deireanas; agus is amhlaidh dá réir a n-áirítear leo limistéir ghníomhacha nó ginte móna nó a bhfuil próiseas athghiniúint gnáthóige dá leithéid ar siúl iontu. Is amhlaidh dá réir a dteastaíonn meascáin chomhchodanna bheith i láthair i dtalamh móna nádúrtha chun gach feidhm agus seirbhís éiceachórais a dhéanamh arb iondúil bheith inchurtha i leith na n-éiceachóras úd.

TALAMH MÓNA ATHCHÓIRITHE

Talamh móna iar-dhraenáilte mar ar tháinig nó mar a bhfuiltear ag dúl le teacht aniar dá feidhmeanna agus luachanna nádúrtha de thoradh gníomhaíochtaí daonna.

TALAMH MÓNA ATHGHINTE

Talamh móna díghrádaithe mar ar tháinig athghiniúint na riochtaí ginte móna ó fhorbairt uathghinte.

TALAMH MÓNA ATHSHLÁNAITHE

Féach Talamh Móna athchóirithe.

TALAMH MÓNA RÉITITHE

Talamh móna mar ar baineadh/a mbaintear an mhóin de láimh nó ar scála beag le hinneall meicniúil. Is iondúil gur meascán atá sna tailte móna réitithe de limistéir bhainte, bruacha éadain, linnte, díoga draenála, limistéir neamhbhainte, scrobarnaí agus féarach.

TALAMH PORTAIGH

Tailte móna ar a bhfuil an mhóin á táirgeadh agus á carnadh.

TEACHT ANIAR

Claonadh chun sláine a chothabháil nuair a thagann faoi shuaitheadh.

TUILEMHÁ

Talamh in aicle le sruthán nó abhainn ina bhfeictear tuilte le linn tréimhsí doirte arda.

TULÓG

Tulach ardaithe bheag a thagann ó fhás aníos an chaonaigh Sfagnaim.





III TREORACHA AN AE DÁ DTAGRAÍTEAR SA STRAITÉIS

Is nótaí míniúcháin atá sa mhéid seo a leanas i leith na dTreoracha AE dá dtagraítear sa téacs. Léirítear na treorach ar uairibh mar fhorchur seachtrach anall ón mBruiséil. Is é an chaoi ar chomhaontaigh an tAire Éireannach ábhartha ar gach aon cheann de na Treoracha úd trácht a nglactha, agus vótáil feisirí Éireannacha Pharlaimint na hEorpa orthu.

AN TREOIR MAIDIR LE GNÁTHÓGA

Is í an Treoir maidir le Gnáthóga (in éineacht leis an Treoir maidir le hÉin) atá mar bhonnchloch de bheartas caomhnaithe dúlra na hEorpa. Tógtar timpeall dhá cholún í: líonra Natura 2000 na suíomhanna cosant agus córas docht caomhnaithe speiceas. Tugtar cosaint faoin treoir d'os cionn 1,000 speiceas ainmhí agus planda agus d'os cionn 200 "cineál gnáthóg" faoi mar a thugtar orthu (m.sh. cineálacha foraoisí, móinéar, bogach, srl. faoi leith), lena mbaineann tábhacht Eorpach.

Is é Natura 2000 croílár beartais dúlra & bithéagsúlachta an AE. Is líonra ar fud an AE é de limistéir chosanta dúlra é a bunaíodh faoin Treoir maidir le Gnáthóga 1992. Is éard is aidhm leis an líonra chun fadmarthain na speiceas agus na ngnáthóg is luachmhaire agus is mó faoi bhagairt san Eoraip a ráthú. Baineann Limistéir Faoi Chaomhantais Speisialta (LCS) leis, arna sainiú ag na Ballstáit faoin Treoir maidir le Gnáthóga, agus áirítear leis freisin Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LfCS) arna sainiú faoin Treoir maidir le hÉin 1979. Ní córas anaclann dúlra docht é Natura 2000 mar a mbíonn gach gníomhaíocht dhaonna eisiata. Cé gur cinnte go n-áireofar anaclanna dúlra leis an líonra, is é is dóichí go mbeidh an chuid is mó den talamh faoi úinéireacht phríobháideach i gcónaí agus go leagfar an bhéim ar a chinntiú go mbeidh an bainistiú a dhéanfar sa toadhchái inbhuanaithe ó thaobh éiceolaíochta agus geilleagair de. Comhlíonann bunú an líonra ceantar faoi chosaint seo freisin oibleagáid an Chomhphobail faoi Choinbhinsiún na NA maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch.

AN TREOIR MAIDIR LE HÉIN

Is í an saothar reachtaíochta is sine atá ag an AE i leith an dúlra, agus í ar cheann de na cinn is tábhachtaí, ag cruthú scéime cuimsithí do chosaint gach speiceas éan fiáin a fhaightear go nádúrtha laistigh den Aontas. Ghlac na Ballstáit d'aontoil léi thiar sa bhliain 1979 mar fhreagra ar imní mhéadaitheach i leith meathluite in áireamh éan fiáin na hÉireann mar thoradh ar an truailliú, caillteanas na ngnáthóg chomh maith leis an úsáid neamhbhuanaithe. Tugadh aitheantas léi freisin gur comhoidhreacht idir na Ballstáit atá sna héin fhiána, ar éim imirceacha go leor díobh, agus gur theastaigh comhoibriú idirnáisiúnta lena gcaomhnú go héifeachtach.

Aithnítear sa treoir gurb iad cailliúint na ngnáthóg agus an díghrádú na baol is tromchúisí do chaomhnú na n-éan fiáin. Cuirtear béim mhór inti dá réir ar chosaint na ngnáthóg do speicis i mbaol chomh maith le speicis imirceacha (liostaithe in larscríbhinn I), go háirithe trí bhunú líonra chomhtháite Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LfCS) lena mbaineann gach ceann de na críocha is oiriúnaí do na speicis úd. Is ón mbliain 1994 i leith atá gach LfCS tar éis bheith mar chuid lárnach de líonra éiceolaíochta NATURA 2000.

AN TREOIR MAIDIR LE HAER NIOS GLAINE DON EORAIP (CAFE)

Is sa Treoir CAFE (2008/50/CE) a thugtar na príomhfhórlacha reachtaíochta de chuid an AE do chosaint na sláinte daonna ón truailliú don aer comhthimpeallach, agus do chur chun cinn an aeir níos glaine san AE. Is inti a leagtar amach an chreatlach ghinearálta do mheasúnú agus monatóireacht na dtuailleán aeir thosaíochta, agus a shocraítear na teorainneacha faoi cheangal dlíthiúil do thiúchan truailléan guaiseach sonrach san aer comhthimpeallach lena n-áirítear mín-ábhar cáithnínach, PM_{2.5}, a théann i bhfeidhm ar an tsláinte dhaonna fiú féin ag leibhéil fíorísle. Agus aitheantas á thabhairt chuige sin, teastaíonn laghdú sna leibhéil PM_{2.5} ón treoir seo, fiú féin ag leibhéil faoi bhun teorainneacha sonraithe.

Is sa Treoir um Uasteoireannacha Astaíochta Náisiúnta a leagtar amach na huasteorainneacha foriomlána náisiúnta i gcomhair réimse truailléan aeir ón mbliain 2010 ar aghaidh. Táthar ag athbhreithniú na treorach sin i láthar na huaire chun spriocanna níos airde idir na blianta 2020 agus 2025 a shocrú, lena n-áirítear i gcomhair mínábhair cháithnínigh. Is foinse dhíríreach de na hastuithe úd é dó na mÓna do ghiniúint an leictreachais nó don téamh baile.

RIALACHÁIN NA GCOMHPHOBAL EORPACH (DLITEANAS COMHSHAOIL) 2008, AGUS LCS IS PORTAIGH ARDAITHE FAOI CHOSAINT

Is trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dlíteanas Comhshaoil) 2009 (ELR) a thrauítear Treoir an AE 2004/35/CE (ELD) um dhlíteanas comhshaoil i ndáil le cosc agus le réiteach na díobhála comhshaoil, agus tháinig siad i bhfeidhm in Éirinn an 1 Aibreán 2009. Is éard is cuspóir leis na Rialacháin seo chun creatlach dliteanais chomhshaoil a bhunú, bunaithe ar an bprionsabal gurb é “údar an truaillithe a íocfaidh as” chun díobháil don chomhshaoil a chosc agus a réiteach.

Is í an aidhm atá leo na hoibreoírí a rinne damáiste don chomhshaoil lena ngníomhaíochtaí a chur faoi dhlíteanas as réiteach na díobhála. Ceapadh an GCC mar an t-údarás iniúil d’fhorfheidhmiú an ELD. Is ionann an cineál díobhála comhshaoil a fheidhmítear i gcás na bportach agus “díobháil do speicis chosanta agus do ghnáthóga nádúrtha”. Ciallaíonn “Díobháil do speicis chosanta agus do ghnáthóga nádúrtha” aon díobháil ag a mbíonn tionchair dhiúltacha suntasacha maidir le ghnóthú nó cothabháil an stádaís chaomhantais fhabhraigh i leith na ngnáthóg nó na speiceas úd; déanfar suntas na n-éifeachtaí úd a mheasúnú trí thagairt don riocht bonnlíne, ag tabhairt na gcritéar san áireamh a leagtar amach i Sceideal 1.

Ba chóir go n-aicmeofaí aon obair a dhéantar ar shuíomh faoi chosaint (LCS is Portach Ardaithe) óna dtagann meathlú ón mbonnlíne mar chinn suntasach mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dlíteanas Comhshaoil) 2008.

Ní mór don GCC glacadh le gníomhartha áirithe faoi na Rialacháin nuair a éiríonn sí feasach gur tharla eachtra Díobhála Comhshaoil nó go bhfuiltear faoi Bhagairt Díobhála Comhshaoil Láithrí mar a shainmhínítear sna Rialacháin. Tá an chumhacht ag an GCC chun glacadh le bearta áirithe lena n-áirítear eisiúint treoracha ceangailteacha le hoibreoírí chun dul i mbun gníomhartha áirithe lena n-áirítear scor agus athchóiriú. Is cion é chun mainneachtain chun comhlíonadh le haon treoir agus is féidir fíneáil suas le €500,000 nó trí bliana sa charcair a ghearradh ar oibreoír.

AN CHREAT-TREOIR UISCE

Foráiltear leis an Treoir seo do chosaint cháilíocht an uisce san AE. Foráiltear inti do chosaint ghinearálta na héiceolaíochta uiscí, do chosaint shonrach na ngnáthóg uathúil agus luachmhar, do chosaint na n-acmhainní uisce óil, agus do chosaint an uisce fholctha. Caithear na cuspóirí sin go léir a chomhtháthú i leith gach abhantrach. Ní bhíonn feidhm leis na trí cinn deiridh - gnáthóga speisialta, limistéir uisce óil agus uisce folctha - ach amháin i leith dobharlach ar leith (iad siúd a thacaíonn le bogaigh speisialta; iad siúd a aithnítear do bhaint an uisce óil; iad siúd a mbaintear leas go coitianta astu mar láithreacha folctha. Ba cheart go gcuirfí an chosaint éiceolaíochta ar fáil go gach uisce i gcodarsnacht leis sin: is é ceanglas lárnach an Chonartha go dtabharfar cosaint don chomhshaoil chuig leibhéal ard trí chéile.

AN TREOIR MAIDIR LE TUILTE / CFRAMS

Tháinig Treoir 2007/60/CE um measúnú agus bainistiú na mbaol tuilte i bhfeidhm an 26 Samhain 2007. Teastaíonn ó Bhallstáit faoin Treoir seo chun measúnú an bhfuil gach sruthchúrsa agus clár cósta i mbaol tuilte, méid na dtuilte agus na sócmhainní agus daoine i mbaol a léarscáiliú sna ceantair úd, agus chun dóthain beart comhordaithe a ghlacadh chun an baol tuilte sin a laghdú. Treisíonn an Treoir seo cearta an phobail freisin chun rochtain a fháil ar an eolas sin agus chun cead cainte a fháil sa phróiseas pleanála.

Forbraíodh an clár náisiúnta um Measúnú ar Bhaol Tuilte d’Abhantrach (CFRAM) chun ceanglais na Treorach Tuilte a shásamh, chomh maith le croí-chodanna den Bheartas Tuilte Náisiúnta 2004 a sheachadadh. Áirítear trí phríomhaschur leis an gClár CFRAM:

- 2011 – Measúnú ar Bhaol Tuilte
- 2013 – Léarscáiliú ar Bhaol agus Guais Tuilte
- 2015 – Pleananna Bainistíochta Baoil Tuilte

Táthar ag cur an chláir náisiúnta CFRAM chun feidhme trí staidéar ar scála na nDúichí Abhantraí (DA) agus is éard is cuspóirí na staidéar sin:

- Baol guaiseach reatha agus féideartha na todhchaí laistigh den abhantrach a aithint agus a léarscáiliú;

- Bearta inmharthana struchtúracha agus neamhstruchtúracha agus roghanna chun bainistíocht a dhéanamh ar bhaol tuilte a shainaitheint;
- Bunachar faisnéise straitéiseach a fhorbairt chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le baol tuilte a bhainistiú;
- Straitéis fhadtéarmach, atá feiliúnach ó thaobh cúrsaí sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de (Plean Bainistithe Baol Tuilte) a fhorbairt chun an baol tuilte a bhainistiú agus chun cabhrú le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht na bpobal san abhantrach a chinntiú; agus
- Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus Measúnacht Iomchuí a dhéanamh chun a chinntiú go mbreithneofar saincheistanna comhshaoil agus deiseanna feabhsúcháin.

Is sa chlár náisiúnta CFRAM lena chur chuige de réir abhantraí a bhreithneofar inmharthana na mbeart stórála chun an baol tuilte a laghdú, lena n-áireofar i gcásanna iomchuí anailís ar chumas stórála na lagphortach.

TREOIR MAIDIR LE MEASÚNACHT COMHSHAOIL

Is nós imeachta í an mheasúnacht comhshaoil lena gcinntítear go nglactar impleachtaí comhshaoil chinntí san áireamh sula nglactar cinntí. Is féidir an mheasúnacht comhshaoil a dhéanamh i leith tionscadal aonair ar bhunús na “Measúnachta Tionchair Timpeallachta” nó i gcás pleananna nó clár poiblí ar bhunús na Treorach um Measúnú Comhshaoil Straitéiseach. Is éard is prionsabal coitianta leis an dá Threoir chun a chinntiú go dtagann na pleananna, clár agus tionscadail ar dócha éifeachtaí suntasach bheith leo don chomhshaoil faoi réir measúnú comhshaoil, sula gceadaítear nó sula n-údaítear iad. Is eochairghné de na nósanna imeachta comhshaoil é an comhairliúchán leis an bpobal.

Is é an cuspóir atá ag na Treoracha um Measúnacht Comhshaoil ná ardleibhéal cosanta a thabhairt don chomhshaoil, agus rannchur le comhtháthú ceisteanna comhshaoil ina dhlúthchuid d’ullmhúchán na dtionscadal, na bpleananna agus na gclár sa tsúil an tionchar comhshaoil leo a laghdú. Is uirlisí ríthábhachtach iad na Treoracha maidir le Measúnacht Comhshaoil don fhorbairt inbhuanaithe.

RIALACHÁIN NA GCOMHPHOBAL EORPACH (BEARTAS UISCE) 2003 – I.R. UIMH. 722 DEN BHLIAIN 2003 ACHOIMRE PRÍOMHFHEIDHMEANNA

Sanntar dualgas ginearálta faoin na Rialacháin 2003 ar gach aon údarás poiblí chun a gcuid feidhmeanna a chleachtadh ar bhealach atá comhsheasmhach le forálacha na Treorach. Is i Sceideal leis na Rialacháin a leagtar amach na húdaráis phoiblí, agus liostaítear thíos iad.

AN ROINN COMHSHAOIL, POBAIL AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL

Cuirtear iallach sonrath ar an Aire faoi na rialacháin chun “forfheidhmiú comhordaithe” na Treorach “a chur chun cinn”. Is iad na feidhmeanna eile a shanntar di ná:

- cúnamh, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, a sholáthar do na húdaráis phoiblí ábhartha i ndáil le comhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi na Rialacháin;
- treoir agus treoracha beartais ghinearálta a eisiúint i ndáil le forfheidhmiú na Rialachán.

ÚDARÁIS ÁITIÚLA

Is iad na húdaráis áitiúla “ag gníomhú i gcomhar a chéile” na húdaráis inniúla sainithe do cheapadh na bpleananna bainistíochta abhantraí agus dá gclár bheart comhbhainteach.

Sainítear údarás áitiúil amháin laistigh de gach dúiche abhantraí mar údarás comhordaithe, cé gur éighníomhach é an ról sin agus é teoranta do bheith ina phointe teagmhála.

Sanntar na feidhmeanna agus na dualgais seo a leanas do na húdaráis áitiúla leis na rialacháin:

- saintréithe an cheantair abhantraí a anailísiú;
- athbhreithniú tionchair na gníomhaíochta daonna ar cháilíocht an uisce;
- stiúradh anailíse eacnamúla ar úsáid an uisce;
- tuairisciú don GCC i leith na n-anailísí agus na n-athbhreithnithe;
- comhlíonadh le hAirteagal 9 den Treoir a chinntiú (aisghabháil chostais na seirbhísí uisce agus na mbeartas praghsála uisce);
- cuspóirí comhshaoil, clár bheart agus pleananna bainistíochta abhantraí a bhunú;
- foráil d’eolas agus comhairliúchán poiblí i leith na bpleananna;
- tuairisciú don GCC i leith dhul chun cinn le forfheidhmiú na bpleananna;
- bunú comhairlí comhairleacha de réir ceantair abhantraí.

GCC

Ainmnítear an GCC mar údarás inniúil sna Rialacháin chun críche tuairisciú chuig an gCoimisiún Eorpach, agus tugtar na cumhachtaí di chun glacadh le cibé beart a mheasann sí bheith cuí chun comhordú gníomhaíochtaí a chothú agus a éascú i mbun chuspóirí na Treorach.

Ní foláir don GCC le Rialachán 20 a cuid cumhachtaí a chleachtadh faoi Alt 63 den Acht na GCC i ndáil le haon údarás poiblí (seachas Aire Rialtais) dá sanntar dualgas le clár monatóireachta nó le clár beart. Tugtar cúram don Ghníomhaireacht freisiin as na feidhmeanna seo a leanas:

- sainiú agus tuairisciú na geantar abhantraí;
- léarscáiliú agus aicmiú gach dobharlach;
- bunú cláir do mhonatóireacht an stádais uisce;
- sannadh dualgas monatóireachta le húdaráis phoiblí;
- bunú cláir de limistéir faoi chosaint;
- tuairisciú don Aire i leith pleananna abhantraí agus clár beart;
- caighdeáin cháilíochta uisce a mholadh d'ábhair thosaíochta;
- critéir a mholadh do mheasúnú na screamhuiscí.

ÚDARÁIS PHOIBLÍ ÁBHARHA

- an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- na húdaráis áitiúla ábhartha
- na húdaráis réigiúnacha sa cheantar
- na boird iascaigh réigiúnacha sa cheantar
- Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
- Teagasc
- An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
- Foras na Mara
- An Príomh-Bhord Iascaigh
- Bord Soláthair an Leictreachais
- Uiscebhealaí Éireann
- Turasóireacht Éireann
- An Chomhairle Oidhreachta
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- An Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil
- Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn
- An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
- An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara

IV NAISC & TUILLEADH FAISNÉISE

An Taisce - <http://www.antaisce.org/>

Bord na Móna - <http://www.bordnamóna.ie/>

Coillte - <http://www.coillte.ie/>

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara - <http://www.agriculture.gov.ie/gaeilge/>

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta - <http://www.ahg.gov.ie/ga/>

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádirtha - <http://www.dcenr.gov.ie/ga-ie/Pages/home.aspx>

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil - <http://www.environ.ie/ga/>

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil - <http://www.epa.ie/#&panel1-5>

Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann - <http://www.ifa.ie/>

Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann - <http://www.ipcc.ie/>

Nasc Tuaithe na hÉireann - <http://www.irishrurallink.ie/>

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra - <http://www.npws.ie/>

Oifig na nOibreacha Poiblí - <http://www.opw.ie/ga/>

An Chomhairle Tailte Móna - <http://www.npws.ie/peatlands-and-turf-cutting/peatlands-council>



Aiteann Muire (*Huperzia selago*)



***An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta***
***Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht***

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
7 Plás Íle, Baile Átha Cliath 2, D02 TW98, Éire

f: +353-1-888 3242 r: nature.conservation@ahg.gov.ie g: www.npws.ie

Lóghlao 1890 383 000

(ó Phoblacht na hÉireann amháin: *Tabhair faoi deara go bhféadann na rátaí a ghearrtar d'úsáid na n-uimhreacha 1890 (LóGhlao) bheith éagsúil ó sholáthraí seirbhíse amháin dá chéile)